*Uimhir* 8 *de* 2006

# An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 8 *de* 2006

# AN tACHT IASCAIGH MHARA AGUS DLÍNSE MUIRÍ, 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt


1. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

2. Mínithe.

3. Rialacháin.

4. Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha.

5. Caiteachais.

CUID 2

IASCAIGH MHARA

CAIBIDIL 1

*Réamhráiteach*

6. Mínithe (*Cuid 2*).

7. Limistéir Mhagh Bhile agus Lú.

CAIBIDIL 2

*Iascaireacht Mhara a Rialáil*

8. Srian le báid iascaireachta mara choigríche do theacht isteach sna teorainneacha iascaigh eisiatacha.

9. Forálacha i ndáil le báid iascaireachta mara choigríche do theacht isteach go dleathach sna teorainneacha iascaigh eisiatacha.

10. Iascaireacht neamhúdaraithe le linn a bheith ar bord báid iascaireachta mara coigríche laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha.

11. Sárú ar Rialachán CE (comhbheartas iascaigh).

12. Cuóta iascaireachta an Stáit a bhainistiú — fógraí.

13. Deiseanna iascaireachta agus iarracht iascaireachta an Stáit a Bhainistiú agus a Rialáil — údaruithe.

14. Rialacháin chun éifeacht a thabhairt don chomhbheartas iascaigh.

15. Bearta rialaitheacha náisiúnta chun forlíonadh a dhéanamh ar an gcomhbheartas iascaigh.

Caibidil 3

*Oifigigh Chosanta Iascaigh Mhara — Báid a choinneáil — Cionta gaolmhara*

16. Oifigigh chosanta iascaigh mhara.

17. Cumhachtaí oifigigh cosanta iascaigh mhara a bhaineann le hiasc mara a iniúchadh, a scrúdú agus a choinneáil, etc.

18. Cumhachtaí oifigigh cosanta iascaigh mhara a bhaineann le báid iascaireachta.

19. Báid agus daoine ar bord a choinneáil i gcás go bhfuil drochamhras ann go ndearnadh cionta.

20. Báid agus daoine a cúisíodh nó atá le cúiseamh a choinneáil go dtí go ndéanfar ionchúiseamh.

21. Báid a choinneáil go dtí go gcinnfear aon imeacht (lena n-áirítear achomhairc) faoi fhoráil iomchuí.

22. Fíneáil a ghnóthú i leith ciona faoi fhoráil iomchuí agus oifigeach cosanta iascaigh mhara do shealbhú earraí a forghéilleadh.

23. Duine a chúiseofar i gcion ar bhád arna choinneáil ag oifigeach cosanta iascaigh mhara a thriail sa Chúirt Dúiche.

24. Cion — bac a chur ar oifigeach cosanta iascaigh mhara, etc.

25. Cion — oifigeach cosanta iascaigh mhara a ionsaí.

26. Díolúine oifigigh cosanta iascaigh mhara.

Caibidil 4

*Nithe a bhaineann le cionta iascaigh indíotáilte, imeachtaí, forghéilleadh*

27. Rogha do dhaoine cúisithe maidir le himeachtaí i ndáil le cionta indíotáilte faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*.

28. Pionóis agus forghéilleadh i leith cionta iascaigh indíotáilte áirithe.

29. Gan bheith d'oibleagáid ar Chúirt forghéilleadh a fhógairt ná a thaifeadadh i gcás forghéilleadh do theacht mar iarmhairt reachtúil ar chiontú.

30. Nithe a fhorghéillfear a dhiúscairt.

31. Fáltais ó dhiúscairt éisc a gabhadh go neamhdhleathach a fhorghéilleadh.

32. Féadfaidh an t-ionchúisitheoir achomharc a dhéanamh i gcoinne imeachtaí a dhíbhe sa Chúirt Dúiche.

33. Cruthúnas gur bád iascaireachta mara coigríche bád áirithe.

34. Cion ag comhlacht corpraithe, etc.

35. Doiciméid trialach a sheirbheáil — daoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát.

36. Cosaint.

37. Toimhde.

38. Cionta achoimre a ionchúiseamh — *Na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*.

39. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí d'ionchúiseamh cionta iascaigh mhara agus cosaint.

Caibidil 5

*An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara*

40. An lá bunaithe.

41. An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara a bhunú.

42. Neamhspleáchas an Údaráis.

43. Feidhmeanna an Údaráis.

44. Feidhmeanna a aistriú.

45. Sócmhainní a aistriú agus dliteanais foirne etc., a aistrítear.

46. Ordacháin bheartais ón Aire don Údarás.

47. Comhaltaí an Údaráis.

48. An Coiste Sainchomhairleach.

49. Nósanna imeachta gearán.

50. Foireann an Údaráis.

51. Oifigigh chosanta iascaigh mhara.

52. Foireann a aistriú ón Aire chuig an Údarás.

53. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

54. Slánaíocht.

55. Comhaltas de Theach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa agus d'údaráis áitiúla.

56. Cód Iompair.

57. Leasanna a nochtadh.

58. Faisnéis faoi rún a nochtadh.

59. Aoisliúntas chomhaltaí an Údaráis.

60. Aoisliúntas fhoireann an Údaráis.

61. Acmhainní a chuirfidh an tAire ar fáil don Údarás.

62. Deontais don Údarás.

63. Táillí.

64. Iasachtaí a fháil.

65. Cuntais agus tuarascáil bhliantúil an Údaráis.

66. Ráiteas Straitéise an Údaráis.

67. Tuarascálacha an Údaráis a fhoilsiú.

68. Cuntasacht an Údaráis do Choistí den Oireachtas.

69. Áitreabh an Údaráis.

70. Séala an Údaráis.

71. An tÚdarás dá choimeád féin ar an eolas maidir le nithe áirithe.

72. An tÚdarás do sholáthar seirbhísí.

73. Mínithe (*Caibidil 5*).

Caibidil 6

*Báid iascaireachta mara a chlárú agus cionta ilghnéitheacha a bhaineann le báid iascaireachta mara*

74. Clár na mBád Iascaireachta.

75. Clárú, litreoireacht agus uimhriú bád iascaireachta mara.

76. Rialacháin.

77. Táillí.

78. Rialacháin 2005 do leanúint i bhfeidhm.

79. Cionta ilghnéitheacha a bhaineann le báid iascaireachta mara.

80. Mínithe (*Caibidil 6*).

CUID 3

Dlínse Mhuirí (Lena nÁirítear Crios Eacnamaíoch Eisiach agus Teorainneacha Iascaigh Eisiatacha) an Stáit

81. Mínithe (*Cuid 3*).

82. Na farraigí teorann.

83. Teorainn fhorimeallach na bhfarraigí teorann.

84. An crios tadhlach.

85. An bhunlíne.

86. Na huiscí inmheánacha.

87. Crios eacnamaíoch eisiach an Stáit.

88. Teorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit.

89. Dlínse i gcás ciona.

90. Neamhnáisiúnach a ionchúiseamh i leith ciona a rinneadh ar long choigríche.

91. Cosaint maidir le dlínse.

92. Fianaise i dtaobh fhairsinge na n-uiscí inmheánacha, na bhfarraigí teorann, an chreasa eacnamaíoch eisiach agus na dteorainneacha iascaigh eisiatacha.

93. Achtacháin a oiriúnú.

94. Orduithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

CUID 4

Leasuithe ar na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2003, ar an Acht Loingis Thráchtála, 1955, ar an Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968, ar an Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996 agus ar an Acht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005

Caibidil 1

*Cionta a Thriail*

95. Forálacha i ndáil le cásanna sa Chúirt Dúiche.

96. Cionta achoimre a ionchúiseamh — *Na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2006.*

Caibidil 2

*Báid iascaireachta mara a cheadúnú agus leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2003*

97. Ceadúnais bád iascaireachta mara.

98. Ceanglas maidir le demhniúchán imréitigh cánach d'iarratasóirí ar cheadúnais bád iascaireachta mara.

99. Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2003.

Caibidil 3

*Loingeas Tráchtála*

100. Leasú ar Acht 1955.

CAIBIDIL 4

*Dobharshaothrú*

101. Leasuithe ilghnéitheacha ar an Acht Iascaigh (Leasú), 1997 — dobharshaothrú.

CAIBIDIL 5

*Lárionaid Chuanta Iascaigh*

102. Leasú ar alt 4 den Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968.

CAIBIDIL 6

*Dumpáil ar Farraige*

103. Leasú ar an Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996.

CAIBIDIL 7

*Sábháilteacht Mhuirí*

104. Leasú ar an Acht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005.

SCEIDEAL 1

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

SCEIDEAL 2

COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE MAIDIR LE DLÍ NA FARRAIGE, 1982

CUID V — CRIOS EACNAMAÍOCH EISIACH

SCEIDEAL 3

FEIDHMEANNA FAOI RIALACHÁIN A AISTRÍTEAR


---

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 | 1999, Uimh. 1 |
| An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 | 2001, Uimh. 19 |
| Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 | 1993, Uimh. 8 |
| An tAcht um an Scairbh Ilchríochach, 1968 | 1968, Uimh. 14 |
| An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 | 2000, Uimh. 28 |
| Acht na gCúirteanna, 1964 | 1964, Uimh. 11 |
| An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 | 1924, Uimh. 10 |
| An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 | 1936, Uimh. 48 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994 | 1994, Uimh. 15 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1999 | 1999, Uimh. 10 |
| An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 | 1967, Uimh. 12 |
| An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1996 | 1996, Uimh. 14 |
| Na hAchtanna um Dhumpáil ar Farraige, 1996 agus 2004 | |
| Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 | 1972, Uimh. 27 |
| An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 | 1997, Uimh. 2 |
| An tAcht Airgeadais, 2002 | 2002, Uimh. 5 |
| An tAcht Iascaigh, 1980 | 1980, Uimh. 1 |
| Na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2003 | |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1962 | 1962, Uimh. 31 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1974 | 1974, Uimh. 25 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1978 | 1978, Uimh. 18 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1983 | 1983, Uimh. 27 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1994 | 1994, Uimh. 23 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1997 | 1997, Uimh. 23 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 2001 | 2001, Uimh. 40 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 2003 | 2003, Uimh. 21 |
| An tAcht Iascaigh agus Imeall Trá (Leasú), 1998 | 1998, Uimh. 54 |
| An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 | 1959, Uimh. 14 |
| *Fisheries (Ireland) Act*, 1845 | 8 & 9 Vic., c. 108 |
| *Fisheries (Ireland) Act*, 1846 | 9 Vic., c. 3 |
| An tAcht Iascaigh (Iasachtaí d'Ath-Scrúdú), 1931 | 1931, Uimh. 33 |
| An tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968 | 1968, Uimh. 18 |
| Na hAchtanna um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968 go 2005 | |
| An tAcht Ceadúnas Iascaigh (Ceantar Mhagh Bhile), 1951 | 1951, Uimh. 25 |
| An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 | 1998, Uimh. 29 |
| Acht Iascaigh an Fheabhail, 1952 | 1952, Uimh. 5 |

| | |
|---|---|
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 | 1997, Uimh. 13 |
| An tAcht Iascaigh Fíoruisce (Toirmeasc ar Líontóireacht), 1951 | 1951, Uimh. 21 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| An tAcht um Dhlínse Mhuirí, 1959 | 1959, Uimh. 22 |
| Na hAchtanna um Dhlínse Mhuirí, 1959 go 1988 | |
| An tAcht um Dhlínse Mhuirí (Leasú), 1964 | 1964, Uimh. 32 |
| An tAcht um Dhlínse Mhuirí (Leasú), 1988 | 1988, Uimh. 9 |
| An tAcht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005 | 2005, Uimh. 11 |
| Na hAchtanna um Shábháilteacht Mhuirí, 1992 go 2005 | |
| An tAcht um Shlándáil Mhuirí, 2004 | 2004, Uimh. 29 |
| An tAcht Loingis Thráchtála, 1955 | 1955, Uimh. 29 |
| *Merchant Shipping Act,* 1894 | 57 & 58 Vic., c.60 |
| Na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2005 | |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005 | |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 1997, Uimh. 20 |
| An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 | 1998, Uimh. 30 |
| Acht na bPaitinní, 1992 | 1992, Uimh. 1 |
| *Petty Sessions (Ireland) Act,* 1851 | 14 & 15 Vic., c. 93 |
| An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 | 1974, Uimh. 22 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 | 2003, Uimh. 29 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 2001, Uimh. 45 |
| *Public Offices Fees Act,* 1879 | 42 & 43 Vic., c. 58 |
| An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 | 1991, Uimh. 9 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003 | |
| An tAcht um Thruailliú na Farraige, 1991 | 1991, Uimh. 27 |
| Na hAchtanna um Thruailliú na Farraige, 1991 go 1999 | |
| An tAcht um Thruailliú na Farraige (Leasú), 1999 | 1999, Uimh. 18 |
| An tAcht um Thruailliú na Farraige (Substaintí Guaiseacha) (Cúiteamh), 2005 | 2005, Uimh. 9 |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 1997, Uimh. 39 |
| Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001 | |
| *Trawling in Prohibited Areas Prevention Act,* 1909 | 9 Edw. 7, c. 8 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2005 | |
| An tAcht um Fhiadhúlra, 1976 | 1976, Uimh. 39 |

*Uimhir* 8 *de* 2006

# AN tACHT IASCAIGH MHARA AGUS DLÍNSE MUIRÍ, 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT D'ATHMHEAS, MAILLE LE LEASUITHE, CUID XIII DEN ACHT IASCAIGH (COMHDHLÚTHÚ), 1959 AGUS NA nACHTANNA UM DHLÍNSE MHUIRÍ, 1959 GO 1988, DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR, SA GHAEILGE, AN tÚDARÁS UM CHOSAINT IASCAIGH MHARA NÓ, SA BHÉARLA, *THE SEA-FISHERIES PROTECTION AUTHORITY*, AGUS DO MHÍNIÚ A FHEIDHMEANNA, DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA IASCAIGH, 1959 GO 2003, AN ACHTA LOINGIS THRÁCHTÁLA, 1955, AN ACHTA UM LÁRIONAID CHUANTA IASCAIGH, 1968, AN ACHTA UM DHUMPÁIL AR FARRAIGE, 1996 AGUS AN ACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ 2005, DO LEASÚ NÓ D'AISGHAIRM ACHTACHÁN ÁIRITHE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[4 *Aibreán* 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**1.**—(1) Féadfar an tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006 a ghairm d'Acht 2003 (seachas Cuid 5), de *Chuid 2* agus de *Chaibidil 2* de *Chuid 4* le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Dhobharshaothrú, 1997 go 2006 a ghairm den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, d'ailt 2, 3, agus 4 den Acht Iascaigh agus Imeall Trá (Leasú), 1998, den Acht Iascaigh (Leasú), 2001 agus *d'alt 101* le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Féadfar na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2006 a ghairm de na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2003 agus den Acht seo (seachas *Cuid 3*

agus *ailt 100, 102, 103* agus *104*) le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(5) Féadfar na hAchtanna Loingis Thráchtála, 1955 agus 2006, a ghairm d'Acht 1955 agus *d'alt 100* le chéile.

(6) Féadfar na hAchtanna um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968 go 2005 agus *d'alt 102* le chéile.

(7) Féadfar na hAchtanna um Dhumpáil ar Farraige, 1996 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Dhumpáil ar Farraige, 1996 agus 2004 agus *d'alt 103* le chéile.

(8) Féadfar na hAchtanna um Shábháilteacht Mhuirí, 1992 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Shábháilteacht Mhuirí, 1992 go 2005 agus *d'alt 104* le chéile.

Mínithe.

**2.**—San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1894" an *Merchant Shipping Act,* 1894;

ciallaíonn "Acht 1955" an tAcht Loingis Thráchtála, 1955;

ciallaíonn "Acht 2003" an tAcht Iascaigh (Leasú), 2003;

ciallaíonn "Dlí an Chomhphobail" ionstraim arna glacadh ag institiúid de na Comhphobail Eorpacha;

ciallaíonn "Roinn" an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha;

ciallaíonn "bád iascaireachta mara coigríche" bád iascaireachta mara nach bád iascaireachta mara Éireannach;

ciallaíonn "bád iascaireachta mara Éireannach" bád iascaireachta mara—

(*a*) atá taifeadta i gClár na mBád Iascaireachta,

(*b*) a gceanglaítear le rialacháin faoi *alt 76* é a thaifeadadh amhlaidh, nó

(*c*) atá díolmhaithe óna chlárú amhlaidh le rialacháin faoin alt sin;

ciallaíonn "Aire" an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959;

ciallaíonn "Clár na mBád Iascaireachta" an clár arna chothabháil faoi *alt 74*.

Rialacháin.

**3.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le haon ní dá dtagraítear i *gCuid 2* mar ní atá forordaithe.

(2) Gach rialachán a dhéanfar faoi *Chuid 2* nó alt 25 d'Acht 2003, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha.

**4.**—(1) Déantar gach achtachán a shonraítear i *gcolún (2)* de *Sceideal 1* a aisghairm a mhéid a shonraítear i g*colún (3)* den Sceideal sin.

(2) Faoi réir *ailt 78*, *85(3)*, *92(2)* agus *97(2)*, déantar gach ordú nó rialachán nó ceadúnas, cead nó údarú arna dhéanamh nó arna dheonú faoi achtachán nó faoi fhoráil d'achtachán a aisghairtear le *fo-alt (1)* a chúlghairm.

**5.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

## CUID 2

## Iascaigh Mhara

### Caibidil 1

### *Réamhráiteach*

**6.**—Sa Chuid seo— Mínithe (*Cuid 2*).

ciallaíonn "Acht 1967" an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967;

ciallaíonn "Acht 1972" Acht na gComhphobal Eorpach, 1972;

ciallaíonn "Acht 1994" an tAcht Iascaigh (Leasú), 1994;

ciallaíonn "Acht 1999" an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1999;

ciallaíonn "comhbheartas iascaigh" comhbheartas iascaigh na gComhphobal Eorpach;

ciallaíonn "Rialachán ón gComhphobal" Rialachán ó institiúid de na Comhphobail Eorpacha maidir le caomhnú agus saothrú inchothaithe acmhainní iascaigh faoin gcomhbheartas iascaigh nó leis na nithe a bhaineann leis sin, agus folaíonn sé tagairt do Rialachán ó institiúid de na Comhphobail Eorpacha lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an Rialachán;

folaíonn "trealamh" aon ní, uirlis nó innealra (seachas gléas iascaireachta) a úsáidtear nó is féidir a úsáid chun iasc a láimhseáil, a mheá, a iompar, a phróiseáil nó a stóráil;

ciallaíonn "teorainneacha iascaigh eisiatacha" teorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit;

tá le "teorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit" an bhrí a thugtar dó le *halt 88*;

folaíonn "iasc" agus "iasc mara" speicis anadromacha agus chatadromacha agus gach crústach agus moileasc a fhaightear san fharraige, agus óg agus sceith éisc, agus déanfar tagairtí d'iasc a léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chuid den iasc sin;

tá le "iarracht iascaireachta" agus "deiseanna iascaireachta" an bhrí a shanntar dóibh, faoi seach, i Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 an 20 Nollaig 2002 ón gComhairle[1] agus in aon rialacháin ón gComhphobal arna ndéanamh faoi maidir le caomhnú agus saothrú inchothaithe acmhainní iascaigh faoin gcomhbheartas iascaigh;

[1] IO Uimh. L358, 31.12.2002, lch.59

folaíonn "gléas iascaireachta" aon líon, pota, gaiste, líne, cleith, dreidire nó gaireas eile d'aon chineál agus aon ghabhálas d'aon chineál leis nó léi a úsáidtear nó is féidir a úsáid chun iasc a ghabháil;

ciallaíonn "CITM" an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara;

ciallaíonn "máistir", nuair a úsáidtear é i ndáil le bád iascaireachta mara, an máistir, an scipéir nó an duine eile atá i bhfeighil an bháid de thuras na huaire;

ciallaíonn "líon" acra ab éard é go príomha líonra cibé áit a bhfaightear, a stóráiltear nó a n-úsáidtear é chun iasc a ghabháil san fharraige, cibé acu is líon statach é nó is líon é a tharraingítear nó a tharlaítear nó atá ceaptha lena tharraingt nó lena tharlú;

ciallaíonn "úinéir", i ndáil le bád iascaireachta mara, an duine atá cláraithe mar úinéir an bháid sin nó, mura bhfuil aon duine cláraithe amhlaidh, an duine ar leis nó léi an bád, agus folaíonn sé aon pháirt-úinéir, cairtfhostóir, fruilitheoir, bainisteoir nó oibritheoir ar an mbád;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus léifear an briathar "forordaigh" dá réir sin;

ciallaíonn "ionchúisitheoir" an tArd-Aighne agus, ina ionad nó ina hionad sin, ón lá a cheapfar le hordú a dhéanfar faoi *alt 39*, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí;

ciallaíonn "taifid" aon logleabhar, doiciméad nó aon ábhar scríofa nó clóite eile in aon fhoirm lena n-áirítear aon fhaisnéis a bheidh á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite;

ciallaíonn "foráil iomchuí" *Caibidil 2* nó Cuid 4 d'Acht 2003;

ciallaíonn "iascaireacht mhara" iasc nó iasc mara a iascaireacht nó a thógáil;

ciallaíonn "bád iascaireachta mara" aon long, bád nó soitheach eile d'aon chineál a úsáidtear le haghaidh iascaireachta mara agus folaíonn sé aon soitheach nó bád a úsáidtear chun iasc a chóireáil nó a úsáidtear go páirteach nó go hiomlán chun iasc a iompar;

ciallaíonn "oifigeach cosanta iascaigh mhara" duine a ndearbhaítear le *halt 16* gur oifigeach cosanta iascaigh mhara é nó í;

ciallaíonn "Ard-Rúnaí" Ard-Rúnaí na Roinne;

ciallaíonn "limistéar sonraithe" uiscí atá laistigh d'fholimistéir agus ranna CITM mar a thuairiscítear iad i dTeachtaireacht (85/C347/05) ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach maidir leis an tuairisc ar fholimistéir agus ranna CITM a úsáidtear chun críocha staidrimh agus rialachán iascaireachta san Atlantach Thoir Thuaidh;

ciallaíonn "cuóta iascaireachta an Stáit" cion an Stáit den ghabháil iomlán incheadaithe arna socrú le Rialachán ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach a bhaineann le speicis áirithe éisc i leith tréimhse áirithe;

ciallaíonn "Tábla" Tábla a ghabhann le *halt 28.*

Limistéir Mhagh Bhile agus Lú.

**7.**—Baineann an Chuid seo le Líomatáiste Mhagh Bhile (de réir bhrí Acht Iascaigh an Fheabhail, 1952) agus le Limistéar Lú (de réir bhrí alt 31 den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999).

CAIBIDIL 2

*Iascaireacht Mhara a Rialáil*

Srian le báid iascaireachta mara choigríche do theacht isteach sna teorainneacha iascaigh eisiatacha.

**8.**—(1) Ní dleathach d'aon bhád iascaireachta mara coigríche teacht laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha ach amháin—

(*a*) chun críche nó críoch a aithnítear—

(i) le dlí an Chomhphobail,

(ii) leis an dlí idirnáisiúnta, nó

(iii) le haon choinbhinsiún, conradh nó socrú atá i bhfeidhm de thuras na huaire idir an Stát agus an tír ar léi an bád,

nó

(*b*) chun aon chríche dleathaí nó críoch dleathach eile.

(2) Má thagann bád iascaireachta mara coigríche laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha de shárú ar *fho-alt (1)*, beidh cion déanta ag máistir an bháid.

Forálacha i ndáil le báid iascaireachta mara choigríche do theacht isteach go dleathach sna teorainneacha iascaigh eisiatacha.

**9.**—(1) Má thagann bád iascaireachta mara coigríche laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha—

(*a*) chun críche nó críoch a aithnítear—

(i) le dlí an Chomhphobail,

(ii) leis an dlí idirnáisiúnta, nó

(iii) le haon choinbhinsiún, conradh nó socrú atá i bhfeidhm de thuras na huaire idir an Stát agus an tír ar léi an bád,

nó

(*b*) chun aon chríche dleathaí nó críoch dleathach eile,

ansin—

(I) ní foláir don bhád imeacht as na teorainneacha iascaigh eisiatacha a luaithe a bheidh friotháil déanta ar an gcuspóir a thug an bád isteach amhlaidh, agus

(II) urramófar go cuí aon rialacháin a dhéanfar faoi *fho-alt (2)* agus a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le dea-ord a choinneáil idir báid iascaireachta mara choigríche a bheidh de thuras na huaire laistigh d'fharraigí teorann an Stáit agus idir na daoine a bheidh ar bord na mbád sin.

(3) Más rud é, i ndáil le bád iascaireachta mara coigríche a bheidh tar éis teacht go dleathach laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha nó i ndáil leis na daoine ar bord an bháid sin, go mbeidh sárú déanta (trí

ghníomh nó neamhghníomh) ar *fho-alt (1)*, beidh cion déanta ag máistir an bháid.

Iascaireacht neamhúdaraithe le linn a bheith ar bord báid iascaireachta mara coigríche laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha.

**10.**—(1) Ní dhéanfaidh duine atá ar bord báid iascaireachta mara coigríche iascaireacht, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le hiascaireacht a dhéanamh, le linn don bhád a bheith laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha, mura mbeidh sé nó sí údaraithe le dlí chun é sin a dhéanamh.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh cion déanta aige nó aici.

Sárú ar Rialachán CE (comhbheartas iascaigh).

**11.**—(1) Mura bhforáiltear a mhalairt le dlí, aon duine a sháróidh oibleagáid arna forchur ar an duine le Rialachán ón gComhphobal nó a mhainneoidh an oibleagáid a chomhlíonadh, beidh cion déanta aige nó aici.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le hoibleagáid arna forchur ar an Stát le Rialachán ón gComhphobal.

(3) Tá feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le báid iascaireachta mara laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha,

(*b*) maidir le bád iascaireachta mara Éireannach a bheidh in uiscí, cibé áit a mbeidh sé, agus

(*c*) maidir le haon duine a bheidh ag gabháil d'iasc a chur i dtír, a thrasloingsiú, a cheannach, a láimhseáil, a mheá, a iompar, a phróiseáil, a stóráil, a dhoiciméadú nó a dhíol laistigh den Stát nó de na teorainneacha iascaigh eisiatacha.

(4) I gcás go ndéantar sárú ar oibleagáid arna forchur le Rialachán ón gComhphobal, nó mainneachtain í a chomhlíonadh, ar bhád iascaireachta mara, nó ag bád iascaireachta mara, agus i gcás nach ndéantar duine a shonrú sa Rialachán ón gComhphobal mar dhuine a sháraigh an oibleagáid nó a mhainnigh í a chomhlíonadh, beidh cion déanta ag máistir an bháid agus ag úinéir an bháid araon.

(5) I gcás duine a bheidh ag gabháil d'iasc a chur i dtír, a thrasloingsiú, a cheannach, a láimhseáil, a mheá, a iompar, a phróiseáil, a stóráil, a dhoiciméadú nó a dhíol do dhéanamh sárú ar oibleagáid arna forchur le Rialachán ón gComhphobal, nó mainneachtain í a chomhlíonadh, beidh cion déanta ag an duine a sháróidh an oibleagáid sin, nó a mhainneoidh í a chomhlíonadh.

Cuóta iascaireachta an Stáit a bhainistiú — fógraí.

**12.**—(1) Féadfaidh an tAire, d'fhonn cuóta iascaireachta agus iarracht iascaireachta an Stáit a bhainistiú agus a chaomhnú go cuí agus a shaothrú go réasúnach faoin gcomhbheartas iascaigh, fógraí a eisiúint a bheidh le comhlíonadh ag úinéirí nó máistrí bád iascaireachta mara Éireannach agus ag daoine ar bord orthu maidir le toirmisc nó srianta ar éisc a ghabháil nó maidir leis an gcainníocht éisc is féidir a ghabháil i limistéar sonraithe.

(2) Féadfar, le fógra, srian nó toirmeasc a chur ar feadh tréimhse sonraithe ar stoc éisc sonraithe nó ar ghrúpa sonraithe stoc éisc nó ar chainníocht den chéanna a ghabháil, a choimeád ar bord nó a chur i dtír i limistéar sonraithe agus féadfar an fógra a dhíriú ar gach bád iascaireachta mara nó ar bháid iascaireachta mara de chineálacha, d'fhaid, de mhéideanna nó d'aicmí áirithe.

(3) Ní ghabhfaidh máistir báid iascaireachta mara Éireannaigh d'iascaireacht ar iasc, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara, ná a cheadú, d'aon duine ar bord a bheith ag gabháil di, i limistéar sonraithe ina dtoirmisctear le fógra iasc den sórt sin a ghabháil, a choimeád ar bord nó a chur i dtír.

(4) Ní bheidh ar bord ag bád iascaireachta mara Éireannach, ná ní choinneoidh sé ar bord, aon iasc a thoirmisctear le fógra, agus ní chuirfidh máistir an bháid faoi deara ná ní cheadóidh máistir an bháid aon iasc den sórt sin a bheith, ná a bheith á choinneáil, ag an mbád ná ag aon duine a bheidh ar bord.

(5) Ní bheidh ar bord ag bád iascaireachta mara Éireannach nó ag duine ar bord an bháid, ná ní choinneoidh an bád nó duine ar bord, i limistéar sonraithe ná i dtréimhse shonraithe—

(*a*) méid is mó ná an chainníocht éisc, nó

(*b*) cibé cainníochtaí éisc is mó ná comhdhéanamh na gabhála,

a cheadaítear le fógra i leith an limistéir, ná ní dhéanfaidh an bád sin nó an duine sin méid is mó ná an chainníocht sin a chur i dtír.

(6) Ní dhéanfaidh máistir báid iascaireachta mara Éireannaigh, mura gceadófar é le fógra, le linn na tréimhse sonraithe i bhfógra, a chur faoi deara ná a cheadú an bád a úsáid, i limistéar sonraithe a luafar san fhógra, le haghaidh trasloingsiú éisc a shonrófar san fhógra ná a chur faoi deara ná a cheadú don bhád sin gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe ar muir.

(7) Maidir le máistir báid iascaireachta mara Éireannaigh—

(*a*) sula rachaidh sé nó sí i gceann turais chun iascaireacht a dhéanamh ar iasc a bheidh sonraithe i bhfógra agus a mbeidh iascaireacht ar an iasc sin srianta leis an bhfógra, déanfaidh sé nó sí, má cheanglaítear sin air nó uirthi leis an bhfógra, an port a mbeartaítear an t-iasc a chur i dtír ón mbád ann ar an turas a chríochnú a chur in iúl d'oifigeach cosanta iascaigh mhara.

(*b*) i limistéar sonraithe a bheidh luaite i bhfógra, déanfaidh sé nó sí, roimh aon dul isteach i bport nó aon trasloingsiú éisc ón mbád, má cheanglaítear sin air nó uirthi leis an bhfógra, an tráth agus an áit a rachfar isteach nó a ndéanfar an trasloingsiú, de réir mar a bheidh, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, agus an chainníocht éisc lena mbaineann, a chur in iúl d'oifigeach cosanta iascaigh mhara, agus

(*c*) má cheanglaítear sin air nó uirthi leis an bhfógra, ní dhéanfaidh sé nó sí an t-iasc a chur i dtír in aon phort nó áit mura rud é go mbeidh, ar gach ócáid, ceadú tugtha roimh ré ag oifigeach cosanta iascaigh mhara chun an t-iasc a chur i dtír.

(8) Déanfar fógra, ina sonrófar dáta agus tráth a eisiúna agus an dáta óna dtiocfaidh sé i bhfeidhm, nach lá is luaithe ná an lá tar éis a chéadfhoilsithe, a fhoilsiú ar cibé modh a mheasfaidh an tAire a bheith cuí agus fóirsteanach sna himthosca (lena n-áirítear meán leictreonach, cibé acu tríd an bpost leictreonach, trí mhacasamhail, tríd an idirlíon, nó ar shlí eile, nó trína fhoilsiú i nuachtán a fhoilsítear agus a scaiptear sa Stát nó chuig eagraíochtaí a mheasfaidh an tAire a bheith ionadaitheach do leasanna daoine atá ag gabháil don iascaireacht mhara).

(9) Gan dochar *d'fho-alt (8)*, déanfar fógra maidir le foilsiú fógra tríd an bhfógra a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

(10) Féadfar cóip den Iris Oifigiúil a n-airbheartaítear ina leith go bhfuil fógra inti a thabhairt ar aird i ngach cúirt agus i ngach imeacht dlí agus is fianaise í, mura suífear a mhalairt, ar an bhfógra.

(11) Féadfar cóip d'fhógra, a mbeidh deimhniú formhuinithe uirthi is deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag oifigeach de chuid na Roinne (arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an Ard-Rúnaí) á rá gur cóip dhílis den fhógra í an chóip, a thabhairt ar aird, gan cruthú ar shíniú an oifigigh sin, i ngach cúirt agus i ngach imeacht dlí, agus is fianaise í, mura suífear a mhalairt, ar an bhfógra.

(12) Maidir le máistir báid iascaireachta mara Éireannaigh a sháróidh *fo-alt (3), (4)* nó *(6)*, beidh cion déanta aige nó aici.

(13) I gcás go ndéantar sárú ar *fho-alt (5)*, beidh cion déanta ag máistir an bháid iascaireachta mara Éireannaigh ar ar tharla an sárú.

(14) Maidir le máistir báid iascaireachta mara Éireannaigh a mhainneoidh *fo-alt (7)* a chomhlíonadh, beidh cion déanta aige nó aici.

(15) Beidh sé de dhualgas ar mháistir báid iascaireachta mara Éireannaigh é féin nó í féin a choimeád ar an eolas i dtaobh fógraí a bhaineann le hiascaireacht óna bhád nó óna bád.

(16) Féadfaidh an tAire a údarú i scríbhinn d'oifigeach de chuid na Roinne fógra a eisiúint thar a cheann nó thar a ceann.

(17) San alt seo, ciallaíonn "fógra" fógra arna eisiúint faoi *fho-alt (1).*

Deiseanna iascaireachta agus iarracht iascaireachta an Stáit a Bhainistiú agus a Rialáil — údaruithe.

**13.—**(1) Féadfaidh an tAire, chun go ndéanfar deiseanna iascaireachta agus iarracht iascaireachta do bháid iascaireachta mara Éireannacha a bhainistiú agus a chaomhnú go cuí agus go héifeachtach agus a shaothrú go réasúnach faoin gcomhbheartas iascaigh, dá rogha féin—

(*a*) (i) ar iarratas a fháil ó aon duine, i cibé foirm a chinnfidh an tAire, nó

(ii) ar thionscnamh an Aire féin i leith aon duine—

(I) is úinéir báid iascaireachta mara Éireannaigh atá taifeadta i gClár na mBád Iascaireachta, agus

(II) dár deonaíodh ceadúnas báid iascaireachta mara,

agus

(*b*) ar an duine do thabhairt don Aire cibé faisnéis a éileoidh an tAire le réasún i ndáil leis an iarratas nó le toilleadh iascaireachta nó oibriú an bháid lena mbaineann,

údarú ("údarú") a dheonú don duine i leith an bháid, lena n-údaraítear, faoi réir an ailt seo, iarracht iascaireachta an bháid a úsáid chun stoc éisc sonraithe ("stoc") nó grúpa sonraithe stoc éisc ("stoic") a ghabháil ón mbád agus a choimeád ar bord i limistéar sonraithe a luafar san údarú agus an stoc sonraithe nó na stoic shonraithe a thógfar sa limistéar sin le linn cibé tréimhse a bheidh sonraithe san údarú a chur i dtír nó a thrasloingsiú.

(2) Féadfaidh an tAire, faoi réir an ailt seo, gan iarratas a fháil, dá rogha féin, údarú a athnuachan ar feadh cibé tréimhse a luafar san údarú athnuaite, i gcás gur deimhin leis an Aire—

(*a*) maidir le sealbhóir an údaraithe, ar dhul in éag don údarú, gurb é nó í i gcónaí is úinéir cairtfhostóir nó fruilitheoir an bháid, de réir mar a bheidh, arb ina leith a deonaíodh an t-údarú, agus

(*b*) go bhfuil an bád lena mbaineann i gcónaí, ar dhul in éag don údarú—

(i) ina ábhar do cheadúnas báid iascaireachta mara, agus

(ii) taifeadta i gClár na mBád Iascaireachta.

(3) Gan dochar do rogha an Aire diúltú údarú a dheonú nó a athnuachan, féadfaidh an tAire diúltú údarú a dheonú nó a athnuachan más rud é, i gcás iarratasóra nó sealbhóra ar údarú, de réir mar a bheidh, go ndearnadh údarú den sórt sin a bhí ar seilbh aige nó aici a chúlghairm roimhe sin.

(4) Ní údarófar le húdarú iascaireacht a dhéanamh ar stoc sonraithe nó stoic shonraithe sa limistéar, nó sna ranna, nó sna folimistéir a bheidh sonraithe san údarú, nó stoc sonraithe nó stoic shonraithe a thógfar ar bord báid nó a ghabhfar sa limistéar sin, nó sna ranna nó sna folimistéir sin, a chur i dtír nó a thrasloingsiú, de shárú ar Rialachán ón gComhphobal nó ar fhógra arna eisiúint faoi *alt 12(1)*.

(5) Féadfaidh an tAire coinníollacha a chur ag gabháil le húdarú—

(*a*) lena sonrófar na cainníochtaí agus na cineálacha gléis iascaireachta a fhéadfar a choimeád ar bord an bháid nó a fhéadfar a úsáid chun an stoc sonraithe nó na stoic shonraithe a iascaireacht, agus an modh ar a n-úsáidfear agus ar a stórálfar an gléas sin,

(*b*) lena sonrófar coinníollacha chun iarracht iascaireachta a úsáid,

(*c*) lena dtoirmiscfear an stoc sonraithe nó na stoic shonraithe a thrasloingsiú nó a chur i dtír seachas in áiteanna sonraithe agus laistigh d'uaireanta sonraithe,

(*d*) lena gceanglófar réamhfhógra sonraithe a thabhairt i dtaobh dul isteach i bport, agus aon fhaisnéis eile a shonrófar san údarú,

(*e*) lena gceanglófar údarú a fháil ó oifigeach cosanta iascaigh mhara chun an stoc sonraithe nó na stoic shonraithe a chur i dtír,

(*f*) lena gceanglófar stoic shonraithe a stóráil ar leithligh,

(*g*) lena gceanglófar na sonraí sonraithe uile a bhailiú, a chomhthiomsú agus a chur faoi bhráid an Aire, ar sonraí iad a measfar iad a bheith riachtanach i ndáil le hiascaireacht, trasloingsiú nó cur i dtír do na stoic shonraithe.

(*h*) lena gceanglófar cúnamh a thabhairt d'oifigigh chosanta iascaigh mhara agus comhoibriú leo le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh,

(*i*) lena gceanglófar cibé taifid a choimeád i ndáil le gníomhaíochtaí an bháid a bheidh sonraithe san údarú,

(*j*) lena gceanglófar go n-éascófar aon duine, arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Roinn nó a gníomhaireachtaí, a chur ar bord an bháid d'fhonn a chinntiú go ndéanfar ceanglais an údaraithe, na reachtaíochta iascaigh, agus na breathnóireachta eolaíochta a chomhlíonadh, agus lena gceanglófar cúnamh agus comhoibriú a chur ar fáil don duine sin le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh nó thairis sin,

(*k*) lena gceanglófar an t-údarú a choimeád ar an mbád lena mbaineann.

(6) Féadfaidh an tAire, mar choinníoll a ghabhann leis an údarú, ó am go ham, srian a chur leis an gcainníocht éisc, le linn cibé tréimhse a chinnfidh sé nó sí, is cainníocht éisc—

(*a*) a fhéadfar a thógáil nó a choimeád ar bord báid údaraithe áirithe in aon limistéar sonraithe nó in aon chuid de, nó

(*b*) i ndáil le hiasc arna thógáil nó arna choimeád amhlaidh, a fhéadfar a chur i dtír nó a thrasloingsiú ón mbád.

(7) (*a*) Féadfar coinníollacha faoi *fho-alt (5)* nó *(6)* a chur ag gabháil le húdarú tráth a dheonaithe nó aon tráth le linn dó a bheith i bhfeidhm.

(*b*) Féadfar coinníoll a athrú aon tráth le linn don údarú a bheith i bhfeidhm agus féadfar coinníollacha breise a chur leis.

(*c*) Déanfar fógra i dtaobh aon choinníll nó athraithe a thabhairt i scríbhinn (lena n-áirítear scríbhinn i bhfoirm leictreonach) do shealbhóir an údaraithe agus d'aon eagraíocht ar dóigh leis an Aire í a bheith ionadaitheach don sealbhóir.

(*d*) Aon choinníoll a chuirfear le húdarú nó a athrófar, tar éis an t-údarú a dheonú, tiocfaidh sé i bhfeidhm de réir mar a shonrófar san fhógra a tugadh do shealbhóir an údaraithe, is tréimhse nach luaithe ná 24 huaire an chloig tar éis an fógra a chur.

(*e*) Is é dualgas shealbhóir an údaraithe aon choinníoll nó athrú ar choinníoll a dtabharfar fógra ina thaobh don sealbhóir faoin bhfo-alt seo a chur in iúl do mháistir an bháid iascaireachta mara lena mbaineann an t-údarú.

(8) Féadfaidh an tAire, mar choinníoll a bheidh ag gabháil leis an údarú, ó am go ham, an iarracht iascaireachta ag bád údaraithe áirithe, in aon limistéar sonraithe nó i dtréimhse ama shonraithe, ar aon stoc sonraithe nó stoic shonraithe nó cineálacha gléis iascaireachta, a shrianadh.

(9) I gcás go mbeidh bád údaraithe ag gabháil i dteannta báid údaraithe eile do dhís-iascaireacht le haghaidh stoic shonraithe nó stoc sonraithe i limistéar a shonrófar in údarú, féadfaidh an bád, d'ainneoin aon sriain faoi *fho-alt (6)*, cibé cainníocht a lamhálfar don bhád eile faoi *fho-alt (6)(a)* a thógáil ar bord, nó sciar an bháid eile den stoc sonraithe nó de na stoic shonraithe a bheidh tógtha amhlaidh a chur i dtír nó

a thrasloingsiú, faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar san údarú a bhaineann leis an mbád eile.

(10) Aon srian faoi *fho-alt (6)* nó *(8)*, measfar gur coinníoll é den údarú lena mbaineann sé agus déanfaidh sealbhóir an údaraithe agus máistir an bháid údaraithe lena mbaineann é a chomhlíonadh.

(11) Maidir le máistir báid cheadúnaithe a sháraíonn aon choinníoll de chuid údaraithe a bhaineann leis an mbád nó a mhainníonn é a chomhlíonadh nó a chuirfidh faoi deara nó a cheadóidh sárú nó mainneachtain den sórt sin, beidh cion déanta aige nó aici.

(12) Más deimhin leis an Aire gur mainníodh Rialachán ón gComhphobal nó an tAcht seo nó coinníoll a shonrófar in údarú a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire an t-údarú a chúlghairm nó a tharraingt siar ar feadh tréimhse.

(13) (*a*) I gcás go mbeartóidh an tAire údarú a chúlghairm nó a tharraingt siar ar feadh tréimhse, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn (lena n-áirítear scríbhinn i bhfoirm leictreonach) do shealbhóir an údaraithe i dtaobh a bhfuil beartaithe agus i dtaobh na gcúiseanna atá leis.

(*b*) Féadfaidh an sealbhóir, laistigh de 14 lá ón dáta a chuirfear an fógra chuige nó chuici, uiríll a dhéanamh chuig an Aire i dtaobh a bhfuil beartaithe.

(*c*) Breithneoidh an tAire na huiríll sin sula dtabharfaidh sé nó sí breith an t-údarú a chúlghairm nó a tharraingt siar.

(*d*) Beidh éifeacht leis an mbreith 24 huaire an chloig tar éis fógra ina taobh i scríbhinn a chur chuig an sealbhóir.

(*e*) Is é dualgas an tsealbhóra an chúlghairm nó an tarraingt siar a chur in iúl láithreach do mháistir an bháid iascaireachta mara lena mbaineann an t-údarú.

(14) Beidh údarú arna chúlghairm más rud é—

(*a*) go scoirfidh sealbhóir an údaraithe de bheith ina úinéir nó ina húinéir ar an mbád arb ina leith a deonaíodh an t-údarú,

(*b*) go mbeidh ceadúnas báid iascaireachta mara i ndáil leis an mbád cúlghairthe nó go ndeachaigh sé in éag, nó

(*c*) go scoirfidh an bád de bheith cláraithe i gClár na mBád Iascaireachta.

(15) Ní dhéanfaidh duine, seachas de bhun údarú, stoc sonraithe nó stoic shonraithe a iascaireacht ó bhád iascaireachta mara Éireannach, a choimeád ar bord báid iascaireachta mara Éireannaigh, nó a thrasloingsiú nó a chur i dtír uaidh, i gcás gur chinn an tAire gur gá údarú don stoc sin nó do na stoic sin agus don bhád sin nó don chineál báid sin.

(16) Ní dhéanfaidh úinéir nó máistir báid iascaireachta mara Éireannaigh, seachas de bhun údarú, a chur faoi deara nó a cheadú—

(*a*) don bhád ná d’aon duine ar bord an bháid iascaireacht a dhéanamh ar an stoc sonraithe nó ar na stoic shonraithe sa limistéar sonraithe, nó

(*b*) an stoc sonraithe nó na stoic shonraithe a thógfar sa limistéar sonraithe a chur i dtír nó a thrasloingsiú ón mbád nó a choimeád ar bord an bháid.

(17) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (15)* nó *(16)*, beidh cion déanta aige nó aici.

(18) Féadfaidh an tAire a údarú do cibé oifigigh don Roinn, a mheasfaidh sé nó sí is gá, údaruithe a dheonú thar ceann an Aire agus coinníollacha a chur le húdaruithe nó coinníollacha a athrú.

(19) San alt seo—

ciallaíonn "údarú" údarú arna dheonú faoi *fho-alt (1)*;

ciallaíonn "bád údaraithe" bád iascaireachta mara Éireannach arb ina leith a deonaíodh údarú atá i bhfeidhm;

ciallaíonn "dís-iascaireacht", i ndáil le bád údaraithe, an bád do tharraingt nó do thrálaeireacht tráil, saighne nó lín eile san fharraige i gcomhpháirt le bád údaraithe eile chun iasc a ghabháil;

ciallaíonn "ceadúnas báid iascaireachta mara" ceadúnas arna dheonú faoi alt 4 (a cuireadh isteach le *halt 97*) d'Acht 2003.

Rialacháin chun éifeacht a thabhairt don chomhbheartas iascaigh.

**14.—**(1) Gan dochar do ghinearáltacht alt 3(1) d'Acht 1972, féadfaidh an tAire, le rialacháin, bearta a fhorordú chun éifeacht a thabhairt d'aon fhoráil de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha nó de dhlí an Chomhphobail lena n-údaraítear d'aon Bhallstát, nó do gach Ballstát, de na Comhphobail Eorpacha srian a chur le hiascaireacht nó le gléas iascaireachta nó le trealamh nó le hiasc a cheannach, a láimhseáil, a mheá, a thrasloingsiú, a iompar, a chur i dtír, a phróiseáil, a stóráil, a dhoiciméadú nó a dhíol, nó na nithe sin a rialáil ar shlí eile i leith an chomhbheartais iascaigh ar mhodh a shonrófar san fhoráil. Féadfaidh feidhm a bheith ag na rialacháin sin maidir le haon cheann nó le gach ceann de na nithe seo a leanas:

(*a*) báid iascaireachta mara laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha;

(*b*) bád iascaireachta mara Éireannach, cibé áit a mbeidh sé; agus

(*c*) aon duine a bheidh ag gabháil d'iasc a cheannach, a láimhseáil, a mheá, a thrasloingsiú, a iompar, a chur i dtír, a phróiseáil, a stóráil, a dhoiciméadú nó a dhíol laistigh den Stát nó de na teorainneacha iascaigh eisiatacha.

(2) Féadfar, go háirithe, le rialacháin faoin alt seo—

(*a*) bearta amhail na bearta seo a leanas a fhorordú—

(i) toirmisc nó srianta ar limistéir nó tráthanna nó modhanna iascaireachta nó ar bháid iascaireachta, nó ar ghléas iascaireachta nó ar threalamh orthu, a úsáid,

(ii) toirmisc nó srianta ar iarracht iascaireachta,

(iii) toirmisc nó srianta ar threalamh bád iascaireachta nó gléas iascaireachta, nó ar na nithe sin a úsáid, a mhodhnú nó a chothabháil nó a stóráil nó ar bhaint leo nó ceanglais maidir leis an gcéanna,

(iv) toirmisc nó srianta ar iasc a ghabháil agus a láimhseáil, ar chomhdhéanamh gabhála éisc, ar iasc a choimeád agus a stóráil ar bord, a thrasloingsiú agus a chur i dtír, lena n-áirítear—

(I) méid ceadaithe agus cineál ceadaithe an éisc a fhéadfar a ghabháil, agus

(II) tráthanna ceadaithe, ionaid cheadaithe agus coinníollacha ceadaithe maidir le hiasc a chur i dtír,

nó cibé bearta eile a fhorordófar,

(*b*) oibleagáidí a fhorchur ar shealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara lena n-áirítear, go háirithe, oibleagáidí i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) iasc a ghabháil agus a láimhseáil, comhdhéanamh gabhála éisc, iasc a choimeád agus a stóráil ar bord, a thrasloingsiú agus a chur i dtír, agus

(ii) taifid a ghlacadh, a dhéanamh agus a choimeád agus cuidiú agus comhoibriú le haon duine a bheidh ceaptha ag an Roinn nó ag a gníomhaireachtaí chun bheith ar an mbád sin,

agus

(*c*) cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a áireamh iontu is dealraitheach don Aire is gá chun críocha na rialachán (lena n-áirítear forálacha lena ndéantar dlí eile, ar leith ón Acht seo, a aisghairm, a leasú nó a chur chun feidhme, fara modhnú nó gan mhodhnú).

(3) I gcás go ndéanfar sárú ar rialachán faoin alt seo—

(*a*) i ndáil le bád iascaireachta mara nó gléas iascaireachta nó trealamh ar bord an bháid, maidir le máistir agus úinéir an bháid agus úinéir an ghléis iascaireachta nó an trealaimh, beidh cion déanta ag gach duine díobh, nó

(*b*) i ndáil le hiasc, maidir le máistir agus úinéir an bháid lena mbaineann, agus le ceannaitheoir, láimhseálaí, meáiteoir, iompróir, agus próiseálaí an éisc, leis an duine a dhéanann an t-iasc a stóráil nó a dhoiciméadú agus le díoltóir an éisc, beidh cion déanta ag gach duine díobh.

(4) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is ar an gcúisí a bheidh sé a shuíomh (de réir mar a bheidh)—

(*a*) go bhfuil sé nó sí i dteideal aon díolúine nó faoisimh ó aon toirmeasc nó srian nó ceanglas a líomhnaítear a sáraíodh, nó

(*b*) nárbh fhéidir sna himthosca a fhios a bheith aige nó aici, nó nach raibh sé réasúnach dó nó di a fhionnadh, go raibh rialachán á shárú.

Bearta rialaitheacha náisiúnta chun forlíonadh a dhéanamh ar an gcomhbheartas iascaigh.

**15.**—(1) Féadfaidh an tAire, chun forlíonadh a dhéanamh ar an gcomhbheartas iascaigh, de réir mar is cuí leis nó léi, le rialacháin, bearta a fhorordú chun iasc a chosaint nó a chaomhnú nó chun saothrú inchothaithe éisc a cheadú, nó chun iascaigh a bhainistiú go réasúnach, ar

bearta iad lena srianfar, nó lena rialálfar ar shlí eile, iascaireacht nó gléas iascaireachta nó trealamh nó iasc a cheannach, a láimhseáil, a mheá, a thrasloingsiú, a iompar, a chur i dtír, a phróiseáil, a stóráil, a dhoiciméadú nó a dhíol. Féadfaidh feidhm a bheith ag na rialacháin sin maidir le haon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

(*a*) báid iascaireachta laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha nó de na huiscí inmheánacha;

(*b*) bád iascaireachta mara Éireannach, cibé áit a mbeidh sé;

(*c*) aon duine a bheidh ag gabháil d'iasc a cheannach, a láimhseáil, a mheá, a thrasloingsiú, a iompar, a chur i dtír, a phróiseáil, a stóráil, a dhoiciméadú nó a dhíol; agus

(*d*) líonta agus a n-úsáid le linn aon trátha nó séasúir nó ag aon áit laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha nó de na huiscí inmheánacha.

(2) Féadfar, go háirithe, le rialacháin faoin alt seo—

(*a*) bearta amhail na bearta seo a leanas a fhorordú—

(i) toirmisc nó srianta ar limistéir nó tráthanna nó modhanna iascaireachta nó ar bháid iascaireachta mhara, nó trealamh orthu, a úsáid,

(ii) toirmisc nó srianta ar iarracht iascaireachta,

(iii) toirmisc nó srianta ar threalamh bád iascaireachta nó gléas iascaireachta, nó ar na nithe sin a úsáid, a mhodhnú nó a chothabháil nó a stóráil, nó ar bhaint leo, nó ceanglais maidir leis an gcéanna,

(iv) toirmisc nó srianta ar iasc a ghabháil agus a láimhseáil, ar chomhdhéanamh gabhála éisc, ar iasc a choimeád agus a stóráil ar bord, a thrasloingsiú agus a chur i dtír, lena n-áirítear—

(I) méid ceadaithe agus cineál ceadaithe na speiceas a fhéadfar a ghabháil, agus

(II) tráthanna ceadaithe, ionaid cheadaithe agus coinníollacha ceadaithe maidir le hiasc a chur i dtír,

(v) bearta atá ceadaithe le Rialachán ón gComhphobal agus a dhéanfaidh an Stát i ndáil le bád iascaireachta mara Éireannach nó le bád iascaireachta mara laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha nó a chuirfidh an Stát i bhfeidhm maidir le ceannaitheoir, láimhseálaí, díoltóir, meáiteoir, iompróir nó próiseálaí éisc agus ar bearta iad lena ndéanfar Rialachán ón gComhphobal nó dlí eile de chuid an Chomhphobail Eorpaigh a fhorlíonadh, nó lena rachfar thar an gcéanna, ach a bheidh ar comhréir le dlí an Chomhphobail agus i gcomhréir leis an gcomhbheartas iascaigh,

nó

(*b*) oibleagáidí a fhorchur ar shealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara lena n-áirítear, go háirithe, oibleagáidí i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) iasc a ghabháil agus a láimhseáil, comhdhéanamh gabhála éisc, iasc a choimeád agus a stóráil ar bord, a thrasloingsiú agus a chur i dtír, agus

(ii) taifid a ghlacadh, a dhéanamh agus a choimeád agus cuidiú nó comhoibriú le haon duine a bheidh ceaptha ag an Roinn nó ag a gníomhaireachtaí chun bheith ar an mbád sin,

nó

(*c*) cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a áireamh iontu is dealraitheach don Aire is gá chun críocha na rialachán.

(3) I gcás go ndéanfar sárú ar rialachán faoin alt seo—

(*a*) i ndáil le bád iascaireachta nó gléas iascaireachta nó trealamh ar bord an bháid, maidir le máistir agus úinéir an bháid agus úinéir an ghléis iascaireachta nó an trealaimh, beidh cion déanta ag gach duine díobh, nó

(*b*) i ndáil le hiasc, maidir le máistir agus úinéir an bháid lena mbaineann agus le ceannaitheoir, láimhseálaí, meáiteoir, iompróir agus próiseálaí an éisc, leis an duine a dhéanann an t-iasc a stóráil nó a dhoiciméadú agus le díoltóir an éisc, beidh cion déanta ag gach duine díobh.

(4) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, is ar an gcúisí a bheidh sé a shuíomh (de réir mar a bheidh)—

(*a*) go bhfuil sé nó sí i dteideal aon díolúine nó faoisimh ó aon toirmeasc nó srian nó ceanglas a líomhnaítear a sáraíodh, nó

(*b*) nárbh fhéidir sna himthosca a fhios a bheith aige nó aici nó nach raibh sé réasúnach dó nó di a fhionnadh, go raibh rialachán á shárú.

(5) San alt seo, ciallaíonn "uiscí inmheánacha" uiscí inmheánacha an Stáit (de réir bhrí *alt 86*).

Caibidil 3

*Oifigigh Chosanta Iascaigh Mhara — Báid a choinneáil — Cionta gaolmhara*

Oifigigh chosanta iascaigh mhara.

**16.—**(1) Is oifigeach cosanta iascaigh mhara gach duine díobh seo a leanas, chun críocha na *nAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*—

(*a*) oifigeach don Roinn arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an Aire,

(*b*) duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *fho-alt (1)*, nó arna údarú nó arna húdarú faoi *fho-alt (2)(a)*, *d'alt 51*,

(*c*) comhalta de na Buan-Óglaigh (nach ísle céim ná mairnéalach ceannais nó ceannaire) atá ag fónamh de thuras na huaire ar

bord aon loinge, soithigh nó aerárthaigh is leis an Stát nó atá ar fostú i seirbhís an Stáit,

(*d*) comhalta den Gharda Síochána, agus

(*e*) oifigeach Custam agus Máil arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(2) Féadfaidh an tAire, le comhaontú aon chomhlachta arna bhunú le reacht nó faoi reacht, a údarú do dhaoine is oifigigh don chomhlacht sin—

(*a*) cibé feidhmeanna de chuid oifigigh cosanta iascaigh mhara faoin Acht seo a chomhlíonadh, nó

(*b*) cuidiú le hoifigeach cosanta iascaigh mhara le linn na feidhmeanna sin a fheidhmiú,

i cibé imthosca nó limistéar, go feadh cibé méid agus faoi réir cibé coinníollacha a shonróidh sé nó sí san údarú.

Cumhachtaí oifigigh cosanta iascaigh mhara a bhaineann le hiasc mara a iniúchadh, a scrúdú agus a choinneáil, etc.

**17.**—(1) Údaraítear oifigeach cosanta iascaigh mhara agus cumhachtaítear dó nó di gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh, is é sin le rá:

(*a*) aon duine atá, nó a gcreidfear é nó í a bheith, ag iompar iasc mara d'aon chineál a stopadh agus aon iasc mara a gheofar á iompar ag an duine a iniúchadh agus, chun na críche sin, aon fheithicil, trealamh nó pacáiste ina bhfuil an t-iasc mara sin á iompar, nó ina bhféadfaidh sé a bheith nó ina gcreidfear é a bheith á iompar, a oscailt, a chuardach agus a scrúdú;

(*b*) gach tráth réasúnach, dul isteach in aon cheann acu seo a leanas nó aon cheann acu a stopadh, de réir mar is cuí, agus saor-rochtain a bheith aige nó aici ar an taobh istigh d'aon cheann acu—

(i) aon áitreabh ina ndéantar, nó ina gcreidtear a dhéantar, iasc mara a dhíol, nó a choimeád, a thaisealbhadh lena dhíol, a stóráil, a phróiseáil nó a dhiúscairt,

(ii) áitreabh aon duine atá ag gabháil don ghnó arb éard é earraí a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh a iompar,

(iii) aon phiara, cé, caladh, lamairne, duga nó áitreabh duga, monarcha bia mara nó saoráid phróiseála nó teach stóir,

(iv) aon long, bád, vaigín iarnróid, leoraí, tancaer, leantóir nó soitheach nó feithicil eile a úsáidtear chun earraí a iompar,

(v) áitreabh aon duine atá ag gabháil don ghnó arb éard é doiciméid ina bhfuil faisnéis maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh a choinneáil;

(*c*) an t-iasc mara go léir a gheofar in aon áit a n-údaraítear dó nó di leis an alt seo dul isteach ann a scrúdú agus, chun na críche sin, aon phacáiste a oscailt a gheofar san áit sin agus a bhfuil, nó a gcreidfear go bhfuil, iasc mara ann;

(*d*) cruinneas na faisnéise in aon doiciméad nó taifead a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh a fhíorú;

(*e*) seiceáil a dhéanamh ar mhéid, meáchan, sainghnéithe agus staid an éisc mhara agus ar oibriú aon trealaimh a úsáidtear chun iasc mara a thomhas, a mheá, a láimhseáil, a stóráil, a thrasloingsiú, a iompar agus a phróiseáil;

(*f*) aon bhád a úsáidtear, nó a gcreidtear go n-úsáidtear é, chun iascaireacht a dhéanamh nó a bhfuil iasc mara a gabhadh nó atá á choimeád go neamhdhleathach ann, a stopadh, a bhordáil agus a scrúdú nó cuardach a dhéanamh air, ar aon chuid den fharraige nó den chladach, agus scrúdú a dhéanamh ar an iasc go léir agus ar gach gléas iascaireachta agus trealamh eile a gheofar air nó ann, nó a úsáidtear uaidh agus, chun na críche sin, aon phacáiste, bolg, umar, coimeádán nó earra eile a bhfuil, nó a bhfuil drochamhras ann go bhfuil, aon iasc, gléas iascaireachta nó trealamh eile den sórt sin ann a oscailt;

(*g*) aon iasc mara (i dteannta nó d'éagmais aon phacáiste nó aon choimeádáin ina mbeidh an t-iasc) a thógáil, a aistriú agus a choinneáil ina choimeád nó ina coimeád, arb iasc mara é a gheofar i gcúrsa aon cheann de na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú agus arb ina leith atá, nó a bhfuil drochamhras ann go bhfuil, cion faoin gCuid seo á dhéanamh nó déanta;

(*h*) aon ghléas iascaireachta nó trealamh eile a úsáidtear le linn iascaireacht a dhéanamh nó is féidir a úsáid chun iascaireacht a dhéanamh nó aon earra a ndlitear, nó a gcreidfear go ndlitear, é a fhorghéilleadh faoin gCuid seo, a thógáil, a aistriú agus a choinneáil ina choimeád nó ina coimeád;

(*i*) ainm agus seoladh an duine a mbeidh ina choimeád nó ina coimeád aon iasc mara nó earra eile a údaraítear dó nó di faoin alt seo scrúdú a dhéanamh air, a iarraidh agus a thógáil, agus fairis sin ainm agus seoladh úinéir an éisc mhara sin nó an earra eile sin a iarraidh ar an duine sin agus a thógáil uaidh nó uaithi;

(*j*) a cheangal ar úinéir aon cheann díobh seo a leanas nó ar aon duine atá bainteach le haon cheann díobh seo a leanas—

(i) aon áitreabh dá dtagraítear i *mír (b)(i)* agus *(ii)* agus *(v)*,

(ii) aon phiara, cé, caladh, lamairne, duga nó áitreabh duga, monarcha bia mara nó saoráid phróiseála nó teach stóir dá dtagraítear i *mír (b)(iii)*, nó

(iii) aon long, bád, vaigín iarnróid, leoraí, tancaer, leantóir nó soitheach nó feithicil eile dá dtagraítear i *mír (b)(iv)*,

cibé faisnéis a thabhairt dó nó di agus cibé taifid atá faoi urláimh an duine sin nó ar fáil dó nó di agus a éileoidh sé nó sí le réasún agus a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh a thabhairt ar aird dó nó di;

(*k*) na doiciméid nó na taifid a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh, nó cóipeanna de na doiciméid nó na taifid sin, nó sleachta astu, a scrúdú agus a thógáil;

(*l*) fianaise, lena n-áirítear fianaise fhótagrafach nó fianaise arna taifeadadh go leictreonach, a ghlacadh d'aon ní a bhaineann le

cion faoin gCuid seo atá á dhéanamh nó a bhfuil drochamhras ann go bhfuil sé á dhéanamh nó déanta.

(2) Nuair a dhéanfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara aon iasc mara nó earra eile a choinneáil ina choimeád nó ina coimeád faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is caoithiúil, cibé bearta is cuí chun go ndéileálfar de réir dlí leis an duine a bheidh cúisithe sa chion líomhnaithe a rinneadh i ndáil leis an iasc mara sin nó leis an earra eile sin.

(3) I gcás go ndéanfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara aon iasc mara a choinneáil ina choimeád nó ina coimeád faoin alt seo agus gur dóigh go dtiocfaidh an t-iasc mara chun bheith neamhoiriúnach mar bhia don duine sula mbeidh sé caoithiúil ag aon chúirt déileáil leis an ní, féadfaidh sé nó sí an t-iasc mara a thabhairt ar aird d'oifigeach ainmnithe (i gcás nach oifigeach ainmnithe é nó í) agus, má údaraíonn an t-oifigeach ainmnithe dó nó di sin a dhéanamh, déanfaidh sé nó sí an t-iasc mara a dhíol nó a dhiúscairt go cuí ar shlí eile.

(4) I gcás go ndéanfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara aon iasc mara beo a choinneáil ina choimeád nó ina coimeád faoin alt seo, féadfaidh sé nó sí an t-iasc mara a thabhairt ar aird d'oifigeach ainmnithe (i gcás nach oifigeach ainmnithe é nó í) agus, má údaraíonn an t-oifigeach ainmnithe dó nó di sin a dhéanamh, cuirfidh sé nó sí an t-iasc mara ar ais san fharraige.

(5) Déanfaidh oifigeach ainmnithe, maidir le hiasc mara a bheidh tugtha ar aird dó nó di faoin alt seo nó a choinnigh sé nó sí ina údarás nó ina húdarás mar oifigeach cosanta iascaigh mhara, i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim gur cheart sna himthosca an t-iasc mara a dhíothú nó a chur ar ais san fharraige, deimhniú a thabhairt don oifigeach cosanta iascaigh mhara a thabharfaidh an t-iasc mara ar aird nó deimhniú a chruthú dó féin nó di féin, de réir mar a bheidh, ar deimhniú i scríbhinn é ina dtabharfar tuairisc ar an iasc mara agus ar aon mharcanna, sainairíonna nó sonraí eile a bhaineann leis a thaispeánfaidh an t-oifigeach cosanta iascaigh mhara dó nó di agus lena n-údarófar don oifigeach an t-iasc mara a dhíothú nó an t-iasc mara a chur ar ais san fharraige, de réir mar a bheidh. Beidh an deimhniú ina fhianaise dhochloíte i ngach cúirt ar na fíorais go léir a bheidh luaite ann.

(6) Seachnóidh oifigeach cosanta iascaigh mhara forneart a úsáid ach amháin nuair is gá agus a mhéid is gá chun sábháilteacht an oifigigh a chinntiú agus i gcás go ndéanfar bagairt ar an oifigeach, nó go gcuirfear bac air nó uirthi, nó go ndéanfar é nó í a imeaglú nó go mbainfear leis nó léi le linn a dhualgais nó a dualgais a fheidhmiú. Ní mó méid an fhornirt ná an méid a theastóidh le réasún sna himthosca.

(7) Déanfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara, nach bhfuil faoi éide, fianaise ar a údarás nó a húdarás a thabhairt ar aird má iarrann duine dá ndéanfar difear air nó uirthi sin a dhéanamh.

(8) Féadfaidh daoine eile a bheith i dteannta oifigigh cosanta iascaigh mhara le linn dó nó di aon chumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú agus féadfaidh an t-oifigeach sin, nó féadfaidh na daoine sin, aon trealamh nó ábhair a thabhairt leis nó léi, nó leo, chun cuidiú leis an oifigeach le linn dó nó di na cumhachtaí sin a fheidhmiú.

(9) San alt seo, ciallaíonn "oifigeach ainmnithe" oifigeach don Roinn nó cibé duine eile a bheidh ainmnithe ag an Aire dá dtabharfaidh

oifigeach cosanta iascaigh mhara iasc mara ar aird chun críocha an ailt seo.

Cumhachtaí oifigigh cosanta iascaigh mhara a bhaineann le báid iascaireachta.

**18.—**(1) Féadfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara, d'fhonn na *hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006* nó Rialachán ón gComhphobal a fhorfheidhmiú maidir le haon bhád iascaireachta mara laistigh de phort sa Stát, de na teorainneacha iascaigh eisiatacha nó (faoi réir dhlí an Chomhphobail nó an dlí idirnáisiúnta) lasmuigh de na teorainneacha sin—

(*a*) i gcás go bhfuil an bád faoi bhealach, a ordú é a stopadh nó a ionramháil de réir mar a ordófar chun é a aithint nó chun ligean don oifigeach dul ar bord air,

(*b*) dul ar bord an bháid,

(*c*) a cheangal ar úinéir an bháid, ar mháistir an bháid, nó ar an gcomhalta d'fhoireann an bháid na deimhnithe cláraitheachta, na ceadúnais, na húdaruithe, na logleabhair nó na taifid eile a bhaineann leis an mbád nó le haon ghléas iascaireachta nó trealamh atá air, leis an bhfoireann nó le haon chomhalta den fhoireann, atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, a thabhairt ar aird, agus iad a iniúchadh agus sleachta a thógáil astu nó cóipeanna a dhéanamh díobh,

(*d*) a cheangal ar mháistir an bháid míniú a thabhairt maidir leis an mbád nó le haon ghléas iascaireachta nó trealamh atá air nó maidir le gníomhaíocht iascaireachta an bháid agus leis na deimhnithe, na ceadúnais, na húdaruithe, na logleabhair, nó na taifid eile a bhaineann leis,

(*e*) an deis lorgaireachta satailíte agus aon trealamh suite eile ar an mbád a iniúchadh agus a cheangal ar úinéir an bháid, ar mháistir an bháid nó ar an gcomhalta d'fhoireann an bháid oibriú an trealaimh sin a thaispeáint, chun a fhíorú an bhfuil an trealamh sin á oibriú go cuí, nár cuireadh isteach air nó nár modhnaíodh é nó nár baineadh leis ar shlí eile agus go bhfuil sé cosanta óna úsáid go míchuí,

(*f*) cuardach a dhéanamh ar an mbád (lena n-áirítear aon phacáiste, bolg, umar, coimeádán nó bád nó árthach eile ar bord),

(*g*) ainm agus seoladh aon duine atá ar bord an bháid a iarraidh agus a thógáil,

(*h*) comhoibriú agus cúnamh a iarraidh ar mháistir nó foireann an bháid i ndáil leis an mbád nó aon ghléas iascaireachta, trealamh nó iasc mara atá air a iniúchadh, a scrúdú agus a choinneáil,

(*i*) i gcás go mbeidh drochamhras aige nó aici le réasún go bhfuil sárú déanta ar an gCuid seo ag aon duine ar bord an bháid, gan toghairm, barántas ná próis eile—

(i) i gcás nach bhfuil an bád i bport, an bád agus gach duine ar bord a thabhairt, nó a threorú go dtabharfar é agus iad, go dtí port nó a ordú do mháistir an bháid an bád a thabhairt láithreach go dtí port sonraithe, agus go dtí go ndéanfar na bearta a cheanglaítear le *halt 20* nó *21*, de réir mar is cuí, an bád agus na daoine ar bord a choinneáil, nó

(ii) i gcás go bhfuil an bád i bport, an bád agus na daoine ar bord a choinneáil ag an bport nó é agus iad a thabhairt go dtí port níos caoithiúla agus é agus iad a choinneáil ansin, go dtí (i gceachtar cás) go ndéanfar na bearta sin.

(2) Seachnóidh oifigeach cosanta iascaigh mhara forneart a úsáid ach amháin nuair is gá agus a mhéid is gá é chun sábháilteacht an oifigigh a chinntiú agus i gcás go ndéanfar bagairt ar an oifigeach, go gcuirfear bac air nó uirthi, go ndéanfar é nó í a imeaglú nó go mbainfear leis nó léi le linn a dhualgais nó a dualgais a fheidhmiú. Ní mó méid an fhornirt ná an méid a theastóidh le réasún sna himthosca.

(3) Déanfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara, nach bhfuil faoi éide, fianaise ar a údarás nó a húdarás a thabhairt ar aird má iarrann duine dá ndéanfar difear air nó uirthi sin a dhéanamh.

(4) Féadfaidh daoine eile a bheith i dteannta oifigigh cosanta iascaigh mhara nuair a bheidh aon chumhachtaí faoin alt seo á bhfeidhmiú aige nó aici agus féadfaidh an t-oifigeach sin, nó féadfaidh na daoine sin, aon trealamh nó ábhair (lena n-áirítear airm thine nó airm eile (i gcás gur comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó den Gharda Síochána é nó í nó aon duine de na daoine eile sin)) a thabhairt leis nó léi, nó leo, chun cuidiú leis an oifigeach le linn dó nó di na cumhachtaí sin a fheidhmiú.

(5) Maidir le máistir loinge a mhainneoidh—

(*a*) déanamh de réir ordú go ndéanfar an bád a stopadh nó a ionramháil de réir ordachán, nó

(*b*) déanamh de réir treorach go dtabharfar an bád chuig port sonraithe,

is ordú nó treoir a thabharfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara faoin alt seo, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Báid agus daoine ar bord a choinneáil i gcás go bhfuil drochamhras ann go ndearnadh cionta.

**19.**—(1) I gcás go mbeidh oifigeach cosanta iascaigh mhara, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó nó di le *halt 18* nó le halt 26(2)(*e*) d'Acht 2003, tar éis bád agus na daoine ar bord an bháid a choinneáil i bport, déanfaidh aon oifigeach cosanta iascaigh mhara (mura rud é go bhfuil sé nó sí ag feidhmiú faoi *alt 21*) a mbeidh drochamhras aige nó aici go bhfuil cion faoi fhoráil iomchuí déanta ag duine ar bord an bháid, iarratas, a luaithe is féidir, chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar ordú lena n-údaraítear leanúint den bhád agus de na daoine sin a choinneáil, agus féadfaidh an breitheamh ordú a dheonú lena n-údarófar an choinneáil sin ar feadh tréimhse 48 n-uaire an chloig, más deimhin leis nó léi go bhfuil an drochamhras sin ag an oifigeach cosanta iascaigh mhara is iarratasóir agus gur drochamhras réasúnach é.

(2) Ar dhul in éag don tréimhse 48 n-uaire an chloig—

(*a*) scaoilfear saor an bád, mura mbeidh ordú nó iarratas ar ordú lena bhforálfar é a choinneáil níos faide arna dhéanamh faoin

alt seo roimh dheireadh na tréimhse 48 n-uaire an chloig sin, agus

(*b*) déanfar gach duine ar bord an bháid a scaoileadh saor, mura mbeidh ordú lena bhforálfar é nó í a choinneáil níos faide arna dhéanamh faoin alt seo roimh dheireadh na tréimhse sin.

(3) San alt seo, folaíonn "iarratas ar ordú" é a lua leis an gcúirt go ndéanfar iarratas chun na cúirte.

Báid agus daoine a cúisíodh nó atá le cúiseamh a choinneáil go dtí go ndéanfar ionchúiseamh.

**20.**—(1) I gcás go mbeidh oifigeach cosanta iascaigh mhara, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó nó di le *halt 18* nó le halt 26(2)(*e*) d'Acht 2003, tar éis bád agus na daoine ar bord an bháid a choinneáil i bport, déanfaidh aon oifigeach cosanta iascaigh mhara, a luaithe is féidir, máistir an bháid agus aon daoine eile ar bord an bháid a bhfuiltear tar éis nó ar tí imeachtaí a thionscnamh ina gcoinne mar gheall ar chion faoi fhoráil iomchuí, a thabhairt os comhair breithimh den Chúirt Dúiche.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh an breitheamh, le hordú arna dhíriú chuig oifigeach cosanta iascaigh mhara, más deimhin leis nó léi go bhfuiltear tar éis nó ar tí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh i gcoinne an mháistir agus na ndaoine eile sin nó i gcoinne aon duine amháin nó níos mó díobh, a cheangal ar an oifigeach an bád agus gach duine den sórt sin (lena n-áirítear an máistir) arb ina leith is deimhin leis nó léi go bhfuiltear tar éis nó ar tí imeachtaí a thionscnamh, a choinneáil i bport sonraithe sa Stát go dtí go ndéanfar na himeachtaí a chinneadh.

(3) Féadfaidh an breitheamh a ordú go ndéanfar duine a bhfuil imeachtaí den sórt sin tionscanta ina choinne nó ina coinne a scaoileadh amach faoi bhannaí sula ndéanfar na himeachtaí a chinneadh.

Báid a choinneáil go dtí go gcinnfear aon imeacht (lena n-áirítear achomhairc) faoi fhoráil iomchuí.

**21.**—(1) (*a*) I gcás—

(i) go gciontóidh breitheamh den Chúirt Dúiche duine i gcion faoi fhoráil iomchuí, nó go ndéanfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche imeachtaí i ndáil le cion den sórt sin a dhíbhe, agus

(ii) go ndearnadh an bád ar a ndearna an duine an cion nó lena mbaineann na himeachtaí a choinneáil faoi *alt 18* nó faoi alt 26(2)(e) d'Acht 2003,

déanfaidh an breitheamh, le hordú arna dhíriú chuig oifigeach cosanta iascaigh mhara, a cheangal ar an oifigeach, i gcás achomhairc i gcoinne an ordaithe, nó aon imeachtaí eile i ndáil leis an ordú, ón gCúirt Dúiche, nó i gcoinne an ordaithe, nó i ndáil leis an ordú, ó aon chúirt eile chun a dtabharfar an cás, bíodh nó ná bíodh sé ar mhodh achomhairc nó ar shlí eile, an bád a choinneáil níos faide i bport sonraithe sa Stát go dtí go gcinnfear an t-achomharc nó na himeachtaí eile (agus aon imeachtaí de dhroim an achomhairc nó na n-imeachtaí eile).

(*b*) I gcás—

(i) go ndéanfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche duine a chur ar aghaidh chun trialach nó i gcomhair pianbhreithe chuig cúirt seachas an Chúirt Dúiche, agus é nó í cúisithe i gcion faoi fhoráil iomchuí, agus

(ii) go ndearnadh an bád ar a ndearna, nó ar a líomhnaítear go ndearna, an duine an cion, a choinneáil faoi *alt 18* nó faoi alt 26(2)(e) d'Acht 2003,

déanfaidh an breitheamh, le hordú arna dhíriú chuig oifigeach cosanta iascaigh mhara, a cheangal ar an oifigeach—

(I) an bád a choinneáil níos faide i bport sonraithe sa Stát go dtí go gcinnfear an cás sa chúirt eile sin, agus

(II) i gcás achomhairc i gcoinne an ordaithe, nó aon imeachtaí eile i ndáil leis an ordú, ón gCúirt Dúiche nó ón gcúirt eile a gcuirfear an duine ar aghaidh chuici faoin mír seo nó ó aon chúirt eile chun a dtabharfar an cás, bíodh nó ná bíodh sé ar mhodh achomhairc nó ar shlí eile, an bád a choinneáil níos faide i bport sonraithe sa Stát go dtí go gcinnfear an t-achomharc nó na himeachtaí eile (agus aon imeachtaí de dhroim an achomhairc nó na n-imeachtaí eile).

(2) (*a*) I gcás, maidir le cion faoi fhoráil iomchuí, go ndéanfar ordú faoi *alt 20* nó faoi *fho-alt (1)* i ndáil le bád, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, dá rogha féin, le hordú arna dhíriú chuig oifigeach cosanta iascaigh mhara, a cheangal an bád a scaoileadh saor má thugtar urrús, a bheidh sásúil i dtuairim an bhreithimh, go ndéanfar, i gcás an cosantóir a chiontú maidir leis an gcion nó i gcás go mainneoidh sé nó sí freastal os comhair aon chúirte nuair a cheanglófar air nó uirthi freastal amhlaidh, i ndáil leis an gcion nó i ndáil le haon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile i ndáil leis an gcion, suim a íoc atá leordhóthanach, i dtuairim an bhreithimh—

(i) chun an fhíneáil uasta a íoc a ordófar a íoc, nó a bhféadfar a ordú í a íoc, maidir leis an gcion,

(ii) chun riar do mhéid measta na gcostas (más ann) a bhaineann le haon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile i ndáil leis an gcion agus a dhámhfar, nó a fhéadfar a dhámhachtain, i gcoinne an chosantóra lena mbaineann, agus

(iii) chun riar do luach measta aon fhorghéilltí a ordófar a dhéanamh, nó a bhféadfar a ordú iad a dhéanamh, ar aon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile i ndáil leis an gcion a chinneadh go críochnaitheach.

(*b*) An t-urrús dá bhforáiltear i *mír (a)*, is urrús é i dteannta, agus ní urrús é in ionad, aon bhanna nó cúirtbhanna eile a gceanglóidh an breitheamh den Chúirt Dúiche lena mbaineann ar an gcosantóir lena mbaineann dul faoi i ndáil le haon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile maidir leis an gcion lena mbaineann.

(3) I gcás go ndéanfar ordú faoin alt seo chun bád a choinneáil nó a scaoileadh saor, déanfar an bád a choinneáil nó a scaoileadh saor, de réir mar a bheidh, de réir théarmaí an ordaithe.

Fíneáil a ghnóthú i leith ciona faoi fhoráil iomchuí agus oifigeach cosanta iascaigh mhara do shealbhú earraí a forghéilleadh.

**22.**—(1) Tá éifeacht leis na forálacha seo a leanas i ndáil le fíneáil i leith ciona faoi fhoráil iomchuí a ghnóthú agus i ndáil leis na costais (más ann) a n-ordófar iad a íoc ag an duine a chiontófar sa chion a ghnóthú:

(*a*) socróidh an chúirt tréimhse ama ar laistigh di a íocfar na costais sin agus an fhíneáil sin (más ann);

(*b*) i gcás an bád lena mbaineann an duine sin a bheith á choinneáil faoin gCaibidil seo, an tráth a éistfear na himeachtaí i leith an chiona sin, déanfaidh an Chúirt, le hordú arna dhíriú chuig oifigeach cosanta iascaigh mhara nó oifigigh chosanta iascaigh mhara, a cheangal ar an oifigeach sin nó ar na hoifigigh sin an bád sin a choinneáil níos faide i bport sonraithe sa Stát go dtí go n-íocfar an fhíneáil sin agus na costais sin (más ann), agus coinneofar an bád sin dá réir sin;

(*c*) i gcás nach n-íocfar an fhíneáil sin agus na costais sin (más ann) laistigh den tréimhse ama a bheidh ráite, féadfar an fhíneáil sin agus na costais sin (más ann) a ghnóthú trí thochsal agus tríd an mbád sin (lena n-áirítear toilleadh an bháid) a dhíol;

(*d*) ní choiscfidh aon ní sna míreanna sin roimhe seo den fho-alt seo an fhíneáil sin agus na costais sin (más ann) a ghnóthú ón duine sin trí ghnáthphróis dlí.

(2) I gcás—

(*a*) go n-ordóidh cúirt faoi *Chaibidil 4* aon earra ar bord báid a fhorghéilleadh, nó go mbeidh sé arna fhorghéilleadh, faoi *Chaibidil 4*, mar iarmhairt reachtúil ar chiontú ag cúirt, agus

(*b*) go gcoinneofar an bád faoi *alt 19* nó alt 26 (2)(*e*) d'Acht 2003,

féadfaidh an Chúirt, ar iarratas a fháil ón ionchúisitheoir, le hordú arna dhíriú chuig oifigeach cosanta iascaigh mhara, a údarú don oifigeach sin an bád sin a choinneáil go dtí go nglacfar seilbh ar an earra a forghéilleadh, agus féadfar an bád sin a choinneáil dá réir sin.

(3) I gcás earra ar bord báid a fhorghéilleadh faoi fhoráil iomchuí, féadfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara a iarraidh ar mháistir an bháid sin cibé saoráidí a chur ar fáil (lena n-áirítear an bád a aistriú ó áit go háit agus nithe a dhéanamh ar an mbád sin, dó nó leis, ar a threalamh, dó nó leis nó ar a innealra, dó nó leis) a éileoidh an t-oifigeach cosanta iascaigh mhara sin le réasún chun a chumasú dó nó di seilbh a ghlacadh ar an earra.

(4) I gcás go mainníonn nó go ndiúltaíonn máistir báid déanamh de réir iarrata arna déanamh chuige nó chuici faoi *fho-alt (3)*, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

Duine a chúiseofar i gcion ar bhád arna choinneáil ag oifigeach cosanta iascaigh mhara a thriail sa Chúirt Dúiche.

**23.**—(1) I gcás—

(*a*) go mbeidh oifigeach cosanta iascaigh mhara, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó nó di le *halt 18* nó le halt 26(2)(*e*) d'Acht 2003, tar éis bád agus na daoine ar bord an bháid a choinneáil i bport sa Stát, agus

(*b*) go líomhnaítear go ndearna duine (ar duine de na daoine sin é nó í) cion faoin gCuid seo,

féadfar an duine a thabhairt os comhair an bhreithimh chuí den Chúirt Dúiche agus—

(i) mura cion faoi alt a shonraítear i dTábla an cion, féadfaidh an breitheamh sin an cás a éisteacht agus a chinneadh, nó

(ii) más cion faoi alt a shonraítear sa Tábla sin an cion, tá dlínse ag an mbreitheamh sin chun déileáil leis an gcás faoi *alt 28(2)* nó *(3)*, de réir mar is cuí.

(2) San alt seo, ciallaíonn "breitheamh cuí den Chúirt Dúiche" an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil an port ina bhfuil an bád agus na daoine lena mbaineann á gcoinneáil.

(3) Ní léifear *fo-alt (1)* mar ní a dhéanann difear d'alt 79 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.

Cion — bac a chur ar oifigeach cosanta iascaigh mhara, etc.

**24.—**(1) Aon duine—

(*a*) a chuireann bac nó treampán ar aon oifigeach cosanta iascaigh mhara i bhfeidhmiú aon cheann de na cumhachtaí a thugtar don oifigeach sin leis an gCuid seo,

(*b*) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn aon cheanglas nó ordachán a dhéanfaidh nó a thabharfaidh an t-oifigeach sin go dleathach faoin gCuid seo (seachas *alt 18*) a chomhlíonadh,

(*c*) a mhainníonn freagra a thabhairt ar aon cheist a chuirfidh an t-oifigeach sin go dleathach faoin gCuid seo, nó

(*d*) i gcás—

(i) go n-iarrfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh air nó uirthi faoi *alt 17(1)(i)* nó *18(1)(g)*, a dhiúltaíonn nó a mhainníonn a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt nó a thugann ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, nó

(ii) go n-iarrfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara ainm agus seoladh aon duine eile go dleathach air nó uirthi faoi *alt 17(1)(i)*, a dhiúltaíonn nó a mhainníonn an t-ainm nó an seoladh a thabhairt, agus an t-ainm agus an seoladh sin ar eolas aige nó aici, nó a thugann ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach,

beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Más rud é, maidir le duine—

(*a*) go gcuireann sé nó sí bac nó treampán ar oifigeach cosanta iascaigh mhara d'fhonn an t-oifigeach a chosc, nó féachaint lena chosc nó lena cosc, ar aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin gCuid seo a fheidhmiú, nó

(*b*) a n-éilíonn oifigeach cosanta iascaigh mhara a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh go dleathach faoin alt seo, go ndiúltaíonn sé nó sí a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt nó go dtugann sé nó sí, mar a ainm agus a sheoladh nó mar a hainm agus a seoladh, ainm

nó seoladh a chreideann an t-oifigeach sin le réasún a bheith bréagach nó míthreorach,

féadfaidh an t-oifigeach nó oifigeach cosanta iascaigh mhara eile (is comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó den Gharda Síochána nó oifigeach Custam agus Máil) an duine a ghabháil, gan bharántas, agus, mura comhalta den Gharda Síochána an t-oifigeach sin, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, an duine a sheachadadh isteach i gcoimeád comhalta den Gharda Síochána chun go ndéileálfar leis nó léi de réir dlí.

Cion — oifigeach cosanta iascaigh mhara a ionsaí.

**25.**—(1) Aon duine a ionsaíonn oifigeach cosanta iascaigh mhara i bhfeidhmiú aon chumhachta a thugtar d'oifigeach cosanta iascaigh mhara faoin gCuid seo nó faoi Chuid 4 d'Acht 2003, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Má ionsaíonn duine oifigeach cosanta iascaigh mhara i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCuid seo nó faoi Acht 2003, féadfaidh an t-oifigeach nó oifigeach cosanta iascaigh mhara eile (is comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó den Gharda Síochána nó oifigeach Custam agus Máil) an duine a ghabháil, gan bharántas, agus, mura comhalta den Gharda Síochána an t-oifigeach sin, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, an duine a sheachadadh isteach i gcoimeád comhalta den Gharda Síochána chun go ndéileálfar leis nó léi de réir dlí.

(3) Leasaítear alt 15(1) d'Acht 1994 trí "oifigeach cosanta iascaigh mhara," a scriosadh.

Díolúine oifigigh cosanta iascaigh mhara.

**26.**—Ní bheidh oifigeach cosanta iascaigh mhara nó duine atá ag gníomhú faoi orduithe oifigigh cosanta iascaigh mhara faoi dhliteanas in aon imeachtaí i leith aon ní a dhéanfar i bhfeidhmiú airbheartaithe cumhachtaí oifigigh cosanta iascaigh mhara faoin gCuid seo más deimhin leis an gcúirt go ndearnadh an gníomh de mheon macánta agus go raibh forais réasúnacha ann chun é a dhéanamh.

Caibidil 4

*Nithe a bhaineann le cionta iascaigh indíotáilte, imeachtaí, forghéilleadh*

Rogha do dhaoine cúisithe maidir le himeachtaí i ndáil le cionta indíotáilte faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006.*

**27.**—(1) (*a*) Féadfaidh duine a bheidh cúisithe i gcion indíotáilte faoi *Chaibidil 2* nó faoi Acht 2003, le toiliú an ionchúisitheora, a roghnú go gcuirfear é nó í ar aghaidh chun trialach sa Chúirt Chuarda ar phléadáil neamhchiontach.

(*b*) Sa chás sin, cuirfidh an t-ionchúisitheoir faoi deara go ndéanfar aon doiciméid a cheanglaítear a sheirbheáil faoi alt 4B nó 4C (a cuireadh isteach le halt 9 d'Acht 1999) d'Acht 1967, agus nár seirbheáladh cheana, a sheirbheáil ar an duine cúisithe nó ar an aturnae (más ann) don duine sin, laistigh de 42 lá tar éis an phléadáil neamhchiontach a thaifeadadh (nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Chúirt Dúiche faoi *fho-alt (2)*

*(a)*), agus cóip de na doiciméid sin a thabhairt don Chúirt Dúiche.

(2) (*a*) Féadfaidh an Chúirt Dúiche, ar iarratas a fháil ón ionchúisitheoir, an tréimhse ar laistigh di a sheirbheálfar aon doiciméid a bheidh ag teastáil faoi alt 4B d'Acht 1967 a fhadú, más deimhin léi—

(i) go bhfuil cúis mhaith ann chun déanamh amhlaidh, agus

(ii) go mbeadh sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.

(*b*) Féadfar iarratas a dhéanamh agus féadfar fadú a dheonú faoi *mhír (a)* roimh dheireadh, nó i ndiaidh dheireadh, na dtréimhsí seo a leanas—

(i) an tréimhse 42 lá a luaitear i *bhfo-alt (1)*, nó

(ii) aon fhadú ar an tréimhse sin a dheonófar faoi *mhír (a)*.

(*c*) I gcás go ndiúltóidh sí fadú a dheonú, déanfaidh an Chúirt Dúiche na himeachtaí i gcoinne an chúisí i ndáil leis an gcion a scriosadh amach.

(*d*) Ní dhéanfaidh scriosadh amach imeachtaí faoi *mhír (c)* dochar do thionscnamh aon imeachtaí breise i gcoinne an chúisí ag an ionchúisitheoir.

Pionóis agus forghéilleadh i leith cionta iascaigh indíotáilte áirithe.

**28.**—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion—

(*a*) faoi fhoráil de *Chaibidil 2* a shonraítear i *dTábla 1*, nó

(*b*) faoi fhoráil de Chuid 2 d'Acht 2003 a shonraítear i *dTábla 2*,

dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, an fhíneáil a shonraítear i *gcolún (3)* den Tábla sin ag an uimhir thagartha ag a sonraítear an fhoráil sin i leith na hearnála báid iascaireachta mara a luaitear sa cholún sin a chur air nó uirthi agus dlífidh sé nó sí an forghéilleadh a shonraítear i *bhfo-alt (5)* a dhéanamh.

(2) Tá dlínse ag breitheamh den Chúirt Dúiche aon chion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a thriail go hachomair, más rud é—

(*a*) gurb é tuairim an bhreithimh gur mionchion is intriailte go hachomair na fíorais a cruthaíodh nó a líomhnaíodh i gcoinne cosantóra a cúisíodh i gcion den sórt sin,

(*b*) go dtoilíonn an t-ionchúisitheoir, agus

(*c*) nach ndéanann an cosantóir (ar an mbreitheamh dá chur in iúl dó nó di go bhfuil an ceart aige nó aici go dtriailfeadh giúiré é nó í) agóid i gcoinne é nó í a thriail go hachomair,

agus, ar é nó í a chiontú faoin bhfo-alt seo, dlífear fíneáil nach mó ná €5,000 a chur ar an gcosantóir agus dlífidh sé nó sí an forghéilleadh a shonraítear i *bhfo-alt (6)* a dhéanamh.

(3) Más rud é, aon tráth, go bhfionnfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche gur mian le duine atá faoi chúiseamh i gcion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* pléadáil ciontach agus gur deimhin leis an mbreitheamh

go dtuigeann an duine brí an chiona agus na fíorais atá sa chúiseamh, féadfaidh sé nó sí—

(*a*) le toiliú an ionchúisitheora, déileáil leis an gcion go hachomair, agus sa chás sin dlífear fíneáil nach mó ná €5,000 a chur ar an gcúisí agus dlífidh sé nó sí an forghéilleadh a shonraítear i *bhfo-alt (6)* a dhéanamh, nó

(*b*) má shíníonn an cúisí pléadáil chiontach, é nó í a chur ar aghaidh, le toiliú an ionchúisitheora, i gcomhair pianbhreithe leis an bpléadáil sin chuig cúirt a bhféadfaí é nó í a chur ar aghaidh chun trialach chuici go dleathach i gcás nár phléadáil sé nó sí ciontach.

(4) Níl feidhm ag alt 13(1) go (3) d'Acht 1967 i ndáil le cion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*. I bhfo-alt 13(4) (arna leasú le halt 10 d'Acht 1999) d'Acht 1967, aon tagairt do dhuine a chuirtear ar aghaidh chun trialach faoi mhír (*a*) den alt sin, léifear í mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhuine a chuirtear ar aghaidh chun trialach faoi *fho-alt (3)(b)* den alt seo.

(5) I gcás go gciontófar duine ar díotáil i gcion a shonraítear i dTábla, i dteannta aon fhíneála a fhorchuirfidh an chúirt faoin alt seo—

(*a*) i gcás ciontú faoi *alt 8* nó *9*, féadfaidh sí a ordú gach iasc agus gléas iascaireachta, nó aon cheann díobh, a gheofar ar an mbád lena mbaineann an cion a fhorghéilleadh, nó

(*b*) i gcás ciontú faoi aon fhoráil eile a luaitear i dTábla, déanfar aon iasc agus aon ghléas iascaireachta a gheofar ar an mbád lena mbaineann an cion nó in aon áit eile a bhfuil siad a fhorghéilleadh mar iarmhairt reachtúil ar an gciontú.

(6) I gcás go gciontófar duine go hachomair i gcion a shonraítear i dTábla, i dteannta aon fhíneála a fhorchuirfidh an chúirt faoin alt seo—

(*a*) i gcás ciontú faoi *alt 8* nó *9*, nó céadchiontú faoi aon fhoráil eile a luaitear i dTábla, féadfaidh sí a ordú gach ceann, nó aon cheann, díobh seo a leanas a gheofar ar an mbád lena mbaineann an cion a fhorghéilleadh, eadhon—

(i) aon iasc a gabhadh go neamhdhleathach, agus

(ii) aon ghléas iascaireachta a úsáideadh le linn an cion a dhéanamh nó lena mbaineann an cion, nó

(*b*) i gcás dara ciontú nó aon chiontú dá éis sin faoi aon fhoráil (seachas *alt 8* nó *9*) a luaitear i dTábla, déanfar gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a gheofar ar an mbád lena mbaineann an cion, eadhon—

(i) aon iasc a gabhadh go neamhdhleathach, agus

(ii) aon ghléas iascaireachta a úsáideadh le linn an cion a dhéanamh nó lena mbaineann an cion,

a fhorghéilleadh mar iarmhairt reachtúil ar an gciontú.

I gcás go dtabharfaidh an Chúirt breith faoi *mhír (a)* gan a ordú gach ceann, nó aon cheann, de na nithe thuas a fhorghéilleadh, tabharfaidh sí cúiseanna nach ndearna sí amhlaidh.

(7) (*a*) Féadfaidh an chúirt, i dteannta aon fhíneála agus aon fhorghéillte a fhorchuirfidh sí nó is iarmhairt reachtúil ar chiontú arna fhorchur faoin alt seo, an ceadúnas báid iascaireachta mara arna dheonú i ndáil leis an mbád lena mbaineann a chúlghairm nó a fhionraí, ar feadh cibé tréimhse is cuí léi.

(*b*) Déanfar ceadúnas a chúlghairfear nó a fhionrófar faoin bhfo-alt seo a sheachadadh a luaithe is indéanta ar an údarás ceadúnúcháin tar éis é a chúlghairm nó a fhionraí.

(*c*) Aon duine a mhainníonn déanamh de réir *mhír (b)*, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi.

TÁBLA 1 — Fíneálacha - Forálacha *Chaibidil 2*

| Uimhir Thagartha | An Fhoráil | Fíneáil nach mó ná an méid a shonraítear thíos ar dhuine a chiontú ar díotáil | | |
|---|---|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) | | |
| | | Earnáil 1 - bád iascaireachta mara is lú ná 12 mhéadar ar fad san iomlán | Earnáil 2 - bád iascaireachta mara 12 mhéadar nó níos mó ach nach mó ná 18 méadar ar fad san iomlán | Earnáil 3 - bád iascaireachta mara is mó ná 18 méadar ar fad san iomlán |
| 1. | Alt 11, 14 nó 15, a mhéid a bhaineann sé leis na nithe seo a leanas— | | | |
| (a) | sárú a bhaineann le toilleadh stórála éisc báid iascaireachta mara, | €20,000 | €50,000 | €100,000 |
| (b) | líonta neamhdhleathacha agus trealamh neamhdhleathach eile, nó | €20,000 | €40,000 | €80,000 |
| (c) | aon sárú nó mainneachtain eile i dtaca le comhlíonadh | €10,000 | €20,000 | €35,000 |
| 2. | Alt 8(2), 9(3) nó 10(2). | €20,000 | €50,000 | €75,000 |
| 3. | Alt 12 nó 13. | €10,000 | €20,000 | €35,000 |

TÁBLA 2 — Fíneálacha - Forálacha Acht 2003

| Uimhir Thagartha | Foráil | Fíneáil nach mó ná an méid a shonraítear thíos ar dhuine a chiontú ar díotáil |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |

| | | Earnáil 1 - bád iascaireachta mara is lú ná 12 mhéadar ar fad san iomlán | Earnáil 2 - bád iascaireachta mara 12 mhéadar nó níos mó ach nach mó ná 18 méadar ar fad san iomlán | Earnáil 3 - bád iascaireachta mara is mó ná 18 méadar ar fad san iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Alt 4(12) (iascaireacht gan ceadúnas báid iascaireachta mara nó de shárú air). | €20,000 | €50,000 | €75,000 |
| 2. | Alt 25(3) (iascaireacht de shárú ar na rialacháin chaomhantais). | €20,000 | €50,000 | €100,000 |
| 3. | Alt 27(5) (mainneachtain filleadh ar phort láithreach ar ordú oifigigh cosanta iascaigh mhara). | €20,000 | €50,000 | €100,000 |

Gan bheith d'oibleagáid ar Chúirt forghéilleadh a fhógairt ná a thaifeadadh i gcás forghéilleadh do theacht mar iarmhairt reachtúil ar chiontú.

**29.**—I gcás go gciontóidh cúirt duine i gcion a shonraítear i dTábla agus go ndéanfar aon ghléas iascaireachta nó iasc faoi *alt 28* a fhorghéilleadh mar iarmhairt reachtúil ar an gciontú, ansin, d'ainneoin aon rialach dlí, ní gá don chúirt—

(*a*) an forghéilleadh sin a fhógairt tráth an bhreithnithe, ná

(*b*) an forghéilleadh sin a thaifeadadh i leabhar miontuairiscí an bhreithimh, i nduilleog na gcúiseamh ná san ordú ciontaithe.

Nithe a fhorghéillfear a dhiúscairt.

**30.**—Más rud é, maidir le haon ní a dhéanfar a fhorghéilleadh faoi *alt 28* mar iarmhairt reachtúil ar chiontú nó le hordú ó chúirt, go n-urghabhfar é go dleathach, féadfaidh an tArd-Rúnaí a ordú go ndéanfar an ní sin a dhíol nó a dhiúscairt thairis sin ar cibé modh is cuí leis nó léi chun tairbhe don Státchiste.

Fáltais ó dhiúscairt éisc a gabhadh go neamhdhleathach a fhorghéilleadh.

**31.**—(1) I gcás go suífear chun sástacht na cúirte gur dóichí ná a mhalairt gur gabhadh iasc de shárú ar aon dlí de chuid an Stáit nó ar dhlí an Chomhphobail nó de shárú ar aon chomhaontú idirnáisiúnta ar páirtí ann an Stát, déanfar an margadhluach cuí ó dhiúscairt an éisc sin a fhorghéilleadh don Stát agus féadfar é a ghnóthú, de réir an ailt seo—

(*a*) i gcás báid iascaireachta mara Éireannaigh, ó úinéir nó ó úinéirí an bháid sin mar a bheidh taifeadta i gClár na mBád Iascaireachta má tá an bád cláraithe sa chlár sin nó ó shealbhóir an cheadúnais báid iascaireachta mara don bhád lena mbaineann, nó

(*b*) i gcás aon bháid iascaireachta mara eile, ó úinéir nó ó úinéirí an bháid lena mbaineann.

(2) Maidir le forghéilleadh faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) is forghéilleadh é i dteannta, agus ní forghéilleadh é in ionad, aon fhíneála nó forghéillte eile a fhorchuirfidh cúirt i ndáil leis an mbád iascaireachta mara nó leis an iascaireacht mhara

lena mbaineann agus déanfar é a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais, agus

(*b*) féadfar é a fhorchur i gcás nach raibh aon imeachtaí ann mar gheall ar chion i ndáil leis an mbád iascaireachta mara nó leis an iascaireacht mhara lena mbaineann.

(3) Féadfaidh oifigeach cosanta iascaigh mhara fianaise *prima facie* gur gabhadh iasc go neamhdhleathach a thabhairt ar aird ón logleabhar nó ó thaifid eile a bhaineann leis an mbád iascaireachta mara nó leis an iascaireacht mhara lena mbaineann.

(4) D'fhonn luacháil chuí a shuíomh ar na fáltais a bheidh le forghéilleadh ionas go léireofar éifeachtaí eacnamaíocha na hiascaireachta mara neamhdhleathaí lena mbaineann, tabharfaidh an chúirt aird ar an méid is mó de na méideanna seo a leanas—

(*a*) méid na bhfáltas ó dhiúscairt de réir aon fhianaise doiciméadaí a chuirfidh úinéir an bháid iascaireachta mara lena mbaineann faoi bhráid na cúirte, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an chúirt, nó

(*b*) margadhluach cuí an éisc mhara lena mbaineann ina bhfuil díoltóir toiliúil agus ceannaitheoir toiliúil ag oibriú ar neamhthuilleamaí, a mhéid a d'fhéadfaí an luach sin a shuíomh le réasún:

Ar choinníoll, i gcás gur diúscraíodh an t-iasc mara lena mbaineann chun a stórála ar dtús agus gur diúscraíodh é ar shlí eile dá éis sin ar luach eile, go nglacfar gurb é luach na diúscartha is mó margadhluach cuí an éisc mara lena mbaineann.

(5) Féadfaidh an tAire imeachtaí faoi *fho-alt (1)* a thionscnamh nó féadfar iad a thionscnamh ar agra an Aire.

(6) San alt seo—

folaíonn "diúscairt" díol, malartú, babhtáil nó idirbheart eile atá bunaithe ar luacháil ar an iasc lena mbaineann;

folaíonn "bád iascaireachta mara lena mbaineann" bád iascaireachta mara Éireannach, cibé áit a bhfuil sé, agus aon bhád iascaireachta mara eile a dhiúscraíonn iasc laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha nó i bport nó in áit chalaíochta eile sa Stát.

Féadfaidh an t-ionchúisitheoir achomharc a dhéanamh i gcoinne imeachtaí a dhíbhe sa Chúirt Dúiche.

**32.**—(1) I gcás go ndéanfar aon imeachtaí a thriailfear go hachomair sa Chúirt Dúiche mar gheall ar chion faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006* a dhíbhe, cibé acu de bhua na dtuillteanas nó gan dochar é, féadfaidh an t-ionchúisitheoir achomharc a dhéanamh i gcoinne an ordaithe díbhe chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda ar laistigh dá Chuaird nó dá Cuaird atá an teach cúirte ina ndearnadh an t-ordú.

(2) Féadfaidh an breitheamh den Chúirt Chuarda, ar achomharc faoi *fho-alt (1)*, an t-ordú a athrú, a dhaingniú, nó a fhreaschur agus is breith chríochnaitheach dhochloíte a bhreith nó a breith agus ní bheidh sí inachomhairc.

Cruthúnas gur bád iascaireachta mara coigríche bád áirithe.

**33.**—(1) Más rud é, in aon imeachtaí mar gheall ar chion faoin gCuid seo nó faoi Acht 2003, go bhfuil fianaise ann ónar dealraitheach don

chúirt, maidir leis an mbád iascaireachta mara lena mbaineann an cion a líomhnaítear nó ar ar bord uirthi a líomhnaítear a rinneadh an cion sin, gur de ghné choigríche nó de thionscnamh coigríche í nó gur tharla, an tráth nó thart ar an tráth a ndearnadh an cion a líomhnaítear—

(*a*) nach raibh aon bhratach ar foluain ar an mbád sin nó go raibh bratach ar foluain uirthi nárbh í an bhratach náisiúnta í,

(*b*) go raibh ainm aon áite seachas port atá luaite sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1955 marcáilte ar dheireadh an bháid sin, nó

(*c*) go raibh aon leabhair, páipéir nó doiciméid eile ar bord an bháid sin ónar dealraitheach amhlaidh nár long Éireannach (de réir bhrí alt 9 den Acht sin) an bád,

ansin, go dtí go suífear a mhalairt, is leor an fhianaise sin lena chruthú gur bád iascaireachta mara coigríche an bád sin.

(2) I gcás go gcruthófar in imeachtaí mar gheall ar chion faoin gCuid seo nó faoi Acht 2003 go raibh ar an mbád iascaireachta mara lena mbaineann an cion a líomhnaítear nó ar ar bord uirthi a líomhnaítear a rinneadh an cion sin bratach ar foluain seachas an bhratach náisiúnta an tráth nó thart ar an tráth a ndearnadh an cion a líomhnaítear, féadfaidh an cosantóir an toimhde a tugadh ar aird le *fo-alt (1)*, a mhéid a bhraitheann sí ar an gcruthúnas sin, a fhrisnéis trína chruthú nár bhratach de shainghné náisiúntachta an bhratach a bhí ar foluain amhlaidh.

Cion ag comhlacht corpraithe, etc.

**34.—**I gcás cion faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006* a bheith déanta ag comhlacht corpraithe nó ag duine a airbheartóidh gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe nó thar ceann comhlachta neamhchorpraithe daoine agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúlcheadú aon duine eile, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh aon duine eile, ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile (lena n-áirítear comhalta den chomhlacht sin), nó a d'airbheartaigh gníomhú mar dhuine den sórt sin, nuair a rinneadh an cion, déanann an duine eile sin, chomh maith leis an gcomhlacht nó an duine a airbheartaíonn amhlaidh gníomhú thar ceann an chomhlachta, cion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

Doiciméid trialach a sheirbheáil — daoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát.

**35.—**(1) I gcás go mbeartóidh breitheamh den Chúirt Dúiche ordú a dhéanamh go scaoilfear amach faoi bhannaí cosantóir a bheidh os a chomhair nó os a comhair agus é nó í cúisithe i gcion faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*, agus ar lasmuigh den Stát atá gnáthchónaí air nó uirthi, ordóidh sé nó sí, mura deimhin leis nó léi go bhféadfar na doiciméid seo a leanas a sheirbheáil go cuí ar an gcosantóir sa Stát, go bhféadfar na doiciméid go léir (lena n-áirítear díotáil), a gceanglaítear le dlí iad a sheirbheáil ar an gcosantóir i dtaca leis an gcúiseamh nó chun críche an chúisimh nó aon imeachtaí de dhroim an chúisimh nó a bhaineann leis, a sheirbheáil ar dhuine a bheidh sonraithe san ordachán agus ar sa Stát atá gnáthchónaí air nó uirthi, in ionad iad a sheirbheáil ar an gcosantóir.

(2) I gcás gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche a mbeidh ordachán tugtha aige nó aici faoi *fho-alt (1)*, nó le breitheamh eile den Chúirt Dúiche a bheidh ag gníomhú ina ionad nó ina hionad, nach bhféadfar, mar gheall ar dhuine a bheidh sonraithe san ordachán d'fháil bháis nó a bheith as láthair ón Stát nó ar aon chúis eile, doiciméad

dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a sheirbheáil ar an duine sin, ordóidh an breitheamh go bhféadfar an doiciméad a sheirbheáil ar dhuine eile a bheidh sonraithe san ordachán agus ar sa Stát atá gnáthchónaí air nó uirthi.

(3) Maidir le doiciméad dá dtagraítear san alt seo a sheirbheáil ar dhuine a bheidh sonraithe in ordachán faoin alt seo, measfar chun gach críche gur seirbheáil í ar an gcosantóir lena mbaineann.

Cosaint.

**36.—**I gcás cion faoi fhoráil iomchuí a bheith déanta ag aon duine ar bord báid iascaireachta mara, agus i gcás go gcúiseofar máistir nó úinéir an bháid sa chion a dhéanamh, is cosaint aige nó aici a shuíomh—

(*a*) go ndearna sé nó sí dícheall cuí chun déanamh na ngníomhartha a líomhnaítear gurb iad an cion iad a chosc agus gur d'éagmais toiliú, cúlcheadú nó mainneachtain dá chuid nó dá cuid a rinneadh iad, nó

(*b*) gur ghá na gníomhartha chun sábháilteacht an bháid nó aon soithigh nó duine eile a bhí i mbaol ar muir a áirithiú.

Toimhde.

**37.—**In ionchúiseamh mar gheall ar chion i ndáil leis an iasc lena mbaineann a ghabháil, a choimeád, a stóráil ar bord, a thrasloingsiú nó a chur i dtír, de shárú ar *Chaibidil 2* nó ar alt 25 d'Acht 2003, toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gur úsáideadh an bád iascaireachta mara lena mbaineann, tráth an chiona líomhnaithe, chun an t-iasc lena mbaineann a ghabháil, a choimeád, a stóráil ar bord, a thrasloingsiú nó a chur i dtír, de shárú ar an bhforáil lena mbaineann—

(*a*) ó aon iasc is iomchuí maidir leis an gcion ar bord an bháid iascaireachta mara sin,

(*b*) ó aon líonta nó trealamh nó earraí eile ar bord an bháid iascaireachta mara sin lena léirítear gur úsáideadh an bád le haghaidh iascaireachta ar iasc is iomchuí maidir leis an gcion, nó chun é a choimeád, a stóráil ar bord, a thrasloingsiú nó a chur i dtír,

(*c*) ó fhianaise go raibh ar bord an bháid iascaireachta mara sin aon taifid ónar dealraitheach don chúirt go ndearnadh, an lá a líomhnaítear go ndearnadh an cion, iasc is iomchuí maidir leis an gcion a ghabháil, a choimeád, a stóráil ar bord, a thrasloingsiú nó a chur i dtír, contrártha don fhoráil lena mbaineann,

(*d*) ó aon admháil ó aon duine atá, de thuras na huaire, ina mháistir nó ina máistir ar an mbád iascaireachta mara sin, nó ina chomhalta nó ina comhalta eile d'fhoireann an bháid iascaireachta mara sin, gur úsáideadh amhlaidh é an tráth sin,

(*e*) ó aon fhianaise fhótagrafach ónar dealraitheach amhlaidh gur úsáideadh an bád iascaireachta mara amhlaidh nó a thugann le tuiscint, nó ar dóigh di a thabhairt le tuiscint, i dtuairim na cúirte, gur úsáideadh an bád iascaireachta mara amhlaidh, nó

(*f*) ó aon sonraí a fuair Ionad Faireacháin Iascaigh (de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 2244/2003 an 18 Nollaig, 2003 ón gCoimisiún[2], lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córais shatailítbhunaithe faireacháin soithí) a dhéanann

[2] IO Uimh. L333, 20.12.2003, lch. 17

faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an bháid, ar sonraí iad ónar dealraitheach amhlaidh gur úsáideadh an bád iascaireachta amhlaidh nó a thugann le tuiscint, nó ar dóigh dóibh a thabhairt le tuiscint, i dtuairim na cúirte, gur úsáideadh an bád amhlaidh.

Cionta achoimre a ionchúiseamh — *Na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006.*

**38.—**(1) Féadfaidh an tAire imeachtaí mar gheall ar chion faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006* (seachas alt a shonraítear i dTábla) a ionchúiseamh go hachomair.

(2) D'ainneoin aon ní in aon achtachán eile, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche cion faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*, seachas cion a shonraítear i dTábla, a chinneadh ar mhodh achomair, ar oifigeach cosanta iascaigh mhara do dhéanamh gearáin, de bhriathra béil nó ar shlí eile.

(3) Chun dlínse a thabhairt faoi *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*, maidir le haon ghníomh is cion faoi na hAchtanna sin agus is intriailte go hachomair, más bád iascaireachta mara a dhéanfaidh é nó más ar bord báid iascaireachta mara a dhéanfar é—

(*a*) measfar go ndearnadh é in aon áit a mbeidh an duine a bheidh cúisithe, nó

(*b*) ar bád iascaireachta mara é a bhí laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha an tráth a rinneadh an gníomh nó a gabhadh an duine cúisithe, measfar go ndearnadh é i ndúiche chúirte dúiche atá tadhlach leis an gcuid sin de na teorainneacha sin ina raibh an bád an tráth a rinneadh an gníomh nó a gabhadh an duine cúisithe, de réir mar a bheidh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí d'ionchúiseamh cionta iascaigh mhara agus cosaint.

**39.—**(1) Féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Ard-Aighne, le hordú, lá a cheapadh ónarb é nó í an Stiúrthóir, faoi réir *fho-alt (2)*, an t-ionchúisitheoir in ionad an Ard-Aighne, ar chion faoi alt a shonraítear i dTábla. Leagfar an tOrdú sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(2) Aon imeachtaí i leith ciona faoi alt a shonraítear i dTábla nó i dTábla a ghabhann le halt 2 d'Acht 1978 a bheidh tionscanta in ainm an Ard-Aighne roimh thosach feidhme ordaithe faoi *fho-alt (1)* agus a bheidh fós ar feitheamh agus nach mbeidh cinneadh déanta ina leith roimh an tosach feidhme sin, leanfar díobh in ainm an Ard-Aighne tar éis an tosach feidhme sin.

(3) Aon imeachtaí mar gheall ar chion faoi alt a shonraítear i dTábla a ghabhann le halt 2 d'Acht 1978 nach mbeidh tionscanta ar thosach feidhme ordaithe faoi *fho-alt (1)*, déanfar iad a ghlacadh in ainm an Stiúrthóra. Dá réir sin, chun críocha na n-imeachtaí sin, léifear an tagairt don Ard-Aighne in alt 2 d'Acht 1978 mar thagairt don Stiúrthóir agus níl feidhm ag alt 18 d'Acht 1978.

(4) Go dtí tosach feidhme ordaithe arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) níl feidhm ag alt 3 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 maidir le cion a ionchúiseamh faoi alt a shonraítear i dTábla nó i dTábla a ghabhann le halt 2 d'Acht 1978 nó maidir le haon fheidhmeanna i ndáil leis an ní sin a mbeadh feidhm aige maidir leis, murach an fo-alt seo, agus

(*b*) déanfar tagairtí in alt 62 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 agus in alt 6 d'Acht na gCúirteanna, 1964 don Stiúrthóir, a mhéid atá feidhm ag na hailt sin i ndáil leis na cionta dá dtagraítear i *mír (a)* nó le haon fheidhmeanna dá dtagraítear sa mhír sin, a fhorléiriú mar thagairtí don Ard-Aighne.

(5) Beidh *fo-alt (4)* arna aisghairm ar thosach feidhme ordaithe arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*.

(6) San alt seo—

ciallaíonn "Acht 1978" an tAcht Iascaigh (Leasú), 1978;

ciallaíonn "Stiúrthóir" an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

## Caibidil 5

### *An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara*

An lá bunaithe.

**40.**—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha na Caibidle seo. Leagfar an t-ordú sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara a bhunú.

**41.**—(1) An lá bunaithe, beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar sa Ghaeilge an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, nó, sa Bhéarla, *the Sea-Fisheries Protection Authority*, dá ngairtear "an tÚdarás" san Acht seo, chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an gCaibidil seo nó faoi a chomhlíonadh.

(2) Beidh an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus beidh séala agus cumhacht agartha aige agus féadfar é a agairt ina ainm corpraithe agus beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Beidh ag an Údarás na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh nó a ghabhann lena fheidhmeanna faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh.

Neamhspleáchas an Údaráis.

**42.**—Faoi réir na Caibidle seo, beidh an tÚdarás neamhspleách ag feidhmiú a fheidhmeanna dó.

Feidhmeanna an Údaráis.

**43.**—(1) Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis—

(*a*) a áirithiú go ndéanfar an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia a fhorfheidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach,

(*b*) comhlíonadh an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia a chur chun cinn agus sáruithe ar an gcéanna a dhíspreagadh,

(*c*) sáruithe ar an dlí iascaigh mhara agus ar an dlí sábháilteachta bia a bhrath,

(*d*) faisnéis a sholáthar do na hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara maidir leis an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia agus nithe iomchuí laistigh de réimse freagrachta an Údaráis, tríd an gCoiste Sainchomhairleach arna bhunú faoi *alt 48* nó ar aon mhodh eile is cuí leis,

(*e*) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le beartas chun an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia a chur i ngníomh go héifeachtach: breithneoidh an tAire aon chomhairle den sórt sin chun críocha *Chaibidil 2*,

(*f*) cúnamh agus faisnéis a sholáthar don Aire i ndáil le réimse freagrachta an Údaráis,

(*g*) sonraí a bhailiú agus a thuairisciú i ndáil le hiascaigh mhara agus sábháilteacht bia de réir mar a cheanglóidh an tAire agus faoi dhlí an Chomhphobail,

(*h*) ionadaíocht a dhéanamh don Stát nó cuidiú i dtaca leis an gcéanna ag fóraim náisiúnta, Chomhphobail agus idirnáisiúnta de réir mar a iarrfaidh an tAire, agus

(*i*) gabháil d'aon ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis de réir mar a cheadóidh an tAire.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais—

(*a*) d'fhonn a fheidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, socruithe nó comhaontuithe a dhéanamh, lena n-áirítear Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse nó conarthaí, leis an Aire Cosanta nó, le toiliú an Aire Cosanta, leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus le hAer-Chór na mBuan-Óglach, i leith na bhfeidhmeanna sin a raibh siad freagrach astu díreach roimh an lá bunaithe nó feidhmeanna eile de chuid an Údaráis de réir mar is cuí,

(*b*) comhaontuithe nó socruithe a dhéanamh le haon Aire eile den Rialtas, nó le haon duine eile, go gcomhlíonfaidh an tAire eile nó an duine eile sin (le híocaíocht nó gan íocaíocht) aon cheann d'fheidhmeanna an Údaráis thar a cheann,

(*c*) comhaontuithe nó socruithe a dhéanamh le haon Aire eile den Rialtas nó le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann go gcomhlíonfaidh an tÚdarás (le híocaíocht nó gan íocaíocht) cibé feidhmeanna a fhéadfaidh sé a chomhlíonadh go cuí i dtaca lena fheidhmeanna faoin gCaibidil seo thar ceann an Aire sin nó an Údaráis eile sin.

Feidhmeanna a aistriú.

**44.**—(1) Déanfar an riarachán agus an gnó i dtaca le comhlíonadh aon cheann de na feidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)* a aistriú, an lá bunaithe, chuig an Údarás.

(2) Maidir leis na feidhmeanna a dhílsítear don Aire nó don Ard-Rúnaí—

(*a*) le hailt 28(3) agus 33(3) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, nó fúthu,

(*b*) le hailt *16(1)*, *17(9)*, *30*, *31(5)* agus *38*, nó fúthu, agus

(*c*) leis na rialacháin a luaitear i *Sceideal 3*, nó fúthu,

beidh siad, an lá bunaithe, arna n-aistriú chuig an Údarás.

(3) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás sula ndéanfaidh sé nó sí rialacháin faoi fho-alt (1), nó ordú faoi fho-alt (2), d'alt 32 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991.

(4) Is gníomhaireacht oifigiúil an tÚdarás, in ionad an Aire, maidir leis an dlí sábháilteachta bia a fhorfheidhmiú, chun críocha an Achta um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

(5) Aon ní a bheidh tosaithe roimh an lá bunaithe ag an Aire, nó faoi údarás an Aire, féadfaidh an tÚdarás, a mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna a aistrítear leis an alt seo, é a sheoladh nó a thabhairt chun críche an lá sin nó dá éis.

(6) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh, arb é nó í an tAire an gearánaí nó an t-ionchúisitheoir iontu, agus go mbeidh tagairt sna himeachtaí d'fheidhmeanna a aistrítear leis an alt seo chuig an Údarás, déanfar ainm an Údaráis, a mhéid a bhaineann na himeachtaí le haon fheidhmeanna a aistrítear leis an alt seo, a chur sna himeachtaí sin in ionad ainm an Aire nó a chur leis na himeachtaí sin, de réir mar is cuí, agus ní rachaidh na himeachtaí sin ar ceal mar gheall ar an ainm sin a ionadú sna himeachtaí nó a chur leo.

(7) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh ar cosantóir iontu an tAire agus go mbeidh tagairt sna himeachtaí d'aon fheidhmeanna a aistrítear leis an alt seo chuig an Údarás, ní chuirfear an tÚdarás in ionad an Aire sna himeachtaí sin d'ainneoin aistriú na bhfeidhmeanna faoin gCaibidil seo.

(8) Gach doiciméad (lena n-áirítear aon deimhniú nó ceadúnas) arna dheonú nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú feidhme a aistrítear leis an alt seo, beidh éifeacht leis, i gcás go raibh sé, agus a mhéid a bhí sé, i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, an lá sin agus dá éis amhail is dá mba é an tÚdarás a dheonaigh nó a rinne é.

Sócmhainní a aistriú agus dliteanais foirne etc., a aistrítear.

**45.**—(1) Déantar na nithe seo a leanas a aistriú chuig an Údarás an lá bunaithe—

(*a*) an mhaoin go léir agus na cearta go léir a bhaineann leis an maoin sin a bheidh, díreach roimh an lá sin, ar seilbh nó ar teachtadh ag an bhfoireann, ag an riarachán nó ag an ngnó a aistrítear chuig an Údarás faoi *alt 44* nó *alt 52*, de réir mar a bheidh, nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a gceann, agus

(*b*) na dliteanais go léir arna dtabhú roimh an lá sin ag an bhfoireann, ag an riarachán nó ag an ngnó a aistrítear amhlaidh, nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a gceann, ar dliteanais iad nár urscaoileadh roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise—

(i) dílseoidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, an lá sin, don Údarás ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir dá raibh sé, díreach roimh an lá sin, dílsithe amhlaidh don fhoireann, don riarachán nó don ghnó a aistrítear amhlaidh, de réir mar a bheidh, ach sin faoi réir na

n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoin agus atá ar marthain agus inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, amhail ar an agus ón lá sin, ar teachtadh ag an Údarás, agus

(iii) beidh na dliteanais sin, amhail ar an agus ón lá sin, ina ndliteanais de chuid an Údaráis.

(2) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an Údarás leis an alt seo, féadfaidh an tÚdarás, an lá bunaithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú, nó féadfar, an lá bunaithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú i gcoinne an Údaráis, ina ainm féin, agus ní gá don Údarás fógra faoin aistriú a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an alt seo.

**46.**—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh an tAire cibé ordacháin bheartais ghinearálta is cuí leis nó léi a thabhairt i scríbhinn don Údarás i ndáil lena fheidhmeanna. Ordacháin bheartais ón Aire don Údarás.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, faoi réir na feidhmeanna a shonraítear in *alt 43(1)* a chomhlíonadh, aon ordachán a thabharfar faoi *fho-alt (1)* a chur i ngníomh.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcumasaítear don Aire aon chumhacht nó rialú a fheidhmiú i ndáil le cásanna aonair nó grúpaí cásanna lena bhfuil an tÚdarás bainteach nó lena bhféadfadh sé a bheith bainteach nó i ndáil leis an Údarás do chomhlíonadh feidhme, in imthosca áirithe, a shanntar dó leis an gCaibidil seo nó fúithi.

(4) Déanfar cóip d'aon ordachán a thabharfaidh an tAire faoi *fho-alt (1)*, mar aon le ráiteas maidir leis na cúiseanna a bheidh leis an ordachán a thabhairt, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* a luaithe is féidir tar éis é a thabhairt.

**47.**—(1) Comhalta amháin ar a laghad ach líon nach mó ná 3 chomhalta a bheidh ar an Údarás. Comhaltaí an Údaráis.

(2) (*a*) An duine a shealbhaíonn post an Bhainisteora Rialaithe Bia Mara sa Roinn, díreach roimh an lá bunaithe, measfar é nó í a bheith ceaptha mar chomhalta den Údarás, le héifeacht ar an agus ón lá bunaithe ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear luach saothair agus socruithe aoisliúntais, a shocróidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(*b*) Beidh an duine dá dtagraítear i *mír (a)* i dteideal iarratas a dhéanamh go ndéanfar é nó í a athcheapadh mar chomhalta.

(*c*) Más rud é, maidir leis an duine—

(i) nach ndéanfar é nó í a athcheapadh mar chomhalta, nó

(ii) go n-éireoidh sé nó sí as oifig nó go gcuirfear as oifig é nó í faoi *fho-alt (10)* ar chúis seachas mar gheall ar mhí-iompar sonraithe,

measfar gurb é an Bainisteoir Rialaithe Bia Mara i bhfostaíocht an Údaráis é, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna maidir le grádú,

luach saothair agus socruithe aoisliúntais a raibh feidhm acu maidir leis díreach sular ceapadh é mar chomhalta den Údarás faoi *fho-alt (2)(a)*.

(3) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhalta den Údarás (seachas mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (2)(a)*).

(4) Ceapfar comhalta den Údarás chun bheith i seilbh oifige i gcáil lánaimseartha ar feadh tréimhse nach giorra ná 3 bliana agus nach faide ná 7 mbliana ar cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear luach saothair, a shocróidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) I gcás go mbeidh níos mó ná comhalta amháin ar an Údarás, ceapfaidh an tAire duine díobh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an Údarás ar cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear luach saothair, a shocróidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, chun bheith i seilbh oifige i gcáil lánaimseartha ar feadh tréimhse nach giorra ná 3 bliana agus nach faide ná 7 mbliana.

(6) I gcás comhionannas vótaí a bheith ann, is ag an gcathaoirleach a bheidh vóta réitigh i gcás go mbeidh cinntí le déanamh ag an Údarás.

(7) I gcás nach mbeidh cathaoirleach an Údaráis ar fáil chun a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí, nó mura mbeidh sé nó sí in ann déanamh amhlaidh, déanfaidh an tAire, comhalta den Údarás a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach gníomhach chun dul i mbun dhualgais an chathaoirligh ar feadh tréimhse sonraithe nach faide ná 12 mhí.

(8) Seachas i gcás an duine a cheapfar faoi *fho-alt (2)(a)*, ní cheapfar duine mar chomhalta den Údarás mura mbeidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tar éis di comórtas a sheoladh thar ceann an Údaráis, tar éis é nó í a roghnú lena cheapadh nó lena ceapadh mar chomhalta.

(9) Seachas i gcás an duine a cheapfar faoi *fho-alt (2)(a)*, beidh comhalta den Údarás, lena n-áirítear an cathaoirleach, a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag le himeacht aimsire, in-athcheaptha chun fónamh ar feadh an dara téarma, ach sin faoi réir teorann gan fónamh ar feadh níos mó ná 14 bliana ar an Údarás.

(10) Maidir le comhalta den Údarás—

(*a*) féadfaidh sé nó sí éirí as a oifig nó a hoifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta a shonrófar sa litir nó ar an dáta a gheofar an litir, cibé acu is déanaí, agus

(*b*) féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire, go mbeidh an comhalta tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte, ar a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach nó mar gheall ar mhí-iompar sonraithe agus cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar ráiteas maidir leis na cúiseanna a bhí leis an gcur as oifig sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(11) Féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina chomhaltas.

(12) Ní shealbhóidh comhalta den Údarás aon oifig nó fostaíocht eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha maidir léi.

(13) Ní dhéanfaidh comhalta den Údarás, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis dó nó di éirí as oifig mar chomhalta den Údarás, nó a bheith curtha as an oifig sin nó scor den oifig sin, aon oifig, sainchomhairleacht nó fostaíocht a ghlacadh, i gcás go bhféadfadh sé nó sí, nó gur dóigh dó nó di, faisnéis a úsáid nó a nochtadh ar de chineál í atá faoi rún nó atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus a bheidh faighte aige nó aici i bhfeidhmiú fheidhmeanna an Údaráis.

(14) D'ainneoin *fho-alt (13)*, ní choiscfear ar dhuine a bhí ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás oifig a shealbhú nó a bheith fostaithe in aon fhostaíocht sa Státseirbhís nó in aon chomhlacht rialaitheach reachtúil nó gníomhú mar shainchomhairleoir don Údarás, don Aire nó d'aon Aire eile den Rialtas ar an mbonn nach mbeidh an tréimhse dá dtagraítear san fho-alt sin dulta in éag.

An Coiste Sainchomhairleach.

**48.**—(1) Déanfaidh an tAire, chun críocha comhchomhairliúchán agus idirchaidrimh leis na hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara agus le leasanna iomchuí eile maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis, comhlacht a bhunú ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an Coiste Sainchomhairleach um Chosaint Iascaigh Mhara nó, sa Bhéarla, *The Sea-Fisheries Protection Consultative Committee* (dá ngairtear "an Coiste Sainchomhairleach" sa Chaibidil seo) agus comhaltaí an Choiste Shainchomhairligh a cheapadh.

(2) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gCoiste Sainchomhairleach—

(*a*) ábhair bhuartha agus tuairimí na n-earnálacha iascaigh mhara agus bia mara maidir le feidhmeanna an Údaráis a chur in iúl don Údarás,

(*b*) féachaint leis na hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara a choimeád ar an eolas i gcoitinne maidir leis an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia infheidhme, agus freisin maidir leis na caighdeáin, na treoirlínte, na cleachtais agus na nósanna imeachta a bheidh á n-oibriú ag an Údarás i ndáil le forfheidhmiú an dlí sin,

(*c*) comhairle a thabhairt don Aire maidir leis an ualach a ghabhann le comhlíonadh an dlí sin ar na hearnálacha iascaigh mhara agus bia mara i gcoitinne a choimeád chomh híseal agus is féidir, ar shlí atá ar comhréir le críocha bunúsacha agus forfheidhmiú éifeachtach an dlí sin,

(*d*) comhairle a thabhairt don Údarás maidir lena thuairimí ar chothroime agus ar chomhsheasmhacht oibríochtaí an Údaráis,

(*e*) soláthar ardchaighdeáin seirbhíse a éileamh ar an Údarás.

(3) Ní bheidh aon fheidhm ag an gCoiste Sainchomhairleach i ndáil le nithe mionsonraithe oibríochta ná le cásanna aonair nó grúpaí cásanna lena bhfuil an tÚdarás bainteach nó lena bhféadfadh sé a bheith bainteach.

(4) Féadfaidh an tAire nó an tÚdarás dul i gcomhairle leis an gCoiste Sainchomhairleach maidir le haon nithe a eascróidh i ndáil le feidhmeanna an Údaráis.

(5) Is é a bheidh ar an gCoiste Sainchomhairleach líon nach mó ná 14 chomhalta, ar a mbeidh—

(*a*) ionadaithe do na hearnálacha seo a leanas:

(i) gabháil iascaireachta mara;

(ii) gariascaireacht;

(iii) próiseáil bia mara;

(iv) dobharshaothrú;

agus

(*b*) daoine eile a bhfuil saineolas nó taithí áirithe acu i ndáil le cúrsaí mara (lena n-airítear an mhuirthimpeallacht agus taighde mara) atá iomchuí maidir le feidhmeanna an Údaráis.

(6) Féadfaidh comhalta éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as an dáta a bheidh sonraithe san fhógra nó an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra, cibé acu is déanaí.

(7) Féadfaidh an Coiste Sainchomhairleach gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina chomhaltas.

(8) Féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun corrfholúntas a líonadh a eascróidh i gcomhaltas an Choiste Shainchomhairligh de dheasca comhalta d'fháil bháis, d'éirí as nó a bheith curtha as oifig agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas.

(9) Cinnteoidh an tAire, a mhéid is indéanta, le linn comhaltaí den Choiste Sainchomhairleach a cheapadh, go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i gcomhdhéanamh an Choiste Shainchomhairligh.

(10) Ceapfaidh an tAire cathaoirleach agus leaschathaoirleach an Choiste Shainchomhairligh as measc chomhaltaí an Choiste Shainchomhairligh ar feadh cibé tréimhse a shonrófar sa cheapachán agus féadfaidh sé nó sí cathaoirleach agus leaschathaoirleach a athcheapadh ar feadh tréimhse breise sonraithe nó tréimhsí breise sonraithe. Scoirfidh an cathaoirleach nó an leaschathaoirleach de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach nó ina leaschathaoirleach ar é nó í do scor de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Sainchomhairleach.

(11) Féadfaidh an tAire comhalta den Choiste Sainchomhairleach a chur as oifig sna himthosca seo a leanas—

(*a*) más rud é, i dtuairim an Aire, go mbeidh an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Sainchomhairleach,

(*b*) mar gheall ar mhí-iompar sonraithe,

(*c*) i gcás duine arna cheapadh nó arna ceapadh chun ionadaíocht a dhéanamh d'earnáil dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (5)*, más rud é nach ionadaí an duine a thuilleadh, nó

(*d*) más rud é gur dealraitheach don Aire gur gá nó gurb inmhianaithe an comhalta a chur as oifig chun go ndéanfaidh an Coiste Sainchomhairleach a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

(12) Déanfaidh an Coiste Sainchomhairleach a ghnó a shocrú mar is cuí leis.

(13) Íocfaidh an tÚdarás le comhaltaí den Choiste Sainchomhairleach cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, ó am go ham.

(14) Soláthróidh an tÚdarás gach saoráid agus seirbhís réasúnach a theastóidh ón gCoiste Sainchomhairleach chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Nósanna imeachta gearán.

**49.**—(1) Déanfaidh an tÚdarás duine amháin is duine seachtrach maidir leis an Údarás, nó daoine is daoine seachtracha maidir leis an Údarás, ("Oifigeach Gearán") a cheapadh—

(*a*) chun breithniú cuí a dhéanamh, agus

(*b*) chun tuarascáil a thabhairt don Údarás,

ar aon ghearán arna dhéanamh go cuí ag duine den phobal, nó thar ceann duine den phobal, faoin alt seo, i ndáil le forfheidhmiú an dlí iascaigh mhara nó an dlí sábháilteachta bia.

(2) Tabharfaidh an tÚdarás aird ar thuarascáil an Oifigigh Gearán faoi *fho-alt (1)* agus cuirfidh sé a chinneadh i dtaobh an ní in iúl don ghearánach agus don Oifigeach Gearán.

(3) Ní dhéanfar gearán a bhreithniú faoin alt seo—

(*a*) má bhaineann sé le haon ní is ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile,

(*b*) más ábhar gearáin chuig an Ombudsman é nó más ábhar achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise é, nó

(*c*) mura ndéanfar é chuig Oifigeach Gearán laistigh de 28 lá tar éis d'ábhar an ghearáin eascairt.

Foireann an Údaráis.

**50.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí dá fhoireann a mheasfaidh sé is gá chun cuidiú leis i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(2) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, téarmaí agus coinníollacha daoine a cheapfar faoi *fho-alt (1)*, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha maidir le luach saothair agus grádú, a chinneadh.

(3) Féadfaidh an tÚdarás cibé feidhmeanna dá chuid is cuí leis a chomhlíonadh trí aon chomhalta dá fhoireann (lena n-áirítear aon duine a bheidh curtha ar fáil dó faoi *alt 61(1)*).

Oifigigh chosanta iascaigh mhara.

**51.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás comhaltaí d'fhoireann an Údaráis a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh chosanta iascaigh mhara chun an dlí iascaigh mhara agus an dlí sábháilteachta bia a fhorfheidhmiú ar feadh cibé tréimhse is cuí leis.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, le comhaontú aon chomhlachta arna bhunú le reacht nó faoi reacht, a údarú do dhaoine is oifigigh den chomhlacht sin—

(*a*) cibé feidhmeanna de chuid oifigigh cosanta iascaigh mhara faoin dlí iascaigh mhara agus faoin dlí sábháilteachta bia a chomhlíonadh, nó

(*b*) cuidiú le hoifigeach cosanta iascaigh mhara i bhfeidhmiú cibé feidhmeanna,

ar feadh cibé tréimhse agus i cibé imthosca nó limistéar, go feadh cibé méid agus faoi réir cibé coinníollacha, a shonróidh sé san údarú.

Foireann a aistriú ón Aire chuig an Údarás.

**52.**—(1) Ainmneoidh an tAire oifigigh don Aire is oifigigh chosanta iascaigh mhara díreach roimh an lá bunaithe lena n-aistriú chuig an Údarás ar an lá bunaithe.

(2) Féadfaidh an tAire cibé oifigigh eile agus cibé líon oifigeach eile dá chuid nó dá cuid a ainmniú lena n-aistriú chuig an Údarás.

(3) Meastar an fhoireann a aistrítear de réir *fho-alt (1)* nó *(2)* a bheith i bhfostaíocht an Údaráis.

(4) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon oifigeach don Aire a aistreofar chuig foireann an Údaráis faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, ní lú an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear na téarmaí agus coinníollacha sin a bhaineann le seilbh oifige) a mbeidh sé nó sí faoina réir, le linn dó nó di a bheith i seirbhís an Údaráis, ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige nó na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh é nó í a aistriú.

(5) I ndáil le daoine a aistrítear de réir *fho-alt (1)* nó *(2)* chuig foireann an Údaráis, beidh seirbhís roimh ré sa Státseirbhís ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh atá iontu—

(*a*) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003,

(*b*) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005,

(*c*) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2005,

(*d*) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001,

(*e*) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997,

(*f*) an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998,

(*g*) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001,

(*h*) An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, agus

(*i*) An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003.

Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

**53.**—Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sé is gá chun cuidiú leis i gcomhall a fheidhmeanna agus is cuid de chaiteachais an Údaráis aon táillí a bheidh

dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a bheidh fostaithe faoin alt seo.

**54.—**Ní bheidh aon ábhar caingne ná ábhar imeachtaí eile ann, ná ní bheidh an céanna inchoimeádta ar aghaidh (ach amháin i gcás faillí nó mainneachtana de chineál toiliúil)— Slánaíocht.

(*a*) i gcoinne comhalta den Údarás nó comhalta d'fhoireann an Údaráis,

(*b*) i gcoinne duine a bheidh údaraithe ag an Údarás faoi *alt 51(2)(a)*,

(*c*) i gcoinne duine a bheidh fostaithe ag an Údarás faoi *alt 53*, nó

(*d*) i gcoinne duine a bheidh curtha ar fáil don Údarás faoi *alt 61*,

ag eascairt as mainneachtain aon cheann de na feidhmeanna a thugtar don Údarás nó de na hoibleagáidí a fhorchuirtear air, leis an gCaibidil seo nó faoi, a chomhlíonadh nó déanamh dá réir.

**55.—**(1) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás— Comhaltas de Theach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa agus d'údaráis áitiúla.

(*a*) go nglacfaidh sé nó sí le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa,

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó

(*d*) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás.

(2) Más rud é, maidir le comhalta d'fhoireann an Údaráis—

(*a*) go nglacfaidh sé nó sí le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht óna fhostaíocht nó óna fostaíocht leis an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar amhlaidh é nó í, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Aon duine a bheidh, de thuras na huaire, i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sí nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

(4) Aon duine is comhalta d'údarás áitiúil, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás fad a bheidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil sin.

(5) Ní dhéanfaidh an tÚdarás duine a bheadh dícháilithe thairis sin faoin alt seo chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás a fhostú nó a áirithiú ar shlí eile in aon cháil fad a bheadh an duine sin dícháilithe amhlaidh.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, forléireofar an fo-alt sin mar ní lena dtoirmisctear, i measc nithe eile, tréimhse a luaitear san fho-alt sin a ríomh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochar aoisliúntais.

Cód Iompair.

**56.**—Déanfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Airgeadais, cód iompair a tharraingt suas i leith rialuithe ar leasanna agus ar iompar eiticiúil, is cód a mbeidh feidhm aige maidir leis na comhaltaí go léir den Údarás agus na comhaltaí go léir d'fhoireann an Údaráis.

Leasanna a nochtadh.

**57.**—(1) I gcás leas tairbhiúil in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú ag an Údarás, a bheith ag comhalta den Údarás, ag comhalta d'fhoireann an Údaráis nó ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile a bheidh fostaithe ag an Údarás—

(*a*) nochtfaidh sé nó sí don Údarás agus, i gcás nochtadh ag comhalta den Údarás nuair nach bhfuil ann ach aon chomhalta amháin, nochtfaidh an comhalta sin don Aire, cineál an leasa atá aige nó aici, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní,

(*b*) ní dhéanfaidh sé nó sí tionchar a imirt, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní,

(*c*) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú ar an ní, mura mbeidh cúiseanna dosháraithe ann á cheangal air nó uirthi déanamh amhlaidh,

(*d*) más comhalta den Údarás é nó í, tarraingeoidh sé nó sí siar ó chruinniú den Údarás fad a bheidh an ní á phlé nó á bhreithniú ag an Údarás, agus mura mbeidh cúiseanna dosháraithe ann á cheangal air nó uirthi déanamh amhlaidh, ní vótálfaidh sé nó sí ná ní ghníomhóidh sé nó sí thairis sin i ndáil leis an ní, agus

(*e*) déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna dosháraithe sin a dúradh a ullmhú agus a thabhairt roimh ré don Údarás nó don Aire, de réir mar is cuí.

(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—

(*a*) gur comhalta de ghnóthas nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní, nó atá ábhartha i leith ní, dá dtagraítear san fho-alt sin, an duine nó aon ghaol bainteach, nó aon

ainmnitheach dá chuid nó dá cuid nó de chuid aon ghaoil bhaintigh,

(*b*) go bhfuil sé nó sí nó aon ghaol bainteach i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní, nó atá ábhartha i leith ní, den sórt sin,

(*c*) gur páirtí é nó í nó aon ghaol bainteach in aon socrú nó aon chomhaontú (cibé acu atá nó nach bhfuil sé infhorfheidhmithe) i ndáil le talamh lena mbaineann ní den sórt sin, nó

(*d*) go bhfuil leas tairbhiúil i ní, nó atá ábhartha i leith ní, den sórt sin ag aon ghaol bainteach.

(3) I *bhfo-alt (2)*, ciallaíonn "gaol bainteach", i ndáil le duine lena mbaineann an fo-alt seo, céile nó páirtnéir, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr nó leanbh an duine nó leanbh de chuid céile nó páirtnéara.

(4) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin leas a bheith aige nó aici nó ag aon ghnóthas nó ag aon chomhlacht eile nó duine eile a luaitear i *bhfo-alt (2)* ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreodh sé tionchar ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní sin a chomhlíonadh.

(5) I gcás go n-eascróidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh duine é, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, is é an tÚdarás a chinnfidh an cheist nó, i gcás nach bhfuil ach comhalta amháin den Údarás ann, i gcás an chomhalta sin, is é nó is í an tAire a chinnfidh an cheist.

(6) Déanfaidh an t-Údarás sonraí an chinnidh faoi *fho-alt (5)* a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann nó taifeadfaidh an tAire iad trí litir a bheidh dírithe chuig an Údarás.

(7) I gcás go ndéanfar nochtadh don Údarás nó don Aire de bhun *fho-alt (1)*, taifeadfar sonraí an nochta i miontuairiscí aon chruinnithe lena mbaineann nó taifeadfaidh an tAire iad trí litir a bheidh dírithe chuig an Údarás.

(8) I gcás go mainneoidh duine dá dtagraítear san alt seo, seachas comhalta den Údarás, nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, tabharfaidh an tÚdarás breith maidir leis an mbeart cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

(9) I gcás go mainneoidh comhalta den Údarás nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, tabharfaidh an tAire breith maidir leis an mbeart cuí (lena n-áirítear cur as oifig) a bheidh le déanamh.

Faisnéis faoi rún a nochtadh.

**58.**—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí, ní nochtfaidh duine faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh mar chomhalta den Údarás, mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis nó mar shainchomhairleoir, mar chomhairleoir nó mar dhuine eile a bheidh fostaithe ag an Údarás mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí déanamh amhlaidh.

(2) San alt seo, ciallaíonn "údaraithe go cuí" údaraithe ag an Údarás, nó ag duine éigin a bheidh údaraithe chuige sin ag an Údarás, chun críocha an ailt seo.

(3) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) (*a*) San alt seo, ciallaíonn "faisnéis faoi rún" faisnéis a mbeidh sé ráite ina leith ag an Údarás í a bheith faoi rún maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe.

(*b*) Le linn dó a rá go bhfuil faisnéis faoi rún, tabharfaidh an tÚdarás aird ar an riachtanas atá ann faisnéis is de chineál atá faoi rún ó thaobh na tráchtála de a chosaint.

(5) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (1)* faisnéis a nochtadh i dtuarascáil arna tabhairt ag an Údarás, nó thar ceann an Údaráis, don Aire.

(6) Leasaítear an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 i ndeireadh Chuid I—

(*a*) trí "*An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*" a chur isteach i gcolún (2), agus

(*b*) trí "*Alt 58*" a chur isteach i gcolún (3).

Aoisliúntas chomhaltaí an Údaráis.

**59.**—(1) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhalta den Údarás, nó i leith comhalta den Údarás, a scoirfidh d'oifig a shealbhú.

(2) Socrófar le gach scéim a dhéanfar faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh lena leasófar nó lena gcúlghairfear scéim faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Má eascraíonn aon díospóid maidir le héileamh comhalta den Údarás ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéime faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chuig an Aire Airgeadais le cinneadh a dhéanamh uirthi.

(5) Déanfaidh an tAire scéim faoin alt seo a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(6) Ní dheonóidh an tAire aon sochar aoisliúntais d'aon chomhalta den Údarás, nó i leith aon chomhalta den Údarás, a scoirfidh d'oifig a shealbhú seachas de réir scéime faoin alt seo nó ar cibé slí eile a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(7) Déanfaidh an tAire scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh

an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

Aoisliúntas fhoireann an Údaráis.

**60.**—(1) Déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé comhaltaí d'fhoireann an Údaráis is cuí leis, nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Socrófar le gach scéim a dhéanfar faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo, nó ina leith, faoin scéim agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfar, le toiliú an Aire Airgeadais, gach scéim arna déanamh faoi *fho-alt (1)* a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoi *fho-alt (1)*.

(4) Maidir le scéim arna déanamh faoi *fho-alt (1)* agus arna cur faoi bhráid an Aire ag an Údarás, déanfaidh an tÚdarás í a chur i gcrích de réir a téarmaí má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Ní dheonóidh an tÚdarás aon sochair aoisliúntais, ná ní dhéanfaidh an tÚdarás aon socruithe eile chun sochar den sórt sin a sholáthar, do chomhalta d'fhoireann an Údaráis nó ina leith, ar shlí seachas de réir scéime faoi *fho-alt (1)* nó ar shlí eile a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(6) Má eascraíonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéime nó scéimeanna faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chuig an Aire Airgeadais le cinneadh a dhéanamh uirthi.

(7) Déanfaidh an tÚdarás scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(8) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna faoin alt seo do dhaoine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina n-oifigigh don Aire agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu díreach roimh an lá sin.

(9) Más rud é, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine a aistríodh chuig foireann an Údaráis faoi *alt 52*, nó ina leith, déanfaidh an tÚdarás an sochar a ríomh de réir cibé scéim, nó cibé achtacháin i ndáil le haoisliúntas, ag a raibh feidhm maidir leis an duine díreach roimh an lá bunaithe agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin nó a seirbhís inphinsin leis an Údarás a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin agus íocfaidh an tÚdarás an sochar aoisliúntais sin.

Acmhainní a chuirfidh an tAire ar fáil don Údarás.

**61.**—(1) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh a bheith déanta ag an Údarás, cibé foireann, áitreabh, trealamh, seirbhísí agus acmhainní eile a

chinnfidh an tAire ó am go ham i gcomhairle leis an Aire Airgeadais a chur ar fáil don Údarás.

(2) Ar iarraidh a fháil ón Aire, íocfaidh an tÚdarás leis an Aire cibé suim nó suimeanna a sonróidh an tAire gurb iad na caiteachais iad a thabhaigh an tAire le linn dó nó di an fhoireann, an t-áitreabh, an trealamh, na seirbhísí agus na hacmhainní eile sin a chur ar fáil don Údarás faoi *fho-alt (1)*.

Deontais don Údarás.

**62.**—(1) I ngach bliain airgeadais, íocfar leis an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas deontas de cibé méid a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás i ndáil leis an gclár oibre agus leis an gcaiteachas is dóigh a bheidh aige don bhliain airgeadais (agus tar éis aon acmhainní eile, lena n-áirítear airgead a bheidh ar fáil ag an Údarás, a chur i gcuntas) faoi chomhair chaiteachais an Údaráis le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

(2) Le linn dó nó di an deontas is iníoctha leis an Údarás faoi *fho-alt (1)* a chinneadh, tabharfaidh an tAire aird ar oibleagáidí an Stáit faoin gcomhbheartas iascaigh nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta eile a mhéid a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh go cuí.

Táillí.

**63.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, d'fhonn na caiteachais a íoc a thabhóidh an tÚdarás go cuí le linn a fheidhmeanna faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh go cuí, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh lena bhforchuirfear táillí a bheidh le híoc ag cibé aicmí daoine a shonróidh an tÚdarás sna rialacháin.

(2) Féadfar, le rialacháin faoi *fho-alt (1)*, foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na rátaí táille is iníoctha,

(*b*) daoine a bheidh faoi dhliteanas táillí a íoc do choimeád taifead agus do dhéanamh tuairisceán,

(*c*) táillí a bhailiú agus a ghnóthú, agus

(*d*) cibé nithe eile a bheidh riachtanach nó teagmhasach i ndáil le híoc táillí a thabhairt i gcrích.

(3) Beidh táillí iníoctha leis an Údarás cibé tráth agus de réir cibé rátaí a fhorordófar i rialacháin a dhéanfaidh an tÚdarás faoi *fho-alt (1)* agus féadfar rátaí éagsúla a fhorordú i leith aicmí éagsúla daoine a bheidh faoi dhliteanas táillí a íoc.

(4) Maidir le táillí is iníoctha faoi na rialacháin a luaitear i *Sceideal 3*, beidh siad, an lá bunaithe, iníoctha leis an Údarás agus féadfar iad a athrú le rialacháin faoin alt seo.

(5) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a ordú don Údarás cibé suim a shonróidh sé nó sí a íoc isteach sa Phríomh-Chiste nó a thoradh fáis, ar suim í is ionann agus an méid ar mó an t-ioncam comhiomlán a gheobhaidh an tÚdarás i ngach bliain airgeadais ná an caiteachas comhiomlán a thabhófar le linn a oifig a riaradh an bhliain sin.

(6) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul dó faoin alt seo (lena n-áirítear táillí is iníoctha faoi rialacháin a luaitear i *Sceideal 3*) a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ó aon duine ag a mbeidh sé iníoctha.

(7) Níl feidhm ag an *Public Offices Fees Act,* 1879 maidir le haon táillí is iníoctha faoin alt seo.

Iasachtaí a fháil.

**64.—**Féadfaidh an tÚdarás, d'fhonn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, airgead a fháil ar iasacht (cibé acu ar urrús a shócmhainní nó ar shlí eile), lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, ach ní dhéanfaidh sé amhlaidh gan toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Cuntais agus tuarascáil bhliantúil an Údaráis.

**65.—**(1) Coimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnáth ar an airgead a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.

(2) Déanfaidh an tÚdarás cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad agus, díreach tar éis tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a fháil, déanfar cóip den chuntas ioncaim agus caiteachais, den chlár comhardaithe agus de cibé cuntais eile (más ann) arna gcoimeád de bhun an ailt seo agus a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den chéanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) A luaithe is indéanta, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tabharfaidh an tÚdarás tuarascáil i scríbhinn don Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna an bhliain sin agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 3 mhí tar éis dó nó di í a fháil.

(4) Déanfar na nithe seo a leanas, go háirithe, a chur in iúl sa tuarascáil faoi *fho-alt (3)*—

(*a*) a mhéid a cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis i ngníomh an bhliain sin,

(*b*) an líon gearán a rinneadh faoi *alt 49* an bhliain sin agus breith an Údaráis i ndáil leis na gearáin, agus

(*c*) torthaí aon athbhreithnithe ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis ar éifeachtúlacht costais a chuid oibríochtaí.

(5) Féadfaidh an tAire ordacháin i scríbhinn a thabhairt don Údarás maidir le formáid agus ábhar tuarascála faoi *fho-alt (3)*, ach ní cheanglófar leis na hordacháin sin ar an Údarás mionsonraí a áireamh sa tuarascáil sin a d'fhéadfadh, i dtuairim an Údaráis, dochar a dhéanamh do chomhlíonadh a fheidhmeanna.

(6) Tabharfaidh an tÚdarás don Aire cibé faisnéis a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a iarrfaidh an tAire ar choinníoll nach ndéanfadh an fhaisnéis sin, i dtuairim an Údaráis, dochar do chomhlíonadh a fheidhmeanna.

(7) Is í bliain airgeadais an Údaráis an tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain agus, chun críocha an ailt seo agus *alt 62*, measfar gur bliain airgeadais an tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch an 31 Nollaig dá éis sin.

Ráiteas Straitéise an Údaráis.

**66.**—(1) Déanfaidh an tÚdarás ráiteas straitéise a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire laistigh de 6 mhí tar éis an lae bunaithe agus gach 3 bliana ar a laghad ón dáta a chuirfear an chéad ráiteas faoi bhráid an Aire.

(2) Maidir leis an ráiteas straitéise—

(*a*) is é a bheidh ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an Údaráis, lena n-áirítear úsáid acmhainní an Údaráis,

(*b*) ullmhófar é i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordachán arna n-eisiúint ag an Aire ó am go ham, agus

(*c*) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Údaráis.

(3) Foilseoidh an tÚdarás ráiteas straitéise a bheidh glactha aige agus déanfaidh sé cóip de a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascálacha an Údaráis a fhoilsiú.

**67.**—Faoi réir *alt 65*, féadfaidh an tÚdarás aon tuarascálacha a fhoilsiú maidir le nithe a bhaineann lena fheidhmeanna.

Cuntasacht an Údaráis do Choistí den Oireachtas.

**68.**—(1) Déanfaidh an comhalta den Údarás, nó i gcás go mbeidh níos mó ná comhalta amháin ar an Údarás, déanfaidh cathaoirleach an Údaráis, aon uair a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann orthu, freastal os comhair an Choiste sin agus fianaise a thabhairt dó maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta nó a gceanglaítear iad a thaifeadadh in aon leabhar nó taifead cuntais eile atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a gceanglaítear, le reacht nó faoi reacht, ar an Údarás é a ullmhú,

(*b*) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a acmhainní,

(*c*) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus

(*d*) aon ní a dhéanann difear don Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a), (b)* nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, ó am go ham, agus aon uair a iarrfar air amhlaidh, cuntas ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis a thabhairt do Choiste de chuid aon Tí amháin den Oireachtas nó de chuid dhá Theach an Oireachtais agus tabharfaidh an tÚdarás aird ar aon mholtaí ón gCoiste sin is iomchuí maidir lena fheidhmeanna.

(3) Maidir leis an Údarás, le linn dó a chuid dualgas a chomhall faoin alt seo—

(*a*) ní dhéanfaidh sé ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin,

(*b*) ní dhéanfaidh sé faisnéis a sholáthar a d'fhéadfadh déanamh ciona a éascú, dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol, ná

(*c*) ní chuirfear de cheangal air cuntas a thabhairt do Choiste ar aon ní atá nó a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.

Áitreabh an Údaráis.

**69.**—Féadfaidh an tÚdarás chun áitreabh a chur ar fáil is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, oifigí agus áitribh eile a cheannach, a léasú, a threalmhú agus a chothabháil le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Séala an Údaráis.

**70.**—(1) Soláthróidh an tÚdarás séala dó féin a luaithe is féidir tar éis a bhunaithe.

(2) Déanfar an séala a fhíordheimhniú—

(*a*) le síniú comhalta den Údarás, nó

(*b*) le síniú comhalta d'fhoireann an Údaráis, a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina ionstraim a rinne an tÚdarás agus a bheith séalaithe le séala an Údaráis (a airbheartaíonn a bheith fíordheimhnithe de réir an ailt seo) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan chruthúnas mura suífear a mhalairt.

An tÚdarás dá choimeád féin ar an eolas maidir le nithe áirithe.

**71.**—(1) Coimeádfaidh an tÚdarás é féin ar an eolas maidir le beartais, cuspóirí, rúin agus treoirlínte aon údaráis phoiblí a bhfuil baint, nó a bhféadfadh baint a bheith, ag a fheidhmeanna leis na nithe is cúram don Údarás.

(2) San alt seo, ciallaíonn "údarás poiblí" an tAire, Comhairle agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach agus aon údarás poiblí eile laistigh nó lasmuigh den Stát ag a bhfuil, i dtuairim an Údaráis, feidhmeanna a bhfuil baint, nó a bhféadfadh baint a bheith, acu le nithe is cúram don Údarás.

An tÚdarás do sholáthar seirbhísí.

**72.**—Féadfaidh an tÚdarás seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí foirne) a sholáthar don Aire nó do dhuine eile ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear íocaíocht as na seirbhísí sin) a chomhaontófar agus féadfaidh an tAire nó an duine eile lena mbaineann leas a bhaint as na seirbhísí sin.

Mínithe (*Caibidil 5*).

**73.**—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "dlí sábháilteachta bia"—

(*a*) reachtaíocht bia (de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998) a bhaineann le sábháilteacht agus sláinteachas éisc nó táirgí iascaigh, agus

(*b*) oibleagáidí dlíthiúla an Stáit i ndáil le hiasc nó le táirgí iascaigh a eascraíonn faoi aon dlí d'institiúid de na Comhphobail

Eorpacha nó faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile atá ina cheangal ar an Stát (cibé acu atá nó nach bhfuil an oibleagáid dhlíthiúil sin ina hábhar do rialacháin faoi Acht 1972 nó aon achtachán eile);

tá le "údarás áitiúil" an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn "dlí iascaigh mhara"—

(*a*) *na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006* agus ionstraimí arna ndéanamh ag an Aire faoi na hAchtanna, agus

(*b*) oibleagáidí dlíthiúla an Stáit i ndáil le hiascaigh mhara a eascraíonn faoi aon dlí d'institiúid de na Comhphobail Eorpacha chun éifeacht a thabhairt don chomhbheartas iascaigh nó faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile atá ina cheangal ar an Stát (cibé acu atá nó nach bhfuil an oibleagáid dhlíthiúil sin ina hábhar do rialacháin faoi Acht 1972 nó faoi aon achtachán eile).

## Caibidil 6

*Báid iascaireachta mara a chlárú agus cionta ilghnéitheacha a bhaineann le báid iascaireachta mara*

Clár na mBád Iascaireachta.

**74.—**(1) Leanann Clár na mBád Iascaireachta ar marthain mar Chlár na mBád Iascaireachta ("An Clár") chun críocha an ailt seo agus leanfaidh sé de bheith á chothabháil ag Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaireachta i cibé foirm is cuí leis nó léi (lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm neamhdhoiciméadach eile) agus déanfar é a athbhreithniú nó a leasú de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is gá ó am go ham.

(2) Leanann cláraitheoir bád iascaireachta ar a dtugtar Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaireachta ("Ard-Chláraitheoir") de bheith ann.

(3) Déanfaidh an tAire an tArd-Chláraitheoir a cheapadh agus féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe.

(4) Féadfaidh an tAire Leas-Ard-Chláraitheoir Bád Iascaireachta ("Leas-Ard-Chláraitheoir") a cheapadh, agus an ceapachán sin a fhoirceannadh ar chúiseanna sonraithe, chun gníomhú don Ard-Chláraitheoir nó chun feidhmeanna an Ard-Chláraitheora a chomhlíonadh le linn aon tréimhse asláithreachta ó dhualgas ag an Ard-Chláraitheoir nó le linn don Ard-Chláraitheoir a bheith neamhábalta gníomhú nó de réir mar a ordóidh an tArd-Chláraitheoir ó am go ham. Léifear tagairtí sa Chaibidil seo don Ard-Chláraitheoir mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Leas-Ard-Chláraitheoir.

(5) Is iad na daoine a bheidh i seilbh phost an Ard-Chláraitheora agus phost an Leas-Ard-Chláraitheora, díreach roimh an Acht seo a rith, a bheidh mar an chéad Ard-Chláraitheoir agus mar an chéad Leas-Ard-Chláraitheoir faoin alt seo.

(6) Leanann cláraitheoirí áitiúla bád iascaireachta mara de bheith ann do cibé poirt dá bhforáiltear i Rialacháin 2005, mura bhforáiltear dá mhalairt i rialacháin faoi *alt 76*.

**75.**—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, déanfar gach bád iascaireachta mara Éireannach a thaifeadadh sa Chlár agus déanfar litreoireacht agus uimhriú a chur air de réir rialachán faoi *alt 76* agus de réir aon dlí de chuid an Chomhphobail, nó oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Stát, agus a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

Clárú, litreoireacht agus uimhriú bád iascaireachta mara.

(2) Féadfaidh an tArd-Chláraitheoir, ar mhaithe le toilleadh bád iascaireachta mara Éireannach a bhainistiú go cuí—

(*a*) de réir cheanglais dhlí an Chomhphobail, nó oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Stát, nó

(*b*) de réir aon rialachán faoi *alt 76*,

bád iascaireachta mara a thaifeadadh sa Chlár nó é a bhaint den Chlár.

(3) (*a*) Ní dhéanfar bád iascaireachta mara a thaifeadadh sa Chlár mura mbeidh, an tráth a dhéantar an taifeadadh, ceadúnas báid iascaireachta mara ann i ndáil leis an mbád agus ar ceadúnas é a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire nó, mura mbeidh sé i bhfeidhm amhlaidh, a bheidh le teacht i bhfeidhm ar an mbád a chlárú amhlaidh.

(*b*) Ní dhéanfar long is bád iascaireachta mara a chlárú faoi Acht 1955 mura mbeidh, an tráth a dhéantar an clárú, ceadúnas báid iascaireachta mara ann i ndáil leis an long agus ar ceadúnas é a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire nó, mura mbeidh sé i bhfeidhm amhlaidh, a bheidh le teacht i bhfeidhm ar an long a chlárú amhlaidh.

(4) (*a*) Eiseofar deimhniú cláraitheachta i leith báid a bheidh taifeadta sa Chlár.

(*b*) Iomprófar an deimhniú cláraitheachta ar bord an bháid a n-eiseofar é ina leith.

(*c*) Maidir le deimhniú cláraitheachta arna eisiúint i leith báid áirithe, nó deimhniú arna shíniú ag an Ard-Chláraitheoir nach bhfuil bád a shonraítear sa deimhniú taifeadta sa Chlár, is fianaise leordhóthanach é go bhfuil an bád cláraithe nó nach bhfuil sé cláraithe, de réir mar a bheidh.

(5) (*a*) In aon imeachtaí i gcoinne úinéir nó scipéir aon bháid a bheidh taifeadta sa Chlár nó i gcoinne aon duine a bhaineann leis an mbád sin, nó chun damáistí i leith díobhála nó caillteanais arb é an bád sin ba chúis léi nó leis a ghnóthú, is fianaise an Clár (mura suífear a mhalairt) go raibh an duine a bheidh taifeadta sa Chlár, aon dáta, mar úinéir nó úinéirí an bháid ina úinéir nó ina húinéir nó ina n-úinéirí ar an mbád an dáta sin agus gur bád iascaireachta mara Éireannach an bád.

(*b*) Maidir le *mír (a)*—

(i) ní choisctear léi aon imeachtaí a thionscnamh i gcoinne aon duine nach mbeidh taifeadta amhlaidh agus a mbeidh leas tairbhiúil aige nó aici sa bhád,

(ii) ní dhéanann sí difear do chearta na n-úinéirí eatarthu féin, ná ní dhéanann sí difear do chearta aon úinéara a bheidh taifeadta sa Chlár i gcoinne aon duine nach mbeidh

taifeadta amhlaidh agus a mbeidh leas tairbhiúil aige nó aici sa bhád, ná

(iii) ní dhéanann sí, thairis sin, aon teideal chun aon bháid nó aon leas in aon bhád a thabhairt nó a bhaint nó aon difear don chéanna.

(6) Más rud é go n-úsáidfear bád iascaireachta mara Éireannach le haghaidh iascaireachta mara agus—

(*a*) mura bhfuil sé taifeadta sa Chlár, ach go gceanglaítear é a bheith taifeadta amhlaidh,

(*b*) go bhfuil sé taifeadta sa Chlár, ach nach bhfuil an deimhniú cláraitheachta arna eisiúint i leith an bháid sin (nó cóip den deimhniú sin) ar bord an bháid, nó

(*c*) nach bhfuil litreoireacht agus uimhriú curtha air de réir rialachán faoi *alt 76* agus de réir dhlí an Chomhphobail, nó oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Stát, agus is infheidhme maidir le litreoireacht agus uimhriú a chur ar an mbád sin,

beidh cion déanta ag máistir agus úinéir an bháid araon agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

(7) Más rud é, maidir le bád iascaireachta mara a cheanglaítear a bheith taifeadta sa Chlár, nach mbeidh sé taifeadta amhlaidh, ní bheidh sé i dteideal aon cheann de phribhléidí nó buntáistí báid iascaireachta mara Éireannaigh, ach maidir leis na hoibleagáidí, na dliteanais agus na pionóis go léir i dtaca leis an mbád sin agus le pionósú cionta arna ndéanamh ar bord an bháid, nó a dhéanfaidh aon daoine a bhaineann leis an mbád, agus maidir le dlínse oifigeach cosanta iascaigh mhara nó oifigeach eile agus cúirteanna, is ionann iad amhail is dá mbeadh an bád taifeadta sa Chlár.

(8) Maidir le long a cheanglófaí a bheith cláraithe faoi Acht 1955, murach *fo-alt (3)*, fad nach mbeidh sí cláraithe amhlaidh, beidh feidhm ag alt 18(3) den Acht sin maidir leis an long sin amhail is dá gceanglófaí le halt 18(1) den Acht sin í a bheith cláraithe amhlaidh.

Rialacháin.

**76.—**Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le clárú, litreoireacht agus uimhriú bád iascaireachta mara, d'fhonn—

(*a*) socrú a dhéanamh maidir le córas cláraithe, litreoireachta agus uimhrithe bád iascaireachta mara agus maidir le mionsonraí clárúcháin a chur ar fáil don phobal,

(*b*) na báid nó na haicmí bád a mhíniú a mbeidh feidhm ag na rialacháin nó aon cheann díobh maidir leo agus aon bháid nó aicmí bád a dhíolmhú ó na rialacháin nó ó aon cheann díobh,

(*c*) socrú breise a dhéanamh maidir le cláraitheoirí áitiúla a cheapadh, maidir lena bhfeidhmeanna agus maidir lena gcur as oifig,

(*d*) nósanna imeachta a shonrú le haghaidh iarratais a dhéanamh ar bhád iascaireachta mara a chlárú agus a thaifeadadh sa Chlár,

(*e*) nósanna imeachta agus modhanna a shonrú d'fhonn toisí agus tonnáiste bád iascaireachta mara a chinneadh,

(*f*) nósanna imeachta a shonrú chun bád iascaireachta mara a bhaint den Chlár,

(*g*) cibé socrú a dhéanamh is gá d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid a bhaineann le clárú bád iascaireachta mara, le marcáil agus uimhriú bád iascaireachta mara, le tomhas bád iascaireachta mara agus le tonnáiste agus cumhacht innill bád iascaireachta mara a chinneadh, arb oibleagáid í a fhorchuirtear le dlí an Chomhphobail nó faoi, nó go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Stát,

(*h*) a cheangal (le toiliú an Aire Airgeadais) go n-íocfar cibé táille sula bhféadfar breithniú a dhéanamh ar iarratas ar bhád iascaireachta mara a chlárú nó a bhaint den Chlár, nó

(*i*) socrú a dhéanamh maidir le haon nithe eile is gá maidir le báid iascaireachta mara a chlárú agus báid iascaireachta mara a bhaint den Chlár.

Táillí.

**77.**—(1) Déanfar gach táille a gheobhaidh an Roinn faoi *alt 76* a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

(2) Níl feidhm ag an *Public Offices Fees Act,* 1879 maidir le táille a cheanglaítear faoi *alt 76*.

Rialacháin 2005 do leanúint i bhfeidhm.

**78.**—Maidir le Rialacháin 2005, i gcás go mbeidh siad i ngníomh ar an Acht seo a rith, leanfaidh siad i bhfeidhm amhail is dá mba faoi *alt 76* a rinneadh iad.

Cionta ilghnéitheacha a bhaineann le báid iascaireachta mara.

**79.**—(1) I gcás go bhfaighfear bád iascaireachta mara coigríche laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha gan páipéir oifigiúla lena bhfianófar náisiúntacht an bháid a bheith ar bord, beidh cion déanta ag máistir an bháid.

(2) Má mhainníonn aon bhád iascaireachta mara laistigh de na teorainneacha iascaigh eisiatacha déanamh de réir fhorálacha na rialachán chun imbhuailtí ar muir a chosc, ar forálacha iad a bhaineann le soilse atá le hiompar agus le taispeáint agus a rinneadh faoi alt 418 d'Acht 1894, agus is infheidhme maidir leis an mbád, beidh cion déanta ag máistir agus úinéir an bháid araon.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

Mínithe (*Caibidil 6*).

**80.**—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn "deimhniú cláraitheachta" deimhniú arna shíniú ag an Ard-Chláraitheoir á rá go bhfuil an bád iascaireachta mara Éireannach lena mbaineann sé taifeadta sa Chlár;

ciallaíonn "Rialacháin 2005" na Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta), 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005);

ciallaíonn "ceadúnas báid iascaireachta mara" ceadúnas arna dheonú faoi alt 4 (a cuireadh isteach le *halt 97*) d'Acht 2003.

## CUID 3

### Dlínse Mhuirí (Lena nÁirítear Crios Eacnamaíoch Eisiach agus Teorainneacha Iascaigh Eisiatacha) an Stáit

Mínithe (*Cuid 3*).

**81.—**Sa Chuid seo—

tá le "crios eacnamaíoch eisiach" a bhrí a thugtar dó le *halt 87* nó faoi;

tá le "teorainneacha iascaigh eisiatacha" an bhrí a thugtar dó le *halt 88*;

ciallaíonn "long choigríche" long nach long Éireannach (de réir bhrí alt 9 d'Acht 1955);

tá le "uiscí inmheánacha" an bhrí a thugtar dó le *halt 86*;

ciallaíonn "oileán" limistéar aiceanta talún a bhfuil an t-uisce thart air agus a bhíonn os cionn uisce ar lán mara;

ciallaíonn "ardán díthrá" limistéar aiceanta talún a bhfuil an t-uisce thart air agus a bhíonn os cionn uisce ar díthrá ach a bhíonn faoi uisce ar lán mara;

ciallaíonn "míle farraige" fad nóiméid amháin de stua fadlíne domhanfhaid;

folaíonn "long" gach cineál soithigh a úsáidtear chun loingseoireachta cibé acu i mbarr uisce nó faoi uisce é, is cuma conas a thiomáintear é, agus folaíonn sé freisin muireitleán an fad a bhíonn sé i dteagmháil leis an uisce;

tá le "farraigí teorann" an bhrí a shanntar dó le *halt 82*.

Na farraigí teorann.

**82.—**Is iad farraigí teorann an Stáit an chuid sin den fharraige idir an bhunlíne agus teorainn fhorimeallach na bhfarraigí teorann.

Teorainn fhorimeallach na bhfarraigí teorann.

**83.—**Is í teorainn fhorimeallach na bhfarraigí teorann an líne a bhfuil gach pointe di 12 mhíle farraige ón bpointe is cóngaraí den bhunlíne.

An crios tadhlach.

**84.—**(1) Is é crios tadhlach an Stáit an chuid sin den fharraige nach n-áirítear i bhfarraigí teorann an Stáit agus atá idir an bhunlíne agus teorainn fhorimeallach an chreasa thadhlaigh.

(2) Is í teorainn fhorimeallach an chreasa thadhlaigh an líne a bhfuil gach pointe di 24 mhíle farraige ón bpointe is cóngaraí den bhunlíne.

(3) Féadfaidh an Stát cibé cearta agus dualgais dá bhforáiltear sa dlí idirnáisiúnta a fheidhmiú sa chrios tadhlach.

An bhunlíne.

**85.—**(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt, is í an bhunlíne an marc díthrá—

(*a*) ar chósta na mórthíre nó aon oileáin, nó

(*b*) ar aon ardán díthrá atá, go hiomlán nó go páirteach, fad nach mó ná 12 mhíle farraige ón mórthír nó ó oileán.

(2) Féadfaidh an Rialtas, le hordú (a fhéadfaidh siad a chúlghairm nó a leasú le hordú) bunlínte díreacha a fhorordú maidir le haon chuid den Stát agus líne dhúnaidh aon bhá nó béil abhann, agus glacfar gurb í an bhunlíne aon líne a fhorordófar amhlaidh.

(3) Más rud é go mbeidh an tOrdú fán Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959 (Bunlínte Díreacha),1959 (I.R. Uimh. 173 de 1959) i ngníomh ar dháta rite an Achta seo, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh é.

**86.**—Sínfidh uiscí inmheánacha nó uiscí intíre an Stáit chuig na limistéir farraige go léir ar thaobh na talún de bhunlíne na bhfarraigí teorann agus beidh na limistéir farraige sin go léir faoi réir dhlínse an Stáit an oiread céanna ar gach slí lena phoirt agus a chuanta, a bhánna, a lochanna agus a aibhneacha, faoi réir aon chirt gluaiseachta neamhchoirí do longa coigríche sna limistéir farraige sin ar áiríodh roimhe sin iad mar chuid de na farraigí teorann nó den mhórmhuir. Na huiscí inmheánacha.

**87.**—(1) Is é crios eacnamaíoch eisiach an Stáit an limistéar atá lastall de na farraigí teorann agus tadhlach leo faoi réir an chórais dhlíthiúil shonraigh a bunaíodh i gCuid V de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ("an Coinbhinsiún") a rinneadh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982, a bhfuil an téacs di, sa Bhéarla, leagtha amach mar áis tagartha i *Sceideal 2*. Crios eacnamaíoch eisiach an Stáit.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, is í teorainn fhorimeallach an chreasa eacnamaíoch eisiach an líne a bhfuil gach pointe di fad 200 míle farraige ón bpointe is cóngaraí den bhunlíne.

(3) I gcás nach féidir teorainn fhorimeallach an chreasa eacnamaíoch eisiach a shonraítear i *bhfo-alt (2*) a chur chun feidhme mar gheall ar chrios muirí dá samhail de chuid stáit eile a bheith i ngaireacht di, is í teorainn an chreasa eacnamaíoch eisiach an líne chomhfhaid chothromasach idir an Stát agus an stát eile. Féadfaidh an Rialtas le hordú (a fhéadfaidh siad a chúlghairm nó a leasú le hordú) comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid na líne comhfhaid cothromasaí cuí, nó na línte comhfhaid cothromasacha cuí, a fhorordú.

(4) Tá ag an Stát sa chrios eacnamaíoch eisiach—

(*a*) cearta ceannasacha chun acmhainní nádúrtha, beo nó neamhbheo, na n-uiscí os cionn an ghrinnill agus de chuid an ghrinnill agus a fho-ithreach a thaiscéaladh agus a shaothrú, a chaomhnú agus a bhainistiú agus, maidir le gníomhaíochtaí eile le haghaidh shaothrú agus thaiscéaladh eacnamaíoch an chreasa, amhail fuinneamh a tháirgeadh as an uisce, na feachtanna agus na gaotha,

(*b*) dlínse de réir mar a fhoráiltear sna forálacha iomchuí den Choinbhinsiún maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) bunú agus úsáid oileán saorga, suiteálacha agus déanmhas,

(ii) taighde eolaíochta mara, agus

(iii) cosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta,

agus

(*c*) cearta agus dualgais eile dá bhforáiltear sa dlí idirnáisiúnta.

**88.**—Chun críocha *Chuid 2*, is éard iad teorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit na farraigí go léir atá laistigh de theorainn fhorimeallach an chreasa eacnamaíoch eisiach. Teorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit.

**89.**—(1) Gach cion a dhéanfar laistigh de na farraigí teorann nó de na huiscí inmheánacha is cion laistigh de dhlínse an Stáit é agus féadfaidh cúirt dlínse inniúla déileáil leis cé gur ar bord loinge coigríche nó le long choigríche a rinneadh é agus féadfar duine a dhéanfaidh an cion sin a ghabháil, a thriail agus a phionósú dá réir sin. Dlínse i gcás ciona.

(2) D'fhonn aon duine a chúiseofar i gcion a dhearbhaítear leis an alt seo a bheith laistigh de dhlínse an Stáit a ghabháil, measfar na farraigí teorann agus na huiscí inmheánacha a bheith laistigh de dhlínse aon chúirte nó breithimh ag a bhfuil cumhacht sa Stát barántais a eisiúint chun daoine a bheidh cúisithe i gcionta a rinneadh laistigh de dhlínse na cúirte nó an bhreithimh sin a ghabháil.

Neamhnáisiúnach a ionchúiseamh i leith ciona a rinneadh ar long choigríche.

**90.**—(1) Ní dhéanfar imeachtaí (seachas teistíochtaí a ghlacadh) chun neamhnáisiúnach a ionchúiseamh i leith ciona a líomhnófar a rinneadh sna farraigí teorann ar bord loinge coigríche nó le long choigríche a thionscnamh gan deimhniú ón Aire Gnóthaí Eachtracha á dheimhniú gur fóirsteanach, ina thuairim nó ina tuairim, na himeachtaí a thionscnamh.

(2) Níl feidhm ag an alt seo maidir le cion faoi na Achtanna seo a leanas—

(*a*) na *hAchtanna um Dhumpáil ar Farraige, 1996 go 2006*,

(*b*) an tAcht um Shlándáil Mhuirí, 2004,

(*c*) na *hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*, ná

(*d*) na hAchtanna um Thruailliú na Farraige, 1991 go 1999.

Cosaint maidir le dlínse.

**91.**—Ní léifear aon ní sa Chuid seo mar mhaolú ar aon dlínse a theachtann an Stát faoin dlí idirnáisiúnta nó a thugtar dó le dlí an Chomhphobail, nó mar ní a dhéanann difear nó dochar don dlínse sin nó d'aon dlínse a thugtar dó le haon achtachán eile nó atá ann faoi láthair de réir dlí.

Fianaise i dtaobh fhairsinge na n-uiscí inmheánacha, na bhfarraigí teorann, an chreasa eacnamaíoch eisiach agus na dteorainneacha iascaigh eisiatacha.

**92.**—(1) Féadfaidh an Rialtas, le hordú (a fhéadfaidh siad a chúlghairm nó a leasú le hordú) na cairteacha a fhorordú a fhéadfar a úsáid chun go ndéanfar an marc díthrá a shuíomh, nó a shuíomh go bhfuil aon ardán díthrá ann agus a ionad a shuíomh, nó aon ní eile a shuíomh i ndáil leis na huiscí inmheánacha, leis na farraigí teorann, leis an gcrios eacnamaíoch eisiach nó leis na teorainneacha iascaigh eisiatacha, agus aon chairt a airbheartóidh gur cóip í de chairt ar de chineál nó de thuairisc a bheidh forordaithe amhlaidh, glacfar í i bhfianaise, mura gcruthófar a mhalairt, mar chairt fhorordaithe gan a thuilleadh cruthúnais.

(2) Más rud é go mbeidh an tOrdú fán Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959 (Cairteacha), 1959 (S.I. Uimh. 174 de 1959) i ngníomh ar an Acht seo a rith, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh é.

Achtacháin a oiriúnú.

**93.**—(1) Déanfar tagairtí in aon achtachán do limistéir farraige agus d'uiscí laistigh de 3 mhíle, de 3 mhíle farraige, nó de léig den chósta nó den chladach agus abairtí gaolmhara a fhorléiriú mar thagairtí do limistéir farraige agus d'uiscí laistigh de theorainn fhorimeallach na bhfarraigí teorann.

(2) Chun críocha aon achtacháin eile, glacfar leis gurb éard iad na farraigí teorann an limistéar farraige lena mbaineann *alt 82*.

(3) Leasaítear alt 2 den Acht um Fhiadhúlra, 1976, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "farraigí teorann an Stáit":

"ciallaíonn 'farraigí teorann an Stáit' an pháirt sin den fharraige a mhínítear le *halt 82* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006* mar fharraigí teorann an Stáit;".

(4) Leasaítear alt 3 den Acht um Thruailliú na Farraige, 1991 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2A) (a cuireadh isteach le halt 13 den Acht um Thruailliú na Farraige (Leasú), 1999):

"(2A) Folaíonn tagairt san Acht seo don Stát—

(*a*) tagairt d'uiscí intíre an Stáit,

(*b*) tagairt d'fharraigí teorann an Stáit agus don ghrinneall agus don fho-ithir faoi na farraigí sin, agus

(*c*) tagairt do chrios eacnamaíoch eisiach an Stáit (de réir bhrí *alt 87* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*).".

(5) Leasaítear alt 117 d'Acht na bPaitinní, 1992 trí "le *halt 86* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*" a chur in ionad "le halt 5 den Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959".

(6) Leasaítear alt 36(4) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 trí "ag *alt 90* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*" a chur in ionad "ag alt 11 den Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959".

(7) Leasaítear alt 1 den Acht um Thruailliú na Farraige (Leasú), 1999 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Folaíonn tagairt san Acht seo don Stát—

(*a*) tagairt d'uiscí intíre an Stáit,

(*b*) tagairt d'fharraigí teorann an Stáit agus don ghrinneall agus don fho-ithir faoi na farraigí sin, agus

(*c*) tagairt do chrios eacnamaíoch eisiach an Stáit (de réir bhrí *alt 87* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*).".

(8) Leasaítear ailt 185 agus 290 araon den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, i mír (*a*)(ii), trí "le *halt 86* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*" a chur in ionad "le halt 5 den Acht um Dhlínse Mhuirí, 1959".

(9) Leasaítear alt 2 den Acht um Thruailliú na Farraige (Substaintí Guaiseacha) (Cúiteamh), 2005 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Folaíonn tagairt san Acht seo don Stát—

(*a*) tagairt d'uiscí intíre an Stáit,

(*b*) tagairt d'fharraigí teorann an Stáit agus don ghrinneall agus don fho-ithir faoi na farraigí sin, agus

(*c*) tagairt do chrios eacnamaíoch eisiach an Stáit (de réir bhrí *alt 87* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*).".

Orduithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**94.**—Gach ordú a dhéanfaidh an Rialtas faoin gCuid seo, leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus (ach amháin i gcás ordaithe a dhéanfar faoi *alt 92(1)*), má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh

an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi.

## CUID 4

## Leasuithe ar na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2003, ar an Acht Loingis Thráchtála, 1955, ar an Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968, ar an Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996 agus ar an Acht um Shábháilteacht Mhuirí, 2005

### Caibidil 1

### *Cionta a Thriail*

Forálacha i ndáil le cásanna sa Chúirt Dúiche.

**95.—**Leasaítear alt 309 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 49 den Acht Iascaigh, 1980):

"(1) D'ainneoin aon ní in aon achtachán eile, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar chomhalta den Gharda Síochána, an Príomh-Bhord, bord réigiúnach, oifigeach nó fostaí do bhord, maor uisce príobháideach (de réir bhrí Chuid XVIII) nó aon duine eile do dhéanamh gearáin de bhriathra béil nó ar shlí eile, cion faoi na *hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2006*, seachas na *hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*, a éisteacht agus a chinneadh go hachomair.".

Cionta achoimre a ionchúiseamh — *Na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2006.*

**96.—**(1) Féadfaidh an tAire imeachtaí mar gheall ar chion faoi na *hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2006* a ionchúiseamh go hachomair.

(2) Níl feidhm ag an alt seo maidir leis na *hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 agus 2006*.

### Caibidil 2

### *Báid iascaireachta mara a cheadúnú agus leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2003*

Ceadúnais bád iascaireachta mara.

**97.—**(1) Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 4 d'Acht 2003:

"4.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon bhád iascaireachta mara Éireannach.

(2) Ní úsáidfear bád iascaireachta mara lena mbaineann an t-alt seo le haghaidh iascaireachta mara (cibé acu laistigh de theorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit nó nach ea) ná ní dhéanfaidh duine ar bord báid den sórt sin iascaireacht ar iasc mara ná féachaint le hiascaireacht a dhéanamh amhlaidh, ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnais ('ceadúnas báid iascaireachta mara') arna dheonú nó arna athnuachan ag an údarás ceadúnúcháin chun críocha an ailt seo agus i ndáil leis an mbád.

(3) (*a*) Féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnais bád iascaireachta mara a dheonú ar feadh cibé tréimhse a shonrófar sa cheadúnas.

(*b*) Maidir le hiarratas ar cheadúnas báid iascaireachta mara—

(i) déanfar é chuig an údarás ceadúnúcháin,

(ii) beidh sé i cibé foirm agus beidh cibé sonraí ann a shonróidh an t-údarás ceadúnúcháin, agus

(iii) déanfaidh úinéir an bháid, nó duine eile thar ceann úinéir an bháid, é is bád arb ina leith a dhéanfar an t-iarratas.

(*c*) I gcás go ndéanfar iarratas ar cheadúnas báid iascaireachta mara, féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin, faoi réir fho-alt (5), an t-iarratas a cheadú nó a dhiúltú.

(*d*) Le linn dó breith a thabhairt maidir le ceadúnas báid iascaireachta mara a dheonú nó a dhiúltú nó maidir le téarmaí agus coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnais, féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin sochair eacnamaíocha agus shóisialta a chur i gcuntas ar sochair iad is dóigh a chuirfeadh oibriú báid ar fáil do na pobail agus na réigiúin cois cósta a bhfuil na cuótaí de réir bhrí Rialachán Uimh. 2371/2002 an 20 Nollaig 2002 ón gComhairle[3] ceaptha leas a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear—

(i) líon bliantúil réamh-mheasta na n-uaireanta a chuirfear iasc i dtír i bpoirt sa Stát,

(ii) tonnáiste agus luach bliantúil réamh-mheasta an éisc a chuirfear i dtír sa Stát,

(iii) an leibhéal bliantúil réamh-mheasta caiteachais sa Stát ar phá, breosla, soláthairtí, trealamh agus seirbhísí, agus

(iv) an leibhéal bliantúil réamh-mheasta íocaíochtaí slándála sóisialaí agus cánach sa Stát maidir le fostaithe agus le hoibriú an bháid, agus cosaint, caomhnú agus saothrú inchothaithe dobharspeiceas muirí beo agus ceanglais de chuid Chomhbheartas Iascaigh na gComhphobal Eorpach.

(4) (*a*) Féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnas báid iascaireachta mara a athnuachan, gan an sealbhóir nó an ceadúnaí do dhéanamh iarratais faoi fho-alt 3(*b*), ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí is cuí leis nó léi.

(*b*) Níl feidhm ag alt 7 den Acht seo maidir le ceadúnas a athnuachan faoi mhír (*a*).

(5) Ní dheonóidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnas báid iascaireachta mara mura mbeidh an bád iascaireachta mara, ar i ndáil leis a dheonófar an ceadúnas, ar úinéireacht go hiomlán ag náisiúnach de Bhallstát nó de stát de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó ag comhlacht corpraithe arna bhunú faoi réim agus faoi réir dlí Ballstáit agus a mbeidh a phríomháit ghnó aige i mBallstát nó i stát de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

(6) I gcás go mbeidh bád iascaireachta mara ar úinéireacht ag comhlacht corpraithe, déanfar ainm, seoladh agus náisiúntacht

[3] IO Uimh. L358, 31.12.2002, lch. 59

úinéir tairbhiúil nó úinéirí tairbhiúla na scaireanna sa chomhlacht corpraithe, nó ainm, seoladh agus náisiúntacht an duine nó na ndaoine a rialaíonn an comhlacht corpraithe thairis sin, a thabhairt don údarás ceadúnúcháin—

(*a*) ar iarratas ar cheadúnas báid iascaireachta mara i leith an bháid a dhéanamh, nó

(*b*) i gcás go bhfuil ceadúnas báid iascaireachta mara i bhfeidhm i leith an bháid, más rud é go bhfuil aon athrú ar an úinéireacht nó ar an rialú sin.

(7) (*a*) Ní mór do chomhlacht corpraithe a dhéanfaidh iarratas ar cheadúnas báid iascaireachta mara, nó a shealbhóidh ceadúnas báid iascaireachta mara, gníomhaire a bheith aige sa Stát agus ainm agus seoladh an ghníomhaire a thabhairt don údarás ceadúnúcháin maille le sonraí maidir leis an údarás ceadúnúcháin do dhéanamh teagmháil, nó maidir le teagmháil a dhéanamh thar ceann an údaráis ceadúnúcháin, aon tráth, leis an ngníomhaire.

(*b*) Féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin, de réir mar a bheidh, diúltú ceadúnas báid iascaireachta mara a dheonú nó é a fhionraí (ar feadh cibé tréimhse is cuí leis nó léi) nó a chúlghairm i gcás go measfaidh sé nó sí nach bhfuil comhlacht corpraithe ag comhlíonadh mhír (*a*) chun sástacht an údaráis.

(8) (*a*) Féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin cibé téarmaí (lena n-áirítear téarmaí lena sonrófar teagmhas nó imthosca eile a mbeidh sé ceaptha don cheadúnas teacht i bhfeidhm nó scor de bheith i bhfeidhm ar é nó iad do tharlú) agus coinníollacha (lena n-áirítear coinníollacha a bheidh le comhlíonadh roimh theacht i ngníomh don cheadúnas) is dóigh leis nó léi is cuí a chur ag gabháil le ceadúnas báid iascaireachta mara agus féadfaidh sé nó sí freisin téarmaí nó coinníollacha breise a chur ag gabháil le ceadúnas den sórt sin nó na téarmaí agus coinníollacha a bheidh ag gabháil leis cheana féin a athrú nó aon téarmaí nó coinníollacha den sórt sin a bhaint de.

(*b*) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (*a*), féadfaidh téarma nó coinníoll a ghabhann le ceadúnas báid iascaireachta mara—

(i) srian a chur leis an mbád lena mbaineann an ceadúnas do dhéanamh iascaireachta mara ar mhodh a bheidh sonraithe sa téarma nó sa choinníoll,

(ii) a cheangal, fad a bheidh an ceadúnas i bhfeidhm, gur de náisiúntacht a bheidh sonraithe sa téarma nó sa choinníoll na comhaltaí d'fhoireann an bháid sin, nó cibé cion de na comhaltaí sin a bheidh sonraithe sa choinníoll, nó

(iii) teagmhas nó imthoisc eile a shonrú a scoirfidh an ceadúnas de bheith i bhfeidhm ar é nó í do tharlú.

(*c*) I gcás gur deimhin leis an údarás ceadúnúcháin go ndearna duine iascaireacht de shárú ar théarma nó ar choinníoll a ghabhann le ceadúnas báid iascaireachta mara nó gur fhéach duine le hiascaireacht a dhéanamh amhlaidh, féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin, más cuí leis nó léi, an ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí (ar feadh cibé tréimhse is cuí leis nó léi).

(9) (*a*) Is coinníoll de cheadúnas báid iascaireachta mara é go gcinnteoidh an ceadúnaí go gcomhlíonfaidh an bád ceadúnaithe ceanglais a shonraítear leis na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2005 nó fúthu.

(*b*) I gcás go gceanglaítear leis na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2005 nó fúthu suirbhé a dhéanamh ar bhád iascaireachta mara chun a shuíomh cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an bád sin na ceanglais a shonraítear leis na hAchtanna sin nó fúthu, ní dhéanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnas báid iascaireachta mara a dheonú nó a athnuachan i leith an bháid mura deimhin leis an údarás ceadúnúcháin go gcomhlíonann an bád na ceanglais sin.

(*c*) I gcás go gceanglaítear le cód cleachtais arna fhoilsiú ag an Aire Iompair, agus a bhaineann le sábháilteacht agus muiracmhainneacht bád iascaireachta mara d'aicme nach mbaineann mír *(b)* léi, go ndéanfar suirbhé ar bhád iascaireachta mara den aicme sin chun a shuíomh cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an bád sin na ceanglais a shonraítear sa chód cleachtais, ní dhéanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnas báid iascaireachta mara a dheonú nó a athnuachan i leith an bháid mura mbeidh dearbhú curtha ar fáil don údarás ceadúnúcháin gur comhlíonadh an cód cleachtais.

(10) (*a*) Déanfaidh an sealbhóir ar cheadúnas báid iascaireachta mara arna fhionraí nó arna chúlghairm faoi fho-alt (7) (*b*) nó (8)(*c*) an ceadúnas a thabhairt suas, a luaithe is indéanta, don údarás ceadúnúcháin.

(*b*) Aon duine a mhainneoidh mír (*a*) den fho-alt seo a chomhlíonadh, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi.

(*c*) I gcás go ndearnadh ceadúnas a fhionraí faoi fho-alt (7) (*b*) nó 8(*c*) féadfaidh an Chúirt Dúiche, ar iarratas a dhéanamh chuici, a ordú don údarás ceadúnúcháin an ceadúnas a atheisiúint agus a chur ar ais nó féadfaidh sí an tréimhse fionraí a laghdú.

(11) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (3)(*c*), i gcás go bhfaighidh an t-údarás ceadúnúcháin iarratas ar cheadúnas báid iascaireachta mara agus—

(*a*) go mbainfidh an t-iarratas le bád iascaireachta mara atá ar úinéireacht ag comhlacht corpraithe agus nach deimhin leis an údarás ceadúnúcháin go bhfuil an comhlacht

corpraithe faoi rialú, ar úinéireacht thairbhiúil, nó faoi rialú agus ar úinéireacht thairbhiúil, ag duine nó ag daoine, ar pearsa aonair cháilithe nó comhlacht cáilithe an duine sin, nó na daoine sin nó, de réir mar is cuí, gach duine de na daoine sin, nó

(*b*) gur deimhin leis an údarás ceadúnúcháin gur úsáid an t-iarratasóir bád iascaireachta mara roimhe seo, nó gur fhéach sé nó sí lena úsáid, le haghaidh iascaireachta mara de shárú ar fho-alt (2), nó go ndearna an t-iarratasóir iascaireacht ar iasc mara, nó gur fhéach sé nó sí le hiascaireacht a dhéanamh amhlaidh, contrártha d'fho-alt (2),

féadfaidh sé nó sí an t-iarratas a dhiúltú.

(12) (*a*) I gcás, maidir le sealbhóir ar cheadúnas báid iascaireachta mara—

(i) go scoirfidh sé nó sí de bheith ina úinéir nó ina húinéir ar an mbád iascaireachta mara lena mbaineann an ceadúnas, nó

(ii) gur comhlacht corpraithe é nó í a scoirfidh de bheith faoi rialú, nó ar úinéireacht thairbhiúil, nó faoi rialú agus ar úinéireacht thairbhiúil, ag duine nó daoine, ar pearsa aonair cháilithe nó comhlacht cáilithe an duine sin nó na daoine sin nó, de réir mar is cuí, gach duine de na daoine sin,

scoirfidh an ceadúnas d'éifeacht a bheith leis agus déanfaidh sealbhóir an cheadúnais, a luaithe is indéanta, an ceadúnas a sheachadadh ar an údarás ceadúnúcháin.

(*b*) Aon duine a mhainneoidh mír *(a)* a chomhlíonadh, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi.

(13) (*a*) Aon duine a úsáidfidh bád iascaireachta mara nó a fhéachfaidh lena úsáid de shárú ar fho-alt (2), beidh cion déanta aige nó aici.

(*b*) Aon duine a dhéanfaidh, fad a bheidh sé nó sí ar bord báid iascaireachta mara, iascaireacht ar iasc mara nó a fhéachfaidh le hiascaireacht a dhéanamh amhlaidh, de shárú ar fho-alt (2), déanann sé nó sí cion.

(14) San alt seo—

ciallaíonn 'bád iascaireachta mara Éireannach' bád iascaireachta mara—

(*a*) atá taifeadta i gClár na mBád Iascaireachta arna chothabháil faoi *alt 74* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006,*

(*b*) a cheanglaítear le rialacháin faoi *alt 76* den Acht sin é a thaifeadadh amhlaidh, nó

(*c*) a bheidh díolmhaithe ón gclárú sin le rialacháin faoin alt sin;

ciallaíonn 'comhlacht cáilithe' comhlacht corpraithe ina bhfuil na scaireanna go léir ar úinéireacht thairbhiúil, nó a bhfuil an comhlacht faoi rialú thairis sin, ag pearsa aonair nó pearsana aonair is pearsa aonair cháilithe, nó ar pearsa aonair cháilithe gach duine acu, de réir mar is cuí;

ciallaíonn 'pearsa aonair cháilithe' duine aonair is náisiúnach de Bhallstát nó de stát de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch;

tá le 'údarás ceadúnúcháin' an bhrí a shanntar dó le halt 3;

ciallaíonn 'Ballstát' Ballstát de na Comhphobail Eorpacha.".

(2) Aon cheadúnas báid iascaireachta mara arna dheonú nó arna athnuachan faoi alt 222B den Phríomh-Acht a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith, leanann sé de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba faoin bhforáil chomhréire d'alt 4 (a cuireadh isteach leis an alt seo) d'Acht 2003 a rinneadh nó a athnuadh é.

Ceanglas maidir le deimhniúchán imréitigh cánach d'iarratasóirí ar cheadúnais bád iascaireachta mara.

**98.**—(1) Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 5 d'Acht 2003:

"5A.—(1) Ní dheonóidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnas báid iascaireachta mara mura dtabharfaidh an t-iarratasóir deimhniú imréitigh cánach ar aird don údarás ceadúnúcháin.

(2) San alt seo, ciallaíonn 'deimhniú imréitigh cánach' deimhniú imréitigh cánach arna eisiúint faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.".

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú. Leagfar an t-ordú sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2003.

**99.**—Leasaítear Acht 2003—

(*a*) in alt 2(1), trí "faoi alt 4(3)" a chur in ionad "faoi alt 222B(3) den Phríomh-Acht",

(*b*) in alt 3—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Féadfar, le treoir bheartais arna tabhairt faoi fho-alt 2(*b*), socrú a dhéanamh maidir le bearta chun toilleadh, déanmhas, trealamh, úsáid agus oibriú bád iascaireachta mara a rialú agus a rialáil d'fhonn dobharspeicis mhara bheo a chosaint nó a chaomhnú nó saothrú inchothaithe dobharspeiceas mara beo a cheadú, nó chun iascaigh a bhainistiú go réasúnach, i dtaca le cuspóirí beartais náisiúnta a chur chun cinn agus chun ceanglais chomhbheartas iascaigh na gComhphobal Eorpach nó oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Stát a chomhlíonadh.",

(ii) i bhfo-alt (6), trí "faoi alt 4" a chur in ionad "faoi alt 222B den Phríomh-Acht",

(iii) i bhfo-alt (9)(*a*), trí "faoi alt 4(3)" a chur in ionad "faoi alt 222B(3) den Phríomh-Acht",

(iv) i bhfo-alt (9)(*b*), trí "faoi alt 4(3)" a chur in ionad "faoi alt 222B(3) (a cuireadh isteach le halt 4)",

(v) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(9A) Ní bheidh an t-údarás ceadúnúcháin faoi dhliteanas in aon imeachtaí i leith aon ní a rinneadh de mheon macánta i bhfeidhmiú airbheartaithe a chumhachtaí nó a cumhachtaí i ndáil le ceadúnais bád iascaireachta mara a dheonú nó a athnuachan nó Clár na mBád Iascaireachta a chothabháil.",

agus

(vi) in alt 3(10), trí "faoi *alt 74* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*" a chur in ionad "faoi Rialachán 5 de na Rialacháin Loingis Cheannaíochta (Clárú, Litreoireacht agus Uimhriú Bád Iascaireachta), 1997 (I.R. Uimh. 294 de 1997)",

(*c*) in alt 5—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*) d'fho-alt (1):

"(*b*) ar údarú faoi alt 13 nó ar cheadúnas, ar údarú nó ar chead faoi aon rialachán arna dhéanamh faoi *alt 14* nó *15* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006* nó faoi alt 25 d'Acht 2003,",

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír *(b)* d'fho-alt (2):

"(*b*) deonú údaraithe faoi alt 13 nó deonú ceadúnais, údaraithe nó ceada faoi aon rialachán arna dhéanamh faoi *alt 14* nó *15* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006* nó faoi alt 25 d'Acht 2003,",

(iii) i bhfo-alt (4), trí "an t-údarás ceadúnúcháin, an tAire nó oifigeach achomhairc" a chur in ionad "an t-údarás ceadúnúcháin nó an tAire", agus

(iv) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) Níl feidhm ag an *Public Offices Fees Act,* 1879 maidir le táille a fhorordófar faoin alt seo.",

(*d*) in alt 6, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Féadfar, le treoir bheartais arna tabhairt faoi fho-alt 3(*b*), socrú a dhéanamh maidir le bearta chun toilleadh, déanmhas, trealamh, úsáid agus oibriú bád iascaireachta mara a rialú agus a rialáil d'fhonn dobharspeicis mhara bheo a chosaint nó a chaomhnú nó saothrú inchothaithe dobharspeiceas mara beo a cheadú nó chun iascaigh a bhainistiú go réasúnach, i

dtaca le cuspóirí beartais náisiúnta a chur chun cinn agus chun ceanglais chomhbheartas iascaigh na gComhphobal Eorpach nó oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Stát a chomhlíonadh.”,

(*e*) in alt 7(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

“(*b*) Ní fhéadfaidh duine seachas an t-iarratasóir nó an sealbhóir ar an gceadúnas lena mbaineann achomharc a dhéanamh faoi mhír (*a*) ach amháin i gcás go ndearna sé nó sí uiríll i scríbhinn chuig an údarás ceadúnúcháin roimh dheireadh tréimhse míosa dar tosach an dáta a d’fhoilsigh an t-údarás ceadúnúcháin an t-iarratas ar an gceadúnas lena mbaineann de réir alt 3(8).”,

(*f*) in alt 9(2)(*a*), trí “alt 4” a chur in ionad “alt 222B den Phríomh-Acht”,

(*g*) in alt 25, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Aon duine a dhéanann iascaireacht, nó a fhéachann le hiascaireacht a dhéanamh, de shárú ar aon rialachán caomhantais, beidh cion déanta aige nó aici.”,

(*h*) in alt 27, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Aon duine a mhainníonn fo-alt (3)(*a*) a chomhlíonadh, beidh cion déanta aige nó aici.”,

(*i*) in alt 29(1), trí “faoi alt a shonraítear i dTábla a ghabhann le *halt 28* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006*” a chur in ionad “faoi alt 221, 222, 222A, 222B, 222C, 223, 223A, 224B, 226 nó 227 den Phríomh-Acht, faoi rialachán caomhantais nó faoi alt 27(5)”,

(*j*) in alt 32, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Níl feidhm ag an *Public Offices Fees Act*, 1879, maidir le táille a fhorordófar faoin alt seo.”,

agus

(*k*) i mír 7(d) de Sceideal 1, trí “faoi alt 4” a chur in ionad “faoi alt 222B den Phríomh-Acht”.

CAIBIDIL 3

*Loingeas Tráchtála*

**100.**—Leasaítear Acht 1955— Leasú ar Acht 1955.

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 16:

“Daoine atá cáilithe chun longa iascaireachta mara cláraithe a bheith ar úinéireacht acu.

16A.—(1) Níl feidhm ag alt 16 den Acht seo maidir le longa iascaireachta mara.

(2) Faoi réir alt 19 den Acht seo maidir le stáit chomharaíochta, is iad seo a leanas amháin a bheidh cáilithe chun long iascaireachta mara

chláraithe nó scair inti a bheith ar úinéireacht acu—

(*a*) an Rialtas,

(*b*) Aire den Rialtas,

(*c*) náisiúnach de Bhallstát, nó

(*d*) comhlacht corpraithe arna bhunú faoi réim agus faoi réir dlí Ballstáit agus a bhfuil a phríomháit ghnó aige i mBallstát.

(3) Déanfar gach long a bhfuil feidhm ag forálacha fho-alt (2) maidir léi a chlárú faoin Acht seo, mura long í atá díolmhaithe faoi alt 18(2) den Acht seo ón oibleagáid maidir le clárú amhlaidh.

(4) San alt seo, ciallaíonn 'Ballstát' Ballstát de na Comhphobail Eorpacha.",

(*b*) in alt 18(2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*d*):

"(*e*) bád iascaireachta mara is lú ná 15 mhéadar ar fad san iomlán agus a cheanglaítear a bheith cláraithe i gClár na mBád Iascaireachta arna chothabháil faoi *alt 74* den *Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006* nó atá díolmhaithe ón gclárú sin le rialacháin faoi *alt 76* den Acht sin."

agus

(*c*) in alt 19—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) D'ainneoin fho-alt (2) den alt seo, féadfaidh an Rialtas a fhoráil le hordú maidir le saoránaigh, géilliúnaigh nó náisiúnaigh stáit a ndearbhaítear faoi fho-alt (1) den alt seo gur stát comharaíochta é nó maidir le comhlachtaí corpraithe a bunaíodh faoi réim agus faoi réir dhlíthe an stáit sin—

(*a*) nach mbeidh siad cáilithe ach chun long chláraithe (nó scair inti), ar d'aicme nó de thuairisc áirithe a bheidh sonraithe san ordú í, a bheith ar úinéireacht acu, nó

(*b*) nach mbeidh siad cáilithe chun long chláraithe (nó scair inti), ar d'aicme nó de thuairisc a bheidh sonraithe amhlaidh í, a bheith ar úinéireacht acu,

agus forléireofar fo-alt (2) den alt seo agus beidh éifeacht leis faoi réir théarmaí an ordaithe.",

agus

(ii) fo-alt (3), trí "faoin alt seo" a chur in ionad "faoi fho-alt (1) den alt seo".

Caibidil 4

*Dobharshaothrú*

Leasuithe ilghnéitheacha ar an Acht Iascaigh (Leasú), 1997 — dobharshaothrú.

**101.—**Leasaítear an tAcht Iascaigh (Leasú), 1997—

(*a*) in alt 6(2)—

(i) trí "€300" a chur in ionad "£200", agus

(ii) trí "€2,000" a chur in ionad "£1,000",

(*b*) in alt 10, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) (a cuireadh isteach le Rialachán 17 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú), 1999 (I.R. Uimh. 93 de 1999)):

"(4) I gcás go gceanglaítear ráiteas tionchair timpeallachta a chur faoi bhráid an Aire faoi rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (3)(*d*) i leith iarratais ar cheadúnas, déanfaidh an tAire, má iarann an t-iarratasóir air nó uirthi, tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis an Aire, tuairim i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir ar an bhfaisnéis a bheidh sa ráiteas, sula gcuirfidh an t-iarratasóir an ráiteas faoi bhráid an Aire.",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19:

"Ceadúnas a athnuachan tar éis dó dul in éag.

19A.—(1) Tá cumhacht an údaráis ceadúnúcháin chun ceadúnas dobharshaothraithe a athnuachan nó a athnuachan tuilleadh faoi alt 19 infheidhmithe d'ainneoin an tréimhse dár deonaíodh nó dár athnuadh an ceadúnas a bheith dulta in éag.

(2) I gcás, sula rithfear *an tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006,* go mbeidh ceadúnas dobharshaothraithe athnuaite nó athnuaite tuilleadh tar éis don tréimhse dár deonaíodh nó dár athnuadh an ceadúnas a bheith dulta in éag, maidir leis an athnuachan sin, beidh sí, agus measfar go raibh sí riamh, chomh bailí agus chomh héifeachtach amhail is dá ndearnadh an ceadúnas a athnuachan nó a athnuachan tuilleadh ar éag don tréimhse atá i gceist.

(3) Más rud é, mar gheall ar an mbailíochtú a shonraítear a bheith déanta le fo-alt (2), go mbeadh an fo-alt sin, murach an fo-alt seo, ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh an bailíochtú faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

(4) Aon cheadúnaí a mbeidh iarratas déanta aige ar cheadúnas dobharshaothraithe a athnuachan nó a athnuachan tuilleadh, beidh sé nó sí, d'ainneoin an tréimhse dár deonaíodh nó dár athnuadh an ceadúnas a bheith dulta in éag, ach faoi réir théarmaí agus coinníollacha an cheadúnais thairis sin, i dteideal leanúint den dobharshaothrú nó de na hoibríochtaí i ndáil le dobharshaothrú a bheidh údaraithe leis an gceadúnas go dtí go dtabharfar an bhreith ar an iarratas sin.",

(*d*) in alt 34, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fo-alt (6):

"(6) I gcás gur deimhin leis an Aire gur mhainnigh comhalta den Bhord fo-alt (1) a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire, más oiriúnach leis nó léi, an comhalta sin a chur as oifig nó cibé beart eile a dhéanamh is cuí leis nó léi agus, i gcás go gcuirtear duine as oifig de bhun an fho-ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe dá éis sin chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(7) I gcás gur deimhin leis an mBord gur mhainnigh duine nach comhalta den Bhord fo-alt (1) a chomhlíonadh, tabharfaidh an Bord breith maidir leis an ngníomh cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.

